



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2021

Clár

| | |
|--|---|
| Eagarfhocal | <i>iv</i> |
| Réamhrá | <i>Neasa Ní Chiaráin 1</i> |
| Iniúchadh ar thionchar an Phiarsaigh ar Mháire agus é ag scríobh <i>Mo Dhá Róisín</i> (1921) | <i>Padaí de Bléine 7</i> |
| Grinnléitheoireacht á meas ag mic léinn ar chúrsaí Gaeilge (BA agus BEd) mar mhodh múinte le bheith ag foghlaim faoin scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge | <i>Seán Mac Corraidh 21</i> |
| Déphearsantacht an Chainteora Dhátheangaigh – An ann di? | <i>Belinda McHale 39</i> |
| Ligeann an Ghaeilge chuici is uaithi ar na meáin shóisialta: Cás-Staidéar ar an suíomh <i>Twitter</i> | <i>Raymona Ní Chonaill 59</i> |
| Lá: a chúlra, a bhunú is a oidhreacht | <i>Dorothy Ní Uigín 73</i> |
| Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais | <i>T.J. Ó Ceallaigh & Christine Ní Chathasaigh 89</i> |
| Báid Mhóna agus Báiníní: Píosa spéisiúil fise ó Chonamara ón mbliain 1932 | <i>Dónal Ó Droighneáin 103</i> |
| In aice le marbh | <i>Keith Dowling 117</i> |
| Léirmheas ar <i>Concise English-Irish Dictionary</i> | <i>Léirmheastóirí: Darragh Mac Giolla Phádraig & Niall Ó Cléirigh 125</i> |
| Léirmheas ar <i>Óráidí a chuaigh i gcion</i> | <i>Léirmheastóirí: Ciarán Mac Uidhir & Máire Uí Dhufaigh 129</i> |
| Léirmheas ar <i>Ar Luch agus ar Dhuine</i> | <i>Léirmheastóirí: Niamh Ní Chuinn & Tadhg Ó Duinnshléibhe 133</i> |
| Gorta, Grá agus Gaisce: Léirmheas ar <i>Fonn A Níos Fiach le Pádraig Ua Maoileoin</i> | <i>Léirmheas le Marie Whelton 137</i> |
| Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí | <i>143</i> |
| Nótaí Beathaisnéise na nÚdar | <i>145</i> |



Eagarfhocal

Is cúis mhór bhróid agus áthais dúinn, Coiste Eagarthóireachta na bliana 2020/21, na mílte agus na múrtha fáilte a chur romhat chuig an naoú heagrán den *Reiviú*, iris acadúil a fhoilsíonn mic léinn an chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar bhonn bliantúil. Cuimsítear réimse leathan ábhar san iris i mbliana, lena n-áirítear pleanáil teanga, teangeolaíocht agus sochttheangeolaíocht, teagasc teangacha, an léann dúchais, cúrsaí cumarsáide agus na meáin Ghaeilge. Anuas air sin, tá léirmheasanna ar réimse leabhar a bhaineann le léann na teanga. Táthar ag súil go mbeidh an t-eagrán seo ina acmhainn luachmhar thaitneamhach do lucht léinn na Gaeilge.

Táimid go mór faoi chomaoin acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair dúinn agus an t-eagrán seo den *Reiviú* á chur in eagar. Táimid fíorbhuíoch den Dr Neasa Ní Chiaráin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as an réamhrá a scríobh.

Chuir féile, díograis agus cineáltas scríbhneoirí na n-alt gliondar orainn mar choiste eagarthóireachta, agus, ar ndóigh, ní bheadh ann don iris gan iad. Táimid fíorbhuíoch díobh as a gcuid saineolais a roinnt go flaithiúil linn. Ba mhaith leis an gCoiste Eagarthóireachta buíochas a ghabháil freisin leis na piarmheasúnóirí as ucht a gcuid oibre, a chuir le hardchaighdeán na hirise.

Táimid buíoch d'Anna Davitt agus d'Fhoras na Gaeilge as an urraíocht fhlaithiúil a chuir siad ar fáil ó bunaíodh *An Reiviú*. Gabhaimid buíochas leis an dearthóir Shannon Reeves a chuireann slacht ar an iris bliain i ndiaidh bliana.

Is mór againn an cúnaimh a fuair muid ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chomh maith. Táimid go mór faoi chomaoin ag an bhfoireann uile. Ba í an Dr Dorothy Ní Uigín bunchloch agus crann taca an tsaothair agus b'iontach an chúis mhisnigh agus mhuinéine dúinn an treoir fhoighneach a roinn sí go flaithiúil linn. Go raibh míle maith agat, a Dorothy.

Bliain eisceachtúil a bhí ann, agus ní raibh deis againn casadh ar a chéile mar choiste. Cé nach raibh againn ach cruinnithe fíorúla, bhaineamar an-taitneamh as an iris a chur le chéile. Tá súil againn go mbainfidh lucht léite na hirise an taitneamh céanna as scagadh a dhéanamh uirthi.

An Coiste Eagarthóireachta

*Darragh Mac Giolla Phádraig, Ciarán Mac Uidhir, Niamh Ní Chuinn,
Niall Ó Cléirigh, Tadhg Ó Duinnshléibhe agus Máire Uí Dhufaigh*



Réamhrá

Neasa Ní Chiaráin

<https://doi.org/10.13025/23vt-jg85>

Tréaslaím leis na scoláirí iarchéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar éirigh leo leanúint lena dtraidisiún foilsitheoireachta in aimsir seo na haicíde. Níor chaill fear an mhisnigh riamh é, a deir siad, agus b'in mar a bhí ag Coiste Eagarthóireachta an eagrán seo den *Reiviú*. D'éirigh leo cnuasach an-bhreá d'ailt léannta a chur i dtoll a chéile in ainneoin na gconstaicí a bhí sa tslí orthu. Is minic sinn ag tabhairt srachféachaint ar fhoilseacháin den saghas seo agus ansin á gcur i leataobh i measc ábhar léitheoireachta na méire fada, ach íocfar do shaothar leat má théann tú tríd an gceann seo ó thús deireadh. Gheobhaidh tú réimse an-leathan ábhar san eagrán seo ag dul ón stair go dtí an oideolaíocht, go léirmheasanna, go húsáid na teicneolaíochta chomh maith le haistriúchán an-bhreá ón bhFraincis go Gaeilge – iad scríofa ag scoláirí, idir údair sheanbhunaithe agus daoine atá ag tosú amach ar chosán an léinn. Ba mhaith liom anseo spléachadh a thabhairt ar na hailt seo ar fad agus focal amach as mo bholg féin a chur leo.

Is tearc iad na tuairiscí ar bhuntaighde atá á ndéanamh trí mheán na Gaeilge agus is tearc iad chomh maith na fóraim lena leithéidí a fhoilsiú, go deimhin féin. Is díol suntais é mar sin go bhfeictear *An Reiviú* mar fhóram inar féidir taighde reatha a thuairisciú agus a phlé. Tá an t-alt le Seán Mac Corraidh san eagrán seo thar a bheith spéisiúil. Pléann sé an buntaighde a rinne sé ar éifeacht na grinnléitheoireachta mar mhodh múinte ar mhic léinn Ghaeilge atá sa dara bliain Ollscoile. D'imigh an léitheoireacht mar mhodh múinte as faisean breis is leathchéad bliain ó shin faoi anáil theorici múinte nuatheangacha a tháinig i dtreis ó na seachtóidí anall, is gan aon róphlé déanta ar thábhacht na litríochta d'fhoghlaimoírí teanga – teanga a bhfuil a saibhreas ag dul i léig. Glacann an t-údar le sainmhíniú Uí Dhoibhlin (1965) ar an 'ngrinnléitheoireacht' gan cur leis ná baint uaidh mar bhunsraith dá mhodh taighde. D'úsáid sé giotáí gearra as téacsanna iomráiteacha i litríocht na Gaeilge (muintir Mhic Grianna ach go háirithe) agus chuir sé na mic léinn i mbun grinnstaidéir orthu. D'fhéach sé ar éifeacht na dtéacsanna seo chun saibhreas na Gaeilge, idir stór focal, nathanna cainte agus stíl scríbhneoireachta a mhúineadh do na mic

léinn. D'úsáid sé fócasghrúpaí chun a chuid torthaí a chur i dtoll a chéile. Cé go ndeachaigh na téacsanna dian ar na mic léinn, ba léir gur bhain siad siúd a chaith dua lena n-iarrachtaí an-tairbhe as an eispéireas, bíodh is nach mó ná sásta a bhí cuid eile acu. Ar deireadh, tá plé maith déanta ag an údar ar impleachtaí an taighde seo do ról an léachtóra ina leithéid seo d'fhiontar. Má tá locht amháin ar an alt seo is ar athbhreithniú na litríochta ábhartha atá sé. Tá an chuid is mó dá chuid tagairtí ag eascairt as taighde a rinneadh sna seachtóidí agus sna hochtóidí agus ba shuimiúil an rud é an gníomhthaighde seo a chomhthéacsú i dtaighde agus saothair nua-aimseartha agus sna tuiscintí nua-aimseartha, idirnáisiúnta atá ar fáil ar an gceist.

Taighde cuimsitheach atá tráthúil agus leagtha amach go córasach soiléir atá san alt 'Feasacht Teanga an Mhúinteora Tumoideachais: Préamh agus Guairne an Chleachtais' le T.J. Ó Ceallaigh agus Christine Ní Chathasaigh. Cé nach alt guairneánach é, tá cur síos an-chuimsitheach ann ar na laigí agus na dúshláin a bhaineann leis an leagan den tumoideachas atá á chleachtadh againn in Éirinn. Léiríonn siad na dúshláin mhóra atá ag roinnt leis an múinteoireacht sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna agus an géarghá atá le tacaíocht bhreise do mhúinteoirí atá faoi oiliúint chomh maith leis na múinteoirí atá ag obair sna goirt sin cheana féin. Faraor, níl aon bhainistíocht lárnach ná scáthbhainistíocht ag na Gaelscoileanna ach iad ar fad faoi eagrais éagsúla – na deoisí Caitliceacha, na boird oideachais agus oiliúna agus eile – eagrais nach í an Ghaeilge an chloch is mó ar a bpaidrín i gcónaí agus ar beag a dtuiscint ar shainriachtanais na nGaelscoileanna atá faoina gcúram. Féachann sé go bhféadfaí i bhfad Éireann níos mó a dhéanamh dá mbeadh bainistíocht lárnach ag na Gaelscoileanna a bheadh sásta na deacrachtaí atá acu a aithint agus aghaidh a thabhairt ar chuid de na fadhbanna atá luaite ag Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh. Ní réiteofar na fadhbanna seo thar oíche ach caithfear plean nó polasaí éigin a cheapadh go luath chun dul i ngleic leo. An bhfuil líon na nGaelscoileanna ag fás róthapaidh agus gan ár ndóthain múinteoirí oilte againn chun seirbhís cheart a thabhairt do dhaltaí trí mheán na Gaeilge? Seo ceist nach bhfuil mórán plé déanta uirthi agus nach n-ardódh éinne nach Gaeilgeoir eiriciúil í/é. Tá ábhar machnaimh, gan dabht, ardaithe san alt breá seo.

Rinne Raymona Ní Chonaill fiosrú ar úsáid na Gaeilge ar an ardán Twitter ina halt 'Ligeann an Ghaeilge chuici is uaithi ar na meáin shóisialta: Cás-staidéar ar an suíomh Twitter'. Fiosraíonn sí minicíocht a húsáide agus na fáthanna a n-úsáidtear an Ghaeilge ar an ardán domhanda seo. Úsáideann sí taighde Kevin Scannell chun minicíocht úsáid na Gaeilge a léiriú agus chun na príomhúsáideoirí a aithint agus níl dabht ar bith faoi ach go n-úsáidtear go mion is go minic é. Deir an t-údar go gcruthaíonn sé seo pobal fíorúil agus go gcuireann sé an Ghaeilge i measc mhórtheangacha an domhain. Tá sí den tuairim gur féidir 'pobal' a thabhairt ar na húsáideoirí mar go n-aithníonn siad a chéile mar chuid de phobal. Téann sí siar chomh fada le hOrdlathas Riachtanais Maslow (1943) chun míniú a fháil ar na fáthanna a dtéann daoine i mbun scríbhneoireachta ar Twitter agus tagann sí ar an tuairim gur chun a sainfhéiniúlacht a chruthú a théann siad ina bun. Feiceann sí go dtéann leithéid Twitter chun

leas na Gaeilge mar go meallann sé níos mó daoine i dtreo phobal labhartha na Gaeilge. Is léir go bhfuil an t-alt seo bunaithe ar thaighde leathan ildisciplíneach agus tá moladh ag dul do Ní Chonaill as an gcaoi ar tharraing sí na disciplíní seo le chéile anseo.

Ardaíonn Belinda McHale ceist ar deacair í a réiteach ina halt ‘Déphearsantacht an Chainteora Dhátheangaigh – an ann di?’ Fiosraíonn sí an éifeacht (más ann di!) a bhíonn ag an dátheangachas ar phróiseáil chognaíoch an té a bhfuil níos mó ná teanga amháin aige/aici. An mbíonn éifeacht ag an teanga, nó ag na teangacha atá agat ar do dhearcadh saoil, nó an é go múnlaíonn do chleachtadh saoil do theanga(cha)? Is fada pléite an cheist seo agus tá scrúdú maith déanta ag McHale ar na teoricí éagsúla a tháinig chun treise ó aimsir Sapir-Whorf, beagnach céad bliain ó shin. Tá an nuathaighde san alt seo bunaithe ar fhreagraí a thug ochtar atá dátheangach nó ilteangach ar cheistneoir a dáileadh orthu agus is é an chonclúid atá san alt ná go mbíonn éifeacht ag na teangacha a bhíonn á labhairt ag na freagróirí ‘ar an mbealach a gcaitheann siad leis an saol agus an dearcadh atá acu i leith an tsaoil chéanna’. Luann an t-údar na deacrachtaí a bhaineann le taighde mar seo go háirithe nuair nach bhfuil aon chomhaontú againn faoin téarmaíocht faoi cad is dátheangachas ann go díreach. Bíonn na suíomhanna ina bhfaightear an dátheangachas chomh difriúil sin lena chéile gur deacair ginearálú a dhéanamh nó teoiric uilíoch a chruthú bunaithe ar shamplaí ar leith. Ach, fiú más deacair í an cheist, ní chiallaíonn sé sin nach fiú í a ardú.

Thug Dorothy Ní Uigín sciúird trí stair na Gaeilge i gCúige Uladh (agus nós na nUltach, Co. Lú a ghabháil chucu féin ar uairibh) mar chúlra dá cur síos ar stair an nuachtáin *Lá* atá imithe den bhfód ó 2008. Alt an-bhreá é seo agus é thar a bheith spéisiúil dóibh siúd ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar chuid de na ceisteanna atá fós á bplé faoi áit na Gaeilge sa tsochaí nó faoi thodhchaí na Gaeilge mar theanga phobail. Ní inniu ná inné a thosaigh na hUltaigh ag brath go raibh neamhaird á déanamh ar a gcanúint féin ag lucht ceannasaíochta ghluaiseacht na Gaeilge agus tá tagairt dó seo in *Dearcadh* (1954). Ba é seo ba chúis le bunú Chomhaltas Uladh – gluaiseacht a bhí comhthreomhar leis an gConradh ach scartha nó scoilte uaidh. Threabh na hUltaigh a ngort féin, cuid mhaith, agus b’fhéidir gur féidir a mhaíomh anois gurb í canúint Uladh an ceann is treise de na trí mhórchanúint, i measc foghlaimeoirí ach go háirithe. Cé gur nuachtán spreagúil uailmhianach a bhí in *Lá*, de réir chuntas Ní Uigín, tháinig sé chun críche in 2008 ar iliomad cúiseanna. Arbh é go raibh a lucht bainistíochta rófhada chun tosaigh ar an bpobal in 2008 nuair a bhí siad ag iarraidh é a iompú isteach ina nuachtán digiteach nó arbh é nach raibh Foras na Gaeilge sách fadradharcach chun go dtabharfaidís tacaíocht agus maoiniú d’fhiontar nua-aimseartha mar é? Ceist shuimiúil í seo lena n-éiríonn le Ní Uigín an stair agus ceisteanna an lae inniu a nascadh go paiteanta.

Leabhar clasaiceach atá idir chamánaibh ag Padaí de Bléine agus é ag féachaint ar an tionchar a bhí ag Pádraig Mac Piarais ar Mháire (Séamus Ó Grianna) mar atá sé léirithe ina úrscéal *Mo Dhá Róisín* (1921). Tá an Bléineach den tuairim go raibh tionchar mór ag scríbhinní an Phiarsaigh ar shaothar Mháire chomh fada is a bhain sé le cúrsaí polaitíochta, le cúrsaí creidimh agus le cúrsaí

oideachais. Luann sé freisin an ról a chonaic Máire do mhná i saol na linne sin agus cé chomh soiléir is a bhí Róise, príomhcharachtar an úrscéil, faoin gcomhionannas idir mná is fir. Poblachtánach amach is amach a bhí i Máire agus is sa leabhar seo is láidre a chuirtear a chuid tuairimí chun tosaigh. Chreid sé san idéalachas a bhain le hÉirí Amach 1916 agus, go deimhin féin, chaith sé tréimhse i ngéibheann i nDroichead Nua le linn Chogadh na gCarad mar gur mheas sé go raibh an t-idéalachas céanna á ligean le sruth ag an Rialtas nua a bunaíodh ag tús an tSaorstáit. Tá cioradh críochnúil déanta ag Padaí de Bléine san alt seo ar an gceangal idir fealsúnacht an Phiarsaigh agus mórgacht an tsaol a chruthaigh Máire ina úrscéal agus léargas eile tugtha aige ar a shaol.

Músclaíonn seanphictiúir seanchuimhní agus is maith mar a úsáideann Dónal Ó Droighneáin giotáí as an ngearrscannán *The Melody Isle*, a taifeadadh i gCasla i gConamara, agus a eisíodh in 1934, chun saol atá imithe a thabhairt chun cuimhne. Seo iad na laethanta a mbíodh daoine ón gceantar ag baint agus ag tarraingt móna, á luchtadh sna leathbháid agus ag dul go hÁrainn nó go Gaillimh chun í a dhíol. Tá an saol seo ag imeacht as cuimhne na ndaoine agus cé go ndeir an t-údar gur scannán sách maoithneach atá ann, téann sé féin níos doimhne sa sobal chun saol na ndaoine a raibh orthu a gceart a bhaint le neart a ngéag, a thuairisciú. Ba iad na giotáí ón seanscannán a spreag a fhiosracht ach úsáideann sé eolas fisiciúil ón tírdhreach, eolas scríofa agus an béaloideas chun pictiúr níos réadúla de shaol na linne sin a chur os ár gcomhair. Tagann saothar Uí Dhireáin chun cuimhne anseo agus is maith mar a fhítear íomhánna rómansúla an chuariteora le réalachas mhuintir na háite san alt.

Ansin tagaimid go dtí na léirmheasanna a bhíonn mar chnámh droma ag foilseacháin mar seo. Díríonn siad aird na léitheoirí ar fhoilseacháin nua atá tábhachtach don Ghaeilge nó ar sheanchinn a bhfuil tábhacht nach beag leo i litríocht na Gaeilge, ach atá i mbaol a mbáite i dtuille na nuascríbhneoireachta.

‘Is seodnóibhille é seo idir ábhar agus stíl’, a deir Marie Whelton ina léirmheas ar an leabhar *Fonn a Níos Fiach* le Pádraig Ua Maoileoin agus ní haon bhréag di é. Is in 1978 a céadfhoilsíodh an leabhar agus rinne na foilsitheoirí, Leabhar Breac, Indreabhán, athchló air in 2018. D’áirigh Alan Titley é i measc leabhair chlasaiceacha na Gaeilge ach bhí an baol ann go raibh sé chun sleamhnú ó aird léitheoirí na Gaeilge agus ón nglúin óg, ach go háirithe, murach gur thug Leabhar Breac chun solais arís é. Seodleabhar ó fhear seoigh. Fear a bhí mór ina dhreach agus ina dheilbh, fear mór amhrán is cainte, fear mór Gaoluinne is seanchais ón mbeann is faide siar ar leithinis Chorca Dhuibhne. Sa léirmheas seo téann Whelton trí mhórthéamaí an scéil agus chuirfidís faobhar ar d’fhonn agus ar d’fhiach chun an leabhar clasaiceach seo a léamh nó a athléamh.

Tá léirmheas ag Darragh Mac Giolla Phádraig agus Niall Ó Cléirigh ar an bhfoclóir nua Béarla-Gaeilge a foilsíodh ar na mallaibh agus cur síos déanta acu ar na gnéithe is suntasaí den saothar toirtiuil tábhachtach seo. Leagann siad béim ar an nuálaíocht atá ag roinnt leis an bhfoclóir agus maíonn siad go ‘líonann sé bearna foclóireachta sa Ghaeilge’. Tá siad ag tagairt anseo don stór focal agus don úsáid chomhaimseartha a bhaintear as téarmaí éagsúla.

Tá roinnt léirmheastóireachta déanta ar an bhfoclóir nua seo cheana féin agus déantar tagairtí dóibh seo síos tríd an alt. Is áis úsáideach í an liosta léirmheasanna seo féin don té atá ag iarraidh tuiscint níos iomláine a fháil ar ‘ábhar is fáth’ an fhoclóra nua seo.

Deir Niamh Ní Chuinn agus Tadhg Ó Duinnshléibhe go bhfuil nócha bliain caite againn ag feitheamh le haistriúchán ar *Of Mice and Men* le John Steinbeck, ach fiú má tá, níl a chuma sin ar úire ná ar ghrinneas a stíl léirmheastóireachta. Ar *Luch agus Ar Dhuine*, an t-aistriúchán le Colmcille Ó Monacháin, atá faoi chaibidil acu agus tá anailís chuimsitheach déanta acu ar theicnící an aistriúcháin a thug Ó Monacháin leis agus é i mbun saothair. Léirítear go maith an tslí ar éirigh leis an aistritheoir fanacht dílis do chultúr agus do chomhthéacs an bhunleabhair agus fanacht dílis do ghnás na Gaeilge chomh maith. Tá na léirmheastóirí an-tógtha leis an úsáid chliste a baineadh as canúnachas na Gaeilge chun léiriú a dhéanamh ar an éagsúlacht stíle a bhí in úsáid ag Steinbeck agus idirdhealú á dhéanamh aige idir an scríbhneoireacht thuairisciúil agus gnáthchaint na bpríomhcharachtar.

Tá léirmheas an-deas déanta ag Ciarán Mac Uidhir agus Máire Uí Dhufaigh ar an leabhar *Óráidí a Chuaigh i gCionn* le hAibhistín Ó Duibh. Bailiúchán d’óráidí móra ó thús aimsire atá sa leabhar seo agus iad roinnte ina dhá chuid – óráidí móra idirnáisiúnta agus óráidí Éireannacha. Táid seo ar fad aistrithe go Gaeilge ag aistritheoirí proifisiúnta. Aithníonn na léirmheastóirí cuid de na deacrachtaí a bhaineann le saothar mar seo agus ceistíonn siad an chúis ar fágadh cinn áirithe ar lár – aithisc ó mhná na hÉireann ach go háirithe. Tarraingíonn siad aird ar mhná ar nós Mháire Geoghegan-Quinn, Constance Markievicz agus eile nár tugadh spás dóibh san eagrán seo ach ní dhéanann siad cás d’aon óráid ar leith ó na mná seo. Is mór idir cáil a bheith ort agus óráid cháiliúil a thabhairt ag am cinniúnach i stair an domhain nó i stair na hÉireann. Ar an iomlán tá na léirmheastóirí an-mholtach faoin leabhar agus gríosáíonn siad a léitheoirí chun é a cheannach don tseif agus blúiríní a léamh uaidh ó am go chéile.

Is iomaí aistriúchán atá déanta ó theangacha eile isteach sa Ghaeilge, traidisiún a thosaigh i luathbhlianta an Stáit ach atá ag dul i léig le tamall de bhlianta anuas, cé is moite de leabhair do pháistí. Is deas mar sin aistriúchán nua le Keith Dowling ar cheann de ghearrscéalta de chuid Maupassant a fheiceáil anseo. Cé go bhfuair Maupassant bás ag aois an-óg, gan aige ach trí bliana le cois an dá scór, mhair a cháil ina dhiaidh mar dhuine de mhórscribhneoirí na Fraince agus mar cheannródáí in ealaín na gearrscéalaíochta. Baineann sé leis an dara leath den naoú haois déag. Is minic scéalta Maupassant duairc gruama agus iad ag streachailt leis an mbás. Is amhlaidh don scéal seo ina bhfuil cur síos ar bheirt fhear ag faire cara leo atá os cionn cláir agus samhlaítear dóibh gur beag atá idir an beo agus an neamhbheo. Níl aon rian den aistriúchán sa leagan seo den scéal agus d’fhéadfá a shamhlú gur i nGaeilge a scríobhadh an scéal an chéad lá riamh.

Sin é an t-eagrán seo den *Reiviú* ina bhfuil an sean agus an nua le hais a chéile – súil siar agus súil ar aghaidh. Clóca nua againn inniu ar sheancheisteanna ach ní mór ceisteanna an lae inniu a aithint agus a chíoradh i gcomhthéacs a staire chun iad a thuiscint i gceart. Gura fada buan *An Reiviú!*



Iniúchadh ar thionchar an Phiarsaigh ar Mháire agus é ag scríobh *Mo Dhá Róisín* (1921)

Padaí de Bléine

<https://doi.org/10.13025/z9ed-f242>

Cúlra

Tháinig an Píarsach ar an tsaol sa bhliain 1879 agus tháinig 'Máire' ar an tsaol deich mbliana ina dhiaidh. Sna blianta idir breith an Phiarsaigh agus breith 'Mháire' tháinig borradh mór faoi na heagraíochtaí a raibh sé d'aidhm acu an Ghaeilge a athbheochan. Ba sa bhliain 1893 a bunaíodh Conradh na Gaeilge, eagraíocht a mbeadh an bheirt acu ina mball de agus eagraíocht a d'imreodh tionchar nach beag ar a ndearcadh polaitiúil. Go deimhin, scríobh an Píarsach in *The Irish Volunteer* ar 7 Feabhra 1914 gur cuireadh tús leis an réabhlóid Ghaelach nuair a tháinig seachtar fear le chéile i 9 Sráid Uí Chonaill leis an Chonradh a bhunú. Dhealródh sé ó scríbhinní Mháire gur imir an Píarsach tionchar mór airsean maidir le cúrsaí polaitíochta agus cúrsaí oideachais. Léirítear an tionchar sin i ndírbeathnaisnéisí 'Mháire' – *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942) agus *Saol Corrach* (1945). Deir Hodgins (2006: 68) go raibh 'Máire' go mór faoi anáil scríbhinní an Phiarsaigh, go háirithe ó thaobh cúrsaí oideachais agus polaitíochta de, agus gur minic tagairtí don Phiarsach agus don *Murder Machine* in *Saol Corrach*. Is léir ó scríbhinní 'Mháire' in *Feara Fáil* (1933) go raibh ardmheas aige ar an Phiarsach agus é á mholadh go hard as a chuid litríochta agus as a bhua cainte. Is é atá údar an ailt seo ag iarraidh a fháil amach an bhfuil fianaise shoiléir in *Mo Dha Róisín* (1921), an chéad úrscéal de chuid Mháire a foilsíodh, de thionchar an Phiarsaigh air maidir le cúrsaí polaitíochta, cúrsaí oideachais, cúrsaí creidimh agus stádas na mban agus é á scríobh.

Cúrsaí polaitíochta

Pléann *Mo Dhá Róisín* le hÉirí Amach na Cásca agus cúrsaí polaitíochta na ré sin. Tugann an t-úrscéal léargas don léitheoir ar dhearcadh polaitiúil ‘Mháire’ ag an am sin agus is féidir a mhaíomh ó ábhar an úrscéil go bhfuil sé báúil leis na fir agus leis na mná a throid san Éirí Amach. Deir Titley (2002: 362), ‘más beag úrscéal de chuid Mháire nach bhfuil imir éigin den pholaitíocht tríd, gabhann sé cosán níos díri chuici in *Mo Dhá Róisín*.’ Léiríonn ‘Máire’ an meas atá aige ar pholaitíocht an Phiarsaigh trí na carachtair Róise Ní Chearbhaill agus Labhras Óg Ó Baoill a chruthaíonn sé san úrscéal *Mo Dhá Róisín*. Tá tréithe áirithe an Phiarsaigh léirithe sa dá charachtar sin; an duine tírghrách agus trodaire teanga i Róise agus an fear ciúin cúthail i Labhras Óg. Cuireann Róise síos ar an Phiarsach in *Mo Dhá Róisín*, (Ó Grianna, 1921:47) mar ‘Ardmháistir Scoil Éanna, agus an Gael is fearr againn’. Agus é ag tagairt don Phiarsach, deir Labhras Óg, ‘...thaitin a chuma agus a dhreach go mór leis – na súile beocha, loinnireacha, an t-éadan leathan agus an smigead corrach. Níorbh aghaidh a chasfaí ort achan lá’ (48). Is fiú cuimhneamh gur scríobh ‘Máire’ an t-úrscéal seo cúig bliana i ndiaidh an Éirí Amach, agus imeachtaí na tréimhse corraí sin go fóill beo ina intinn agus in intinn mhuintir na tíre. Deir Delap (1993: 40) gur le réalachas a linne féin a chaith scríbhneoirí na bhfichidí a ndúthracht agus gur bhain an stair le heispéireas na n-údar féin. B’amhlaidh an cas é le ‘Máire’ agus é i mbun pinn le *Mo Dhá Róisín* agus imeachtaí an Éirí Amach fós beo ina intinn. Bhí ‘Máire’ i ngéibhinn i nDroichead Nua agus é in éadan an Chonartha i gCogadh na gCarad. Deir Ó Baoighill (1994: 116): ‘Mheas sé [Máire] nach raibh siad [an Rialtas] dáiríribh fá na cúspóirí ar throid siad ar a son agus a dtug go leor a mbeo’.

Ní hiontas ar bith é mar sin a leithéid d’úrscéal a fheiceáil ag teacht ó pheann an Ghriannaigh agus é faoi thionchar an Phiarsaigh. Deir Mac Congáil (2010: xvii) gur úrscéal cúise nó tírghrách atá ann go príomha, atá lomlán d’idéalachas agus d’idé-eolaíocht cheannairí Éirí Amach na Cásca, 1916. De réir Nic Eoin (1992: 182), ‘tá go leor bolscaireachta do chúis na tíre agus na Gaeilge le fáil sa leabhar’. Maíonn sí fosta go bhfuil frith-Shasanachas an údair agus náisiúnachas rómánsúil a linne le haireachtáil síos fríd an úrscéal. Tagann an teideal féin ó sheanamhrán tírghrách *Róisín Dubh*. Is é *Róisín Dubh* an t-ainm ceanúil ar Éirinn a bhí ag an fhile a chum an t-amhrán sa tseachtú haois déag agus ní comhtharlú ar bith é gurbh í Róise ainm an bhanlaoich san úrscéal *Mo Dhá Róisín*. Is é seo mar a chuirtear síos ar an amhrán ‘Róisín Dubh’ in *Leabhar Mór na nAmhrán*, (2012: 819), ‘...ach is cosúil gur amhrán grá a bhí i gceist ar dtús agus gur baineadh brí pholaitiúil as níos déanaí’, agus cuireann Ó hAodha in *Óir Chiste*, (1922: 11) síos air mar, ‘an t-amhrán grá (grá d’Éirinn) is paiseanta dá bhfuil againn’. Má chuirtear tús leis an úrscéal cúise seo le tagairt d’amhrán paiseanta, cuirtear clabhsúr leis le líne a d’aistrigh ‘Máire’ go Gaeilge ó óráid thar a bheith paiseanta a thug an Píarsach ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa: ‘A fhad is a bheas na huaigheannaí seo in Éirinn, ní bheidh suaimhneas inti gan saoirse’, (Ó Grianna, 1921: 103). Chuir an Píarsach tús leis an

óráid ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa i nGaeilge. Tá na frásaí ‘ná bíodh brón ar éinne’ agus ‘ná bíodh brón orainn’ san óráid agus dhealródh sé go dtagraíonn siad don amhrán tríghrách *Róisín Dubh*; ‘Is a Róisín, ná bíodh brón ort faoinar éirigh duit’. Scríobh ‘Máire’ (1933: 123):

Duine ar bith a chuala óráid an Phiarsaigh an lá sin nó a léigh í go gearr ina dhiaidh sin b’fhurasta dó aithne gur gheall le fear é. Is furasta an chaint a thig ón chroí a aithne.

Dhealródh sé ón sliocht thuas gur léigh ‘Máire’ an óráid go gearr i ndiaidh don Phiarsach í a thabhairt agus go ndeachaigh sí i bhfeidhm go mór air. Má bhí an Piarsach faoi thionchar an tseanamhráin a dtagraíonn sé go ceanúil dó in alt dá chuid dar teideal ‘Ghosts’ (Lá Nollag, 1915) i Scoil Éanna, agus faoi thionchar an tsean-Fhínín agus é ag scríobh a óráide in ómós Uí Dhonnabháin Rosa, dhealródh sé go raibh ‘Máire’ faoi anáil an Phiarsaigh agus é ag scríobh *Mo Dhá Róisín*.

Cuireann ‘Máire’ deireadh leis an chéad chaibidil san úrscéal *Ar Uaigh Mo Charad* le cineál d’fhorógra. Tháinig an forógra seo ó pheann an Ghriannaigh; ‘A uaisle Gael a léifeas an scéilín seo, cuimhní, má tá go bhfuil Éire saor anois, nárbh amhlaidh a bhí i gcónaí’, (Ó Grianna, 1921: 7), ach is léir do léitheoir an úrscéil go bhfuil fealsúnacht an Phiarsaigh taobh thiar den fhorógra. Tugann Ó Gallchóir (1992: 52) le fios gurbh é díghalldú na tíre fealsúnacht ‘Mháire’ agus gurbh iad Tone, Mitchel agus an Piarsach a oidí polaitíochta. Castar an carachtar Róise Ní Chearbhaill orainn go luath san úrscéal agus tagann fealsúnacht an Phiarsaigh chun beatha inti. Tugann Róise aghaidh ar Cheann Dubhrann leis an Ghaeilge a fhoghlaim:

Bhí spéis mhór ag an chailín seo ins an Ghaeilig nó ba mhinic a tugadh fá deara gur ghnách léi imeacht léi féin fríd mhuintir na háite agus lucht na coláiste agus a gcuid Béarla a fhágáil ansin. (Ó Grianna, 1921: 10)

Dála Róise, chuir an Piarsach dúil sa teanga agus é ina dhalta iar-bhunoideachais gan mórán Gaeilge aige. Deir Mac Uistín (2006: 15) ina bheathaisnéis nach raibh mórán Gaeilge ag an Phiarsach agus é ag toiseacht ar an scoil ach gur cosúil nárbh fhada go raibh an Ghaeilge ar a thoil aige. Ba é a dhála céanna é ag Róise agus í ag freastal ar choláiste Gaeltachta den chéad uair agus ag bunú craobhacha de Chonradh na Gaeilge níos faide anonn. Thit an Piarsach i ngrá le Ros Muc, ar an dóigh céanna ar thit Róise i ngrá le Ceann Dubhrann, agus thóg sé teach ceann tuí i Ros Muc inar chaith sé tréimhsí fada agus é ag foghlaim na Gaeilge ó mhuintir na háite. Bhí an teach i Ros Muc mar a bheadh domhnán aige, an domhnán céanna a dtagraíonn sé dó i ndán dá chuid ‘The Fool’ agus é ag guí go dtiocfadh na milliúin a chónaí ann sa todhchaí, teach a mhúnlaigh sé ina chroí, teach uasal a smaointe. Ba sa teach ceann tuí seo i Ros Muc a mhúnlaigh an Piarsach a bharúlacha polaitíochta don óráid a thug sé ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa agus d’Fhorógra Phoblacht na hÉireann, barúlacha

polaitíochta a mbeadh ‘Máire’ ag teacht go huile is go hiomlán leo agus fear ionaid an rí in Éirinn ag cur faoi in áit an-chógarach do Ros Muc. Thuig an Piarsach agus thuig ‘Máire’ féin, mar a léiríonn sé dúinn trí Róise san úrscéal, a luachmhaire a bhí tobar na Gaeltachta ag an fhoghlaimeoir teanga agus d’fhill sé ar Ros Muc bliain i ndiaidh bliana le cur lena chuid Gaeilge. Deir Ó Baoighill (1994: 51) gur thug an Piarsach cuairt ar Ghaoth Dobhair, ar na Rosa agus ar Chloch Chloch Chionnaola sa bhliain 1907 le Tomás Bán Ó Concheanainn leis na scoileanna Gaeltachta a spreagadh agus tá tréithe seo an trodaire teanga léirithe ag ‘Máire’ sa charachtar Róise.

Dhealródh sé mar sin go bhfuil cuid de thréithe an Phiarsaigh sa charachtar Róise. Dála an Phiarsaigh, bhí Róise ag triall ar an Ghaeltacht bliain i ndiaidh bliana agus í ag iarraidh barr feabhais a chur ar a cuid Gaeilge. Bhí sí ina ball gníomhach de Chonradh na Gaeilge agus bhíodh sí i gcónaí ag spreagadh Labhras Óg le craobh de Chonradh na Gaeilge a bhunú ina cheantar féin. I gCaibidil V ‘Ar Chuir Tusa Báire?’ cuireann Róise in iúl do Labhras Óg a thábhachtaí atá an teanga don náisiún:

Anois, ar sise, caithfear an Ghaeilge a shábháil, sin nó an tír a chailleadh. Tír gan anam tír gan teangaidh. Ní bheadh Éire leath an ama seo faoi chrann smola ag Sasain mar atá sí ach go b’é gur ligeadh bás na Gaeilge. Agus má bheir rud ar bith spiorad na náisiúntachta ar ais, is í an Ghaeilig a dhéanfas é. (Ó Grianna, 1921: 29)

Cúrsaí oideachais

Is féidir tionchar an Phiarsaigh ar ‘Mháire’ a fheiceáil tríd an charachtar Róise. Thuig ‘Máire’ go raibh an Ghaeilge faoi bhagairt ó mhórán fórsaí sa tír, an córas oideachais san áireamh agus feictear an méid sin go soiléir sa charachtar Róise. Cuireann an Piarsach síos ar an chóras oideachais a bhí i bhfeidhm sa tír ina shaothar *The Murder Machine* (1916). Is follasach ó theideal an leabhair an bharúil a bhí aige ar an chóras chéanna. In *The Broad Arrow* deir an Piarsach:

The English have established a simulacrum of an education system in Ireland, but its object is the precise contrary of the of the object of an education system. Education should foster; this education is meant to repress. Education should inspire; this education is meant to tame.

Bhunaigh Príomhrúnaí na haimsire sin Edward Stanley na Scoileanna Náisiúnta sa bhliain 1831 agus faoin bhliain 1840 bhí beagnach ceathrú milliún páiste óg ag freastal ar bheagnach dhá mhíle scoil, Bardon (2002: 419). Léiríonn Bardon a éifeachtaí a bhí na Scoileanna Náisiúnta agus Béarla ag bunús mhuintir na Gaeltachta agus iad ag dul ar imirce. Deir Kinealy (1997: 5) gur chuir na Scoileanna Náisiúnta go mór le meath na Gaeilge agus gur dheifrigh siad galldú na tíre. Ar ndóigh, bhí taithí ag ‘Máire’ féin ar na scoileanna seo agus feictear an méid sin sa charachtar Séimí Phádraig Duibh in úrscéal eile dá chuid *Caisleáin Óir* (1924). Dar le Ó

Gallchóir (1992: 57), is beag am a bhí ag ‘Máire’ le linn a ghearrthréimhse mar mhúinteoir don chóras oideachais ná don *Murder Machine*. Chreid an Píarsach gur chóir don chóras oideachas ‘*value, build upon and supplement the child’s native inheritance and home teaching*’. Chuige sin, bhunaigh an Píarsach a scoil féin, Scoil Éanna sa bhliain 1908 agus ba léir ó réamheolaire na bliana sin an aidhm a bhí aige: ‘fíorGhaeil do dhéanamh de na gasúir a bhfuil a dtrialall uirthi. Ní hé amháin go múintear stair agus teanga a dtíre dóibh, ach déantar iarracht ar ghrá dá dtír agus do gach a mbaineann léi do mhúscailt ina gcroí’. Deir Ó Baoighill (1994: 51) go raibh an Píarsach ag obair go crua le bua a fháil ar an *Murder Machine* a bhí ag neartú an Ghalldachais sa chóras oideachais. Bhí Róise ag obair chomh crua céanna agus í ag teagasc stair na hÉireann agus oidhreacht a tíre dá cuid páistí agus í ag insint dóibh faoin slad a rinne Cromail ar an tír. Theagasc sí amhráin Ghaeilge dóibh ar nós ‘Go Maire Ár nGaeilge Slán’. Ní raibh Róise ag dul a iarraidh ar na páistí *A Child’s Hymn of Praise* from *Hymns of Infant Minds* (1810), a aithris gach lá nó ‘Happy English Children’, mar atá san iomann, a dhéanamh dá cuid páistí scoile. Ní raibh sí ag dul a theagasc ‘a simulacrum’ de chóras oideachais nach raibh ag teacht lena prionsabail féin agus ní raibh sí ag dul a dhamhsa le port a bhí, dar léi, ‘fiorghallda’, (Ó Grianna, 1921: 53). Maíonn Mac Síomóin (2017: 112) gur aithin an Píarsach go gcaithfeadh an teanga dhúchasach a bheith lárnach d’fhuascailt iomlán an duine choilínithe agus gur trí mheán na teanga a d’aimseodh an duine coilínithe leanúanchas cailte a staire féin a ligfeadh dó é féin a dhíchoiliniú. Is cosúil gurbh é a dhála céanna ag Róise é. Nuair a cheistíonn An Canónach Ó Fríl, a bhí ina bhainisteoir ar an Bhord, nuair a cheistíonn seisean Róise faoi na hábhair a bhí á dteagasc aici, léiríonn sí a dímheas ar an Choróin agus ar Rialacha an Bhoird Náisiúnta. Is fíochmhar an carachtar í agus seasann sí an fód mar a sheas an Píarsach féin an fód in éadan an chórais. Ní ghéillfeadh sí don Chanónach Ó Fríl ná do na hiarratais ón Bhord glacadh leis ‘an simulacrum’ de chóras agus cuireann sí an méid sin in iúl go soiléir;

Déanadh an Bord a rogha rud, ní theagascóchaidh mise stair na Sasana; agus déanadh sé a rogha rud arís ní stadfaidh mé de theagasc Gaeilge. Agus déanadh sé a rogha rud an tríú huair, ní scarfaidh mé ó Chonradh na Gaeilge. Má tá deor fola i gcuid oidí na hÉireann troidfidh siad an cás amach. (Ó Grianna 1921: 54)

Rinne Róise beart de réir briathair agus d’éirigh sí as a post mar mhúinteoir. Faigheann an léitheoir amach gurbh é an cigire Séamas Mag Loingsigh a sceith ar Róise leis na húdaráis faoina cuid teagaisc a bhí in éadan an chórais a bhí leagtha amach ag an rialtas. Tugann ‘Máire’ a bharúil shoiléir ghlinn dúinn ar na cigirí lena linn. Tugann sé íde do na múinteoirí scoile ina shaothar *Caisleáin Óir* (1924), ach is fíochmhaire i bhfad an íde a thugann sé do na cigirí mar a léiríonn Ó Gallachóir (1992: 11), ‘Má fuair na máistrí scoile corrléasadh teanga ó Mháire ní dada é ó thaobh na híde a thugann sé do na cigirí.’

Is féidir an carachtar Mag Loingsigh a aithint ón chur síos ar na daoine, dar leis an Phiarsach, a chuidigh leis an Bhord Náisiúnta an córas a chur i bhfeidhm. Deir Ó Gallchóir (1992: 47) go raibh géarleanúint na Sasanach in Éirinn agus na daoine a d'fheall ar an tír go mór chun tosaigh i saothar 'Mháire'. Ina shaothar *The Murder Machine* (1916: 15) cuireann an Piarsach síos ar na daoine seo, a d'fheall ar an tír mar sclábhaithe agus '*eunuchs; kinless beings, who serve for pay a master that they neither love nor hate*'. Is féidir an carachtar Mag Loingsigh a fheiceáil sa chur síos ar chigirí sa *Murder Machine*. Ní bhíonn srian ar bith ar theanga 'Mháire' agus é ag cur síos ar an chigire '*who serve for pay a master that they neither love nor hate*'. Is frithchosúlacht é an carachtar Mag Loingsigh le Róise, le Labhras Óg, leis an Phiarsach agus le 'Máire' féin. Dar le 'Máire', má tháinig Mag Loingsigh chun na Gaeltachta sa tsamhradh, ní ar mhaithe leis an Ghaeilge a tháinig sé. Is ar mhaithe leis an ardú céime a thagadh Mag Loingsigh chun na Gaeltachta. A luaithe a rinneadh cigire de, a luaithe a bhí an tuarastal mór aige óna Mháistir (Caisleán Bhaile Átha Cliath), ba bheag an spéis a bhí aige inti. Dar le 'Máire', bhí na tréithe uilig a bhí de dhíth ar dhuine aige le bheith ina chigire; 'daille intinne' agus 'díobháil fearúlachta, (Ó Grianna, 1921: 35). Shílfeá go raibh an sliocht seo a leanas as *The Murder Machine* á léamh ag Máire agus é ag múnlú an charachtair Mag Loingsigh ina intinn: '*It grinds night and day; it obeys immutable and predetermined laws; it is devoid of understanding, of sympathy, of imagination, as is any other piece of machinery that performs an appointed task*'.

Ba é sin go díreach an chosaint a bhí Mag Loingsigh air féin nuair a fuair Róise amach gurbh eisean a sceith uirthi. Ní raibh ann féin, dar le Mag Loingsigh féin, ach roth fiacloch in inneall mór an Rialtais. Ní raibh sé ach ag comhlíonadh tasc go neamhphaiseanta, gan samhlaíocht, gan mhothúcháin: 'Ní raibh neart agamsa ar an chasaid sin', ar seisean. 'Mura ndéanainnse í, dhéanfadh an tArdchigire í, agus ceann eile ormsa lena cois, cionn is a bheith ag déanamh neamairt in mo chuid oibre.' (Ó Grianna, 1921: 59)

Is carachtar eile ar fad é a chruthaíonn 'Máire' i Labhras Óg. Tagann Labhras Óg, an gasúr óg cúthail as Ceann Dubhrann faoi thionchar Róise ar an dóigh chéanna a raibh 'Máire' faoi thionchar an Phiarsaigh. Ba í Róise a chuir ina luí ar Labhras Óg scríobh na Gaeilge a fhoghlaim agus d'fhoghlaim 'ar mhaithe leis an Chailín Donn' (Ó Grianna, 1933: 32). Téann Róise i bhfeidhm go mór ar Labhras Óg agus í ag ríomh stair na hÉireann agus ag impí ar Labhras Óg gníomhú ar son na teanga agus na tíre. Tá Róise ag impí ar Labhras Óg gníomhú i gConradh na Gaeilge leis an tír a dhíghalldú agus a ath-Ghaelú mar a d'iarr Dubhghlas de hÍde (1892) ar mhuintir na tíre in *The Necessity for De-Anglicising the Irish Nation*, bliain sular bhunaigh sé féin agus seisear fear eile Conradh na Gaeilge. Aithníonn Róise a thábhachtaí atá Conradh na Gaeilge do shaoirse na tíre: '*...is é obair an Chonartha a shaoróchas ár dtír*' (Ó Grianna, 1921: 29). Bhí Róise ar aon ogham le tuairim an Phiarsaigh. Deir Ó Searcaigh

(2017: 212) gur thuig an Píarsach agus é ag obair do Chonradh an Gaeilge gur trí úsáid na Gaeilge mar mheán a bhainfí amach athbheochan na féiniúlachta do mhuintir na hÉireann agus gurbh í a thréithrigh Éireannaigh agus a gcultúr.

Doirteadh fola

De réir mar a théann an t-úrscéal ar aghaidh, éiríonn barúlacha Róise níos teasaí agus nochtann sí a barúil go bhfuil doirteadh fola de dhíth leis an tír a shaoradh agus a ghlanadh agus tá an tuairim sin ag teacht go huile is go hiomlán le tuairim an Phiarsaigh. Téann Róise agus Labhras Óg chuig an Pháirc le héisteacht leis an Phiarsach ag caint ar Emmet. D’imir Robert Emmet tionchar mór ar an Phiarsach, fear a d’eagraigh Éirí Amach dá chuid féin sa bhliain 1803 agus ar theip glan air. Thapaigh an Píarsach an deis Scoil Éanna a aistriú chuig an *Hermitage* mar ar chaith Emmet seal tráth agus cuimhní laochais beo ann ar fad, dar leis. Éisteann Róise agus Labhras Óg leis an Phiarsach sa Pháirc ar feadh tamall fada ag labhairt i nGaeilge ar Emmet agus ar an doirteadh fola;

Chan sé tamall mór fada i nGaeilig, agus ar Emmet ar fad. Sa deireadh ar seisean i nglór ghlan bhinn: ‘Doirteadh a chuid fola ar Shráideanna Bhaile Átha Cliath an lá sin. Bhí sí ina rith ina srutháin ins na díogacha agus na madaidh á hól.’ (Ó Grianna, 1921: 48)

Ina shaothar, *Robert Emmet and The Ireland of Today*, (1914) scríobh an Píarsach:

‘*God bless you, Robert Emmet*’. *Dublin must one day wash out in blood the shameful memory of that quiescence... A friend of mine knew an old woman who told him how the blood flowed down the pavement, and how she sickened with horror as she saw the dogs of the street lap up that noble blood.* (in eagar ag Doherty, 2012: 63)

Dhealródh sé go raibh an sliocht in *Mo Dhá Róisín* bunaithe ar fhocail an tsleachta seo ó pheann an Phiarsaigh. Léiríonn an Píarsach sa tsaothar céanna nach raibh seans ar bith go n-éireodh le Emmet. Deir sé, ‘*no failure, judged as the world judges these things, was ever more complete, more pathetic than Emmet’s.*’ Is léir mar sin gur chreid Robert Emmet go raibh doirteadh fola de dhíth leis an tír a shaoradh.

Bhí an Píarsach go mór faoi thionchar Emmet agus é ag scríobh ar théama an doirteadh fola. Molann ‘Máire’ Emmet go hard ina shaothar *Feara Fáil* (1933: 114): ‘Cad é an choir a rinne Emmet a thug a chur chun báis? An choir a rinne fiche fear diomaite de, roimhe agus ina dhiaidh, mar tá iarraidh a thabhairt Éire a fhuascladh ar ghéibheann.’

Dhealródh sé go raibh ardmheas ag ‘Máire’ ar Emmet fosta. Tá an dearcadh seo a bhí ag Emmet agus ag an Phiarsach maidir le doirteadh fola an-chosúil le dearcadh Róise in *Mo Dhá Róisín*. Dar le Róise, ní bhaineann sé le bua nó díomua ach le cearta mhuintir na hÉireann éirí amach. Tháinig na focail chéanna ó pheann an Phiarsaigh ar an 2 Bealtaine i ráiteas a rinne sé os comhair na harmchúirte:

The time, as it seemed to me, did come, and we went into a fight. I am glad we did. We seem to have lost. We have not lost. To refuse to fight would have been to lose; to fight is to win. We have kept faith with the past and handed on a tradition to the future.

Scríobhann Labhras Óg litir chuig Róise ag iarraidh uirthi bualadh leis an oíche roimh an chath. Buaileann siad le chéile agus cuireann Róise béim ar an doirteadh fola arís ‘go gcaithfear an fhuil a dhoirteadh leis an tír a shaoradh’. Cuireann Róise in iúl do Labhras Óg gur shocraigh sí ina hintinn féin nuair a bhí sí ina girseach óg gan pósadh a fhad agus a bheadh Éire faoi chuing na daoirse. I ráiteas os comhair na harmchúirte ar an 2 Bealtaine dúirt an Píarsach na focail seo a leanas:

When I was a child of ten I went down on my bare knees by my bedside one night and promised God that I should devote my life to an effort to free my country. I have kept that promise.

Cúrsaí creidimh

Bhí Róise ag iarraidh a saol a chaitheamh ag obair leis an tír a shaoradh agus dála an Phiarsaigh, ní ligfeadh sí do rud ar bith ná do dhuine ar bith teacht idir í féin agus sin. Nuair a thuigeann sí go bhfuil sí dúnta i ngrá le Labhras Óg impíonn sí ar Dhia cuidiú léi a droim a thabhairt dó i rosc catha náisiúnaíoch i bhfoirm paidre:

A Aon-Mhac Dé na nGrást, a dhoirt an deor dheireanach d’fhuil Do Chroí Rónaofa ar son an chirt, tabhair grásta domh anocht mar i ndúil is go dtréigfinn achan seort a chlaonóchadh m’intinn ar shiúl ó mo thír dhílis atá ag iarraidh a bheith ag troid in éadan neart na Sasana. (Ó Grianna, 1921: 68)

I ndán dá chuid ‘Mionn’, a foilsíodh 16 Márta 1912 ar an nuachtán *An Barr Buadh* a bhunaigh an Píarsach féin agus atá i gcló in *An Barr Bua*, (Ó Cathasaigh, 2012: 20), ceanglaíonn seisean, dála Róise, an cath náisiúnaíoch leis an chreideamh i bhfoirm paidre:

In ainm Dé, Dar Críost a Aonmhac, Dar Muire a Chaomh-mháthair, Dar Pádraig, Aspal Gael, Dar Dílseacht Cholm Cille, Dar clú ár gcine, Dar crú ar sinsear, Dar dúnmharú Aodha Rua,

Dar bás truamhéalach Aodha Uí Néill, dar oidhe Eoghain Rua, Dar mian an tSáirséalaigh le hucht a bháis, Dar osna éagomhlainn an Ghearlaigh, Dar créachtaibh crólinnteacha Tone, Dar fuil uasal Emmet, Dar corpaibh an Ghorta, Dar deoraibh deoraí nGael, Do-bheirimid na mionna do-bheireadh ár sinsir, Go bhfuasclóimid do ghéibheann ár gcinidh, Nó go dtitfimid bonn le bonn.

Is féidir a mhaíomh mar sin gur chuir ‘Máire’ tréith an chreidimh a bhí sa Phiarsach i Róise agus gur chreid sé féin mar a chreid an Piarsach go raibh sé de cheart ag muintir na tíre éirí amach. Maidin Luan Cásca tá Labhras Óg in Ardoifig an Phoist i measc na laochra móra ar an lá cinniúnach sin. Cuireann sé lúcháir ar Labhras Óg nuair a fheiceann sé saighdiúirí Shasana ag teitheadh roimh na hÉireannaigh agus cuid acu ag titim ar an bhealach ag imeacht dóibh. Cuimhníonn ‘Máire’ ar shlóite na marbh i gCaibidil XIII agus é ag maíomh go raibh a dtaibhsí i mBaile Átha Cliath seachtain na Cásca, go díreach mar a bhí taibhse Emmet sa *Hermitage*, dar leis an Phiarsach. Ina alt ‘Ghosts’ i Scoil Éanna sa *Hermitage*, (Lá Nollag, 1915) scríobh an Piarsach (in eagar ag Doherty, 2012: 175): ‘*The ghosts of a nation sometimes ask very big things: and they must be appeased, whatever the cost.*’

Iarradh an t-éacht mór ar Labhras Óg agus dála an Phiarsaigh féin, ghlac sé leis an iarratas agus ghlac sé páirt san éirí amach. Casann Labhras Óg agus Róise ar a chéile in Ardoifig an Phoist agus Róise ina ball den Chros Dhearg ag cuidiú leis na fir a gortaíodh sa chath. Cuireann sé lúcháir orthu beirt bratach na hÉireann a fheiceáil ag lúbarnaigh go glórmhar sa ghaoth. Cuireann ‘Máire’ béim ar dhearcadh an Phiarsaigh go raibh ‘an tír sábháilte ar feadh líne eile, bainimis nó caillimis an báire atá eadar lámha againn’, (Ó Grianna, 1921: 87), nuair a deir Labhras Óg na focail sin agus deir ‘Máire’ féin (88):

Bhí a fhios ag an Phiarsach gur shábháil obair na seachtaine sin Éire ar feadh líne eile daoine agus sin an rud a thug air a rá nach raibh eagla air roimh bhreithiúnas Dé ná breithiúnas an dreama a bhí le a theacht chun tsaoil.

Molann sé Séamas Ó Conghaile agus ‘na mná breátha’ a sheasaigh ar ghuailleacha na bhfear ‘ins an bhearna baoil’ ar an leathanach céanna.

Ceartha agus combhionannas na mban

Is den tábhacht a lua anseo go léiríonn ‘Máire’ tábhacht ról na mban san Éirí Amach go soiléir ina úrscéal *Mo Dhá Róisín*. De réir Groszewski (2013), is úrscéal ceannródaíoch é *Mo Dhá Róisín* ó thaobh stádas na mban de agus is léir mar sin go raibh dearcadh ‘Mháire’ ó thaobh an chomhionannais de, an-ghar don dearcadh a bhí i bhForógra Phoblacht na hÉireann, arbh é an Piarsach a scríobh an mhórchuid de. Ina scríbhinní *From a Hermitage* (Iúil 1913) scríobhann an Piarsach faoi sheanbhean ar ghoill sé go mór uirthi saighdiúirí Sasanacha

a fheiceáil ar a sráideanna agus a thugadh drochainmneacha orthu gach uair a shiúladh sí tharstu. Nuair a chasann Róise ar Labhras Óg sa chathair goilleann sé go mór uirthise na saighdiúirí a fheiceáil san áit ar cheart do Dháil Éireann a bheith agus impíonn sí ar Labhras Óg troid chrua a dhéanamh leis an tóir a chur orthu. Is ionann do dhearcadh na seanmhná i scéal an Phiarsaigh i dtaca leis na saighdiúirí agus dearcadh Róise orthu san úrscéal. Ní bheadh dul amú ort dá sílfeá gur bhunaigh an Piarsach agus ‘Máire’ íomhá na mban ar *Cathleen Ní Houlihan* sa dráma le Yeats agus í ‘*buoyed by the hope of getting my beautiful fields back again; the hope of putting the strangers out of my house*’. Maíonn Mac Congáil (2010: xx) go bhfuiltear ann a chreideann nár éirigh le Máire carachtar mná a bhí inchreidte a chruthú i gcás Róise. Ní aontaíonn Mac Congáil féin leis an tuairim sin, áfach. Deir seisean go raibh na mná go láidir chun tosaigh sa tréimhse sin agus nach bhfuil carachtaracht ná féiniobairt Róise chomh dochreidte sin. Tá tréithe na mná láidre i Róise, dála Elizabeth O’Farrell, an bhanaltra a sheas leis an Phiarsach nuair a ghéill sé don Ghinearál Lowe.

Shroich an scéal Ceann Dubhrann go raibh Éirí Amach i ndiaidh titim amach sa chathair agus, dar le ‘Máire’ in *Mo Dhá Róisín*, nach raibh as béal achan duine ar fud na tíre ach an chreach agus an slad a rinne scaifte beag de lucht mire ar an tír. Tagraíonn Máire do na daoine nár aontaigh leis an Éirí Amach mar ‘gaimbíní’ agus ‘seoiníní’. Tugann ‘Máire’ rabhadh do na daoine seo ag deireadh Chaibidil XIII ag rá nárbh iontas iad a bheith míshásta nuair a chonaic siad go raibh spiorad úr ag teacht i bhfeara óga na tíre agus nach mbeadh siadsan ná a macasamhail chomh héifeachtach ná chomh measúil i súile an phobail níos mó.

Gortaítear Labhras Óg sa chath agus dála an Phiarsaigh, bhí a fhios aige go raibh an bás ag teacht. Is le mórtas agus le bród a scaoileann Labhras Óg na focail seo agus é ar leaba an bháis, ‘Tá mé ag fáil an bháis is deise a thiocthadh le Gael a fháil’ (Ó Grianna, 1921: 95). Is iad sin go díreach na focail a tháinig as béal an Phiarsaigh i litir a scríobh sé chuig a mháthair an oíche sular scaoileadh leis: ‘*This is the death I should have asked for if God had given me the choice of all deaths, – to die a soldier’s death for Ireland and for freedom*’.

Nuair a chasann Róise ar Labhras Mór agus ar Bhríd Bheag ag tórramh Labhrais Óig i gCeann Dubhrann, insíonn sí dóibh nach bhfaca sí aon duine riamh ag gabháil chun báis a bhí chomh sásta leis ag imeacht. Dúradh go raibh an Piarsach réidh do bhreithiúnas Dé agus é ar a shuaimhneas sular caitheadh é. Cé gurbh é an Ginearál Blackadder a bhí ina uachtarán ar an armchúirt, ní gan choinníoll a d’aontaigh sé leis an bhreith. Deir Mac Uistín (2006: 1) go ndúirt an Ginearál Blackadder an oíche sin go raibh sé tar éis ceann de na dualgais ba throime dar cuireadh air riamh a chomhlíonadh: breith an bháis a thabhairt ar dhuine de na pearsana ab uaisle dar casadh riamh air. Cé nach mbeifeá ag déanamh go mbeadh ‘Máire’ agus Ginearál as Arm Shasana ag aontú lena chéile faoi rud ar bith, is dócha go n-aontódh siad leis an méid sin. Ina réamhrá i leabhar Mhic Uistín (2002: xiii) dúirt an Seanadóir Labhrás

Ó Murchú a bhí ina Chathaoirleach ar Fhondúireacht an Phiarsaigh: ‘Beidh Pádraic Mac Piarais i gcónaí mar inspioráid do Ghael a sheasann an fód ar son ár bhféiniúlacht náisiúnta agus atá ag saothrú an chultúir Ghaelaigh.’

Conclúid

Is cinnte gur shaothraigh ‘Máire’ an cultúr Gaelach go tréan lena linn agus an oiread sin leabhar foilsithe aige, leabhair atá á léamh go fóill. D’fhéadfaí a mhaíomh fosta go raibh sé faoi thionchar an Phiarsaigh agus é á scríobh agus go bhfuil fianaise de seo le sonrú maidir le cúrsaí polaitíochta, cúrsaí oideachais, cúrsaí creidimh agus cearta agus combhionannas na mban in *Mo Dhá Róisín*. Is fiú a thabhairt dár n-aire agus is inspéise an ní é gur chríochnaigh ‘Máire’ (1921: 103) a úrscéal le focail an Phiarsaigh ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa, ‘A fhad ia a bheas na huaigheannaí seo in Éirinn, ní bheidh suaimhneas inti gan saoirse’. Scríobh ‘Máire’ a leabhar *Feara Fáil* (1933) ar na laochra Gael a bhí aige. Bhí caibidil iomlán aige ar an Phiarsach agus cuid mhaith den chaibidil sin bunaithe ar a óráid ag uaigh Uí Dhionnabháin Rosa. Bhain sé úsáid as na focail chéanna in *Feara Fáil* (1933: 123), ‘Agus fad is bheas na huaigheanna seo in Éirinn ní bheidh suaimhneas gan saoirse inti.’ Dhealródh sé mar sin go raibh ‘Máire’ go mór faoi thionchar an Phiarsaigh agus é i mbun pinn.

Leabharliosta

Bardon, J., (2008) *A History of Ireland*. Gill & Macmillan.

Delap, B., (1993) *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Doherty, G., (eag.) (2012) *The Coming Revolution. The Political Writings and Speeches of Patrick Pearse*. Cork: Mercier Press.

Hegarty, A., (2005) *John Mitchel A Cause Too Many*. Camlane Press.

Hodgins, T., (2006) *‘Máire’ an fear á léiriú féin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Kinealy, C., (2004) *A New History of Ireland*. The History Press.

Mac Lochlainn, P., (1990) *Last Words*. Baile Átha Cliath: The Stationery Office.

Mac Congáil, N., (eag.) (2010) *Mo Dhá Róisín le ‘Máire’*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Piarais, P., (1912) *An Barr Bua*. Ó Cathasaigh, A. (2012) a chóirigh. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Síomóin, T., (2017) in *As Smaointe tig Gníomh, Coláiste Uladh, an Ghaeilge agus 1916*, Ó Searcaigh, S. (eag). Cill Dara: Clódóirí Nás.

Mac Uistín, L., (2006) *An Ród seo Romham*. Baile Átha Cliath: Comhar Teoranta.

Nic Eoin, M., (1982) *An Litríocht Réigiúnach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ó Baoighill, P., (1994) *Óglaigh na Rosann*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Conghaile, M., (2012) *Leabhar Mór na nAmhrán*. Indreabhán, Co. na Gaillimhe: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Gallchóir, S., (1992) *Peigí ar 'Mháire'*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Grianna, S., (1921) *Mo Dhá Róisín*. Baile Átha Cliath: Faoi chomhartha na dtrí gcoinneal.

Ó Grianna, S., (1924) *Caisleáin Óir*. Dún Dealgán: Preas Dún Dealgán.

Ó Grianna, S. (1933) *Feara Fáil*. Dún Dealgán: Cló-lucht 'An Scrúdduightheoir'.

Ó Grianna, S., (1942) *Nuair a Bhí Mé Óg*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.

Ó Grianna, S., (1945) *Saol Corrach*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.

Ó hAodha, S., (1922) *Óir-Chiste*. Baile Átha Cliath: Comhlacht Oideachais na hÉireann.

Ó Searcaigh, S., (2017), (eag.), *As Smaointe tig Gníomh, Coláiste Uladh, an Ghaeilge agus 1916*. Cill Dara: Clódóirí Nás.

Pearse, P., (2012) *The Coming Revolution*. In eagar ag Doherty, G. Cork, Mercier Press.

Pearse, P., (1976) *The Murder Machine and other essays*. Cork: Mercier Press.

Titley, A., (2002) *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ailt

Groszewski, L., (2013), 'Mná Forásacha, Neamhspleácha ag Máire'. *Comhar* Iml. 73, Uimh 9 (Meán Fómhair, 17– 9.

Foilseacháin Eile

Réamheolaire Scoil Éanna, 1908.

The Irish Volunteer, Feabhra, 1914.

Foinsí idirlín

<https://celt.ucc.ie//published/E900007-010/>



Grinnléitheoireacht á meas ag mic léinn ar chúrsaí Gaeilge (BA agus BEd) mar mhodh múinte le bheith ag foghlaim faoin scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge

Seán Mac Corraidh

<https://doi.org/10.13025/00e7-a797>

Intreoir

Tuairisc atá san alt seo ar thionscadal i dtaighde na meastóireachta a rinneadh sa bhliain acadúil 2019–2020 idir Deireadh Fómhair 2019 agus Nollaig 2019, i measc cohórt de mhic léinn dara bliain ar chúrsaí BA (Saorealaíona le Gaeilge) agus BEd (Baitsiléir san Oideachas le Gaeilge). Is é an cuspóir a bhí leis an tionscadal, luacháil a dhéanamh i measc na mac léinn sin, ar éifeacht na grinnléitheoireachta mar mhodh foghlama agus teagaisc. Bhí an dá ghrúpa ag foghlaim i gcuideachta a chéile agus bhí siad araon ag gabháil don mheasúnú chéanna .i. aiste anailíseach trí chéad focal a chumadh mar fhreagairt lena dtuiscint a léiriú, ar na téacsanna liteartha a ndearna siad grinnléitheoireacht orthu. An cheist taighde a d’adhain agus a threoraigh an tionscadal ó thús ná seo: Cad é a shíl na mic léinn den ghrinnléitheoireacht mar mhodh múinte agus iad ag foghlaim faoin scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge?

Is léir ón méid sin go raibh dhá ghort á dtreabhadh sa taighde seo ag an mheastóir taighdeora. Sa chéad áit, baineann an taighde le cineál a dtugtar ‘taighde meastóireachta’ air. Is é atá i gceist luacháil ar fheiniméan atáthar a mheas maidir le fiúntas agus éifeacht. Maille le gné na luachála ar chleachtas, baineann an taighde chomh maith le modh múinte a nglaoitear grinnléitheoireacht air, ar baineadh feidhm aisti le linn an tionscadail i dteagasc na litríochta leis an fhoghlaim faoi litríocht na Gaeilge a chur chun cinn i léachtaí a tugadh sa tréimhse réamhluaithe.

Meastóireacht

Is iomaí sainmhíniú a thug, agus léirshamhail a chum teoiricithe agus cleachtóirí na meastóireachta ar an rud is ‘meastóireacht i gcomhthéacs an oideachais’ ann, de réir a dtosaíochtaí féin, síos trí na blianta. Mar shampla, mhaígh Thorndike (1932) agus Ebel (1973) gur geall í le ‘miosúr oideachasúil’. Scríobh Glaser (1970) agus Tyler (1949) gur cur i gcomparáid atá i gceist léi, idir torthaí agus cuspóirí. Bailiú eolais atá i gceist le cuidiú le cinnteoireacht dar le Stufflebeam *et al.* (1971) agus Dressel (1976). Thug Scriven (1967) an tuairim uaidh gur le breithiúnas gairmiúil a bhain an próiseas ach nocht Stake (1975), agus Parlett agus Hamilton (1976) an bharúil nach le breithiúnas a bhain sí in aon chor, ach le léargas, le léiriú agus le freagrúlacht.

Sa tionscadal taighde atá faoi thrácht san alt seo, bhíothas ag iarraidh modh múinte na grinnléitheoireachta a mheas agus is faoi pharaidéim chlasaiceach nádúraíoch a tugadh faoin saothar. Tá an cinneadh sin le sonrú ar na modhanna bailithe sonraí, ceistneoir agus agallamh fócasghrúpa, a roghnaíodh le heolas a chruinniú a bheadh mar bhunús ag an luacháil a dhéanfaí ar mhodh na grinnléitheoireachta. Bhíothas dóchasach go soláthródh an ceistneoir agus an t-agallamh sonraí ‘boga, saibhre’, a d’inseodh scéal fíor agus cóir na meastóireachta trí idirbheartaíocht na bpáirtithe leasmhara .i. na mic léinn agus an léachtóir. Is ard í an pharaidéim nádúraíoch seo maidir le bailíocht ach is íseal í sa chás seo maidir le hinghinearálaitheacht de dheasca líon beag na rannpháirtithe (15 san iomlán) as an aon institiúid amháin.

Grinnléitheoireacht

Is fada an ghrinnléitheoireacht cíortha agus molta mar mhodh struchtúrtha éifeachtach múinte do mhic léinn tríú leibhéal leis an tuiscint atá siad a bhaint as an scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge agus as na scríbhneoirí Gaeilge a nochtadh (Ó Doibhlin, 1965; Ó Doibhlin, 1973; Mag Shamhráin, 1986). I gcomhthéacs theagasc litríocht an Bhéarla, maíonn Duck (2018) go gcothaíonn an ghrinnléitheoireacht deacrachtaí do mhúinteoirí Béarla. Os a choinne sin, aibhsíonn sé modh na grinnléitheoireachta le tábhacht agus ról na teanga sa litríocht a léiriú. Fiosraíonn Hanratty (2018) peirspictíochtaí, taiscéalaíochtaí agus impleachtaí oideolaíocha don tseomra ranga Béarla agus machnamh liteartha-chriticiúil á dhéanamh ar theanga agus ábhar sleachta as saothair le scríbhneoirí Angla-Éireannacha ar nós Seamus Heaney, Brendan McMahon, Patrick McCabe agus James Joyce. Maidir le litríocht na Nua-Ghaeilge, is é Breandán Ó Doibhlin is mó a shaothraigh an gort seo agus mhaígh seisean (Ó Doibhlin, 1973: 22) gur ‘gníomh cruthaitheach’ atá sa léitheoireacht agus go gcaithfeadh léitheoirí na focail agus an méid a chuir an t-údar isteach iontu a ‘athchruthú’ ina n-intinn féin agus nach bhfuil dóigh níos fearr chuige sin ná grinnléitheoireacht. Cad é atá i gceist le próiseas na grinnléitheoireachta? Is ionann í agus *explication littéraire* na Fraincise agus *close reading* an Bhéarla ‘...modh staidéir a chinntíonn go dtéann an mac léinn i gcoimhlint leis an

saothar litríochta ann féin agus go léiríonn sé freagairt éigin ar pé méid a thuigeann sé as' (Ó Doibhlin, 1965: 24–5). I leabhar ina ndeachaigh an Doibhleanach i ngleic le ceisteanna na litríochta agus na léitheoireachta ó thaobh na Gaeilge de, d'aibhsigh sé (Ó Doibhlin, 1973: 23–4) na trí chéim seo a leanas sa léirshamhail a cheadódh do mhac léinn anailís soléite ar théacs as saothar liteartha a chur in eagar agus a tháirgeadh:

1. Is é atá sa chéad chéim léamh agus athléamh 'go dtí gur cuid díot féin é, go bhféadfá é a athscríobh beagnach as do cheann féin...'
2. Is le haimsiú mhian an údair a chum an píosa, a bhaineann an dara céim agus moltar sin a chomhlíonadh trí thacar ceisteanna a fhreagairt leis an téacs a 'shuíomh go cruinn ina chomhthéacs' m.sh. 'Cad is mian leis an scríbhneoir a dhéanamh sa dréacht seo?'
3. Baineann an tríú céim leis an chumadóireacht agus an tionchar atá an t-údar ag iarraidh a imirt ar an léitheoir.

Na sleachta próis agus filíochta a roghnaíodh don ghrinnléitheoireacht le linn an tionscadail

Is iad seo a leanas na sleachta próis agus filíochta a ndearnadh grinnléitheoireacht orthu le linn an chúrsa. Bunaíodh an tionscadal seo taighde ar bharúlacha na mac léinn den mhodh sin anailíse a cleachtadh le linn dóibh dul i ngleic leis na sleachta sin:

- Sliocht as tús an ghearrscéil 'Ar an Trá Fholamh' in *An Grá is an Ghruaim* (Seosamh Mac Grianna, 1972/1929: 73–4)
- Sliocht as tús an úrscéil *An Druma Mór* (Seosamh Mac Grianna, 1969: 1–2)
- An leagan den tseanamhrán grá, 'Bean an Fhir Rua' atá le fáil in *Seán Bán Mac Grianna: Scéalta agus Amhráin*. (Mac Corraidh, S., (eag.), 2010: 41–2)
- Sliocht as *Ceo Meala Lá Seaca* (Mac Liammóir, M., 1963: 299–300)
- Sliocht as *Na Glúnta Rosannacha* (Ó Dónaill, N., 1974: 132)
- An dán brónach *Tubaiste Bhaile Mhánais* a chum Niall Mac Eachmharaigh faoin tubaiste a luaigh Ó Dónaill (1974: 132)
- Leagan Thoráí den tseanamhrán grá 'An Draighneán Donn'
- Sliocht as tús an úrscéil *Cré na Cille* (Máirtín Ó Cadhain, 1949: 1–2)

Ag dearbhú thuiscint na mac léinn le comhthéacsú saibhir agus straitéisí teagaisc a laghdóidh dúshlán na teanga liteartha roimh dhul i gceann na dtrí gcéim i gconair na grinnléitheoireachta ar tagraíodh dóibh thuas (Ó Doibhlin, 1973: 23–4)

Is minic a thugann teanga liteartha sa Ghaeilge agus tuiscint na teanga sin dúshlán na mac léinn. Ar an tséala sin, baineadh feidhm as íomhánna difriúla (m.sh. grianghraif, pictiúir, línióchtaí) ar *Powerpoint* agus as straitéisí éagsúla teagaisc (m.sh. achoimriú, athrá, áibhéil, léirmhíniú, eiseamláiriú, soláthar leaganacha malartacha agus aistrithe (ráite agus scríofa), ceistiú, dearbhú) agus an rang i mbun na léitheoireachta le comhthéacsú saibhir a thabhairt don teanga liteartha dhúshlánach a raibh sé de chuspóir leo an dúshlán sin teanga a laghdú a oiread agus ab fhéidir le conair na hanailíse a éascú do na foghlaimeoirí (Cummins, 1984). Cuireadh an sliocht ansin i gcomhthéacs an téacs iomláin agus fiosraíodh cumadóireacht an údair. Is ansin, mar a mhol Ó Doibhlin (1973: 25) a dhéanamh, a aimsíodh an t-ábhar, a beachtaíodh cuspóir an údair, a cláraíodh úsáid teanga an údair agus a meabhraíodh fealsúnacht an údair agus tionchar féideartha scríbhneoirí eile ar an údar. Comhairlíodh do na mic léinn an téacs a léamh ‘arís agus arís eile go dtí gur cuid díot féin é’ (Ó Doibhlin, 1973: 23) sula dtabharfadh siad faoi anailís trí chéad focal a chumadh.

Modheolaíocht

Taighde cáilíochtúil a bhí sa taighde seo agus mar sin de, is dírithe ar bhriathra na mac léinn a bhí an taighdeoir le teacht ar mhodhanna meastóireachta ar an ghrinnléitheoireacht. Socraíodh go luath sa tionscadal gur trí cheistneoir agus fhócasghrúpa a bhaileofaí sonraí. Measadh é seo mar go bhféadfaí réimse leathan tuairimí a fháil ag úsáid an dá mhodh seo taobh istigh den teorainn a bhí leis an obair. Ní fhéadfaí toiseacht ar an tionscadal taighde ar chor ar bith gan cúrsaí eitice a fháil i gceart sa choláiste ollscoile agus ar an tséala sin, scríobhadh chuig an choiste eitice san institiúid agus chuig príomhoide an choláiste ollscoile ag míniú an taighde agus ag iarraidh cead é a dhéanamh (Aguisín 1). Fuarthas an cead sin agus tosaíodh ar an chur i gcrích. Ghlac an coiste eitice leis na modhanna bailithe sonraí a bhí beartaithe agam agus measadh go raibh siad ag teacht le treoirlínte na hinstitiúide maidir le measúnú riosca, agus le stóráil agus cosaint sonraí. Is é an t-aon rud amháin a d'iarr siad nó go ndéanfaí soiléir é nach rachadh rannpháirteachas nó easpa rannpháirteachais na mac léinn i bhfeidhm ar a bhfeidhmíocht in aon mheasúnú a dhéanfaí ar na téacsanna roghnaithe agus rinneadh sin. Scríobhadh chuig na mic léinn a bhí i gceist lena gcead a iarraidh an ceistneoir a chur chucu agus lena dhearbhu go raibh siad toilteanach an ceistneoir a chomhlánú (Aguisín 2). Scríobhadh arís chucu lena gcead a iarraidh go mbeadh siad páirteach i bhfócasghrúpa ar ábhar na grinnléitheoireachta (Aguisín 3). Sa dá chás iarradh orthu a chur in iúl cé acu ba mhian leo bheith páirteach nó nár mhian.

Sa tslí is go bhféadfaí léiriú a fháil ar thuairimí an ghrúpa iomláin a beartaíodh ar cheistneoir páipéir a chur i gceann a chéile a mheallfadh freagraí ó oiread ball den ghrúpa agus ab fhéidir (Aguisín 4). Sa deireadh fuarthas ceistneoir comhlánaithe ó chúig dhuine dhéag as dhá dhuine dhéag is fiche, deichniúr de lucht BEd agus cúigear de lucht BA. Figiúr atá ionadaíoch agus léiritheach go maith ar an dá ghrúpa. Rinneadh iarracht fócasghrúpa de chúigear a tharraingt le chéile agus sa deireadh triúr a nocht ag an am agus san áit a socraíodh (Aguisín 5). Rinneadh taifeadadh ar an agallamh leis an fhócasghrúpa agus mhair sé cúig bhomaite is fiche. Scríobhadh focail na mac léinn gan baint díobh ná mionathrú a dhéanamh orthu.

Fionnachtana agus tátail le baint as an tionscadal meastóireachta seo

Dearadh ceisteanna an cheistneora agus an agallaimh don fhócasghrúpa sa chaoi is go bhféadfadh na mic léinn meastóireacht a dhéanamh ar an ghrinnléitheoireacht mar a cuireadh i bhfeidhm í sna léachtaí mar mhodh lena n-eolas ar litríocht na Gaeilge a thabhairt chun cinn. Iarraidh barúlacha na rannpháirtithe díobh seo a leanas:

- úsáideacht na grinnléitheoireachta;
- na heispéiris iad féin;
- leibhéal an tsuilt a baineadh aisti;
- gnéithe den ghrinnléitheoireacht a thaitin leo;
- gnéithe den ghrinnléitheoireacht nár thaitin leo;
- cáilíocht an bhisigh a tháinig ar a dtuiscint agus an fhoghlaim a rinneadh ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge;
- na téacsanna iad féin agus an stíl scríbhneoireachta a ndearnadh grinnléitheoireacht orthu;
- an fhreagairt phearsanta agus dóigheanna eile le freagairt do théacsanna;
- an dóigh ar cuireadh na téacsanna i láthair agus an cur chuige a bhí in úsáid; agus
- aon rud eile ar mhaith leo trácht air faoin ghrinnléitheoireacht.

Úsáideacht na grinnléitheoireachta agus na heispéiris iad féin

I bhfreagraí ar an cheistneoir, níor mheas duine ar bith go raibh an modh gan úsáid. Shíl dhá dhuine dhéag acu go raibh sé measartha úsáideach nó úsáideach. Bhí beirt a shíl é a bheith an-úsáideach agus bhí duine amháin den bharúil go raibh sé iontach úsáideach ar fad. Bhí go leor de na freagraí ag tagairt don deacracht a bhraith siad ag iarraidh teanga na dtéacsanna a thuiscint, ‘shíl mé go raibh cúpla leabhar suimiúil ach in amanna bhí siad iontach deacair a thuiscint’; ‘bhí na téacsanna ródheacair a thuigbheáil agus a aistriú’; ‘bhí sé iontach maith ach uaireanta eile bhí sé rud beag deacair fosta’; ‘bhí an ghrinnléitheoireacht deacair

i gcomparáid le gnáthlitríocht ach fuair muid tuilleadh léargais maidir lenár gcultúr'; 'sílim go raibh an litríocht agus na téacsanna iontach deacair'. Bhí freagróirí eile a mheas go raibh an léitheoireacht deacair ach go raibh sí suimiúil san am céanna nuair a chuir siad stró orthu féin an teanga a thuigbheáil mar is ceart agus a thabhairt leo: 'bhí sé suimiúil ag léamh na leabhar'; 'bhí sé suimiúil agus úsáideach agus d'fhoghlaim mé frásaí, seanfhocail agus foclaí nua'; 'bhí sé doiligh in amanna an cheist a thuigbheáil. Ag an am céanna, bhí sé suimiúil go leor tuiscint a fháil ar an stair agus an dúchas taobh thiar de na scéalta seo.' Labhair freagróir eile faoi a dhúshlánaí a bhí na heispéiris ach gur threabh sí léi ar an ábhar go raibh suim aici ann agus gurb í 'an pháirt is fearr liom sa mhodúl Gaeilge'. Bhí beirt eile fós a léirigh a míshásamh, duine amháin ó thaobh na deacrachta de agus duine eile ó thaobh na heaspa corraitheachta de: 'Sílim go raibh sé leadránach agus an téarmaíocht iontach deacair a thuiscint'; agus 'Bhí sé ceart go leor ach ní raibh sé ar an eispéireas is sceitimíní.' Dhaingnigh cainteoir C san fhócasghrúpa an bharúil gur i saibhriú agus i bhfeabhsú a cuid Gaeilge a bhí úsáideacht na grinnléitheoireachta: 'Tá siad chomh saibhir. Sin dóigh mhaith le feabhas a chur ar do chuid Gaeilge.' Is ar fhairsingiú a stór focal a dhírigh cainteoir A: 'Is maith liom ag léamh rudaí atá i dteanga... Mar faigheann tú... *just*...focail...liosta focal... *kind of*...is féidir leat a úsáid.'

Mar sin de, is cinnte go raibh deacrachtaí móra ag a lán de na mic léinn le teanga na dtéacsanna. Cuimhnigh fosta nach úrscéalta ná gearrscéalta iomlána a bhí i gceist ach téacsanna nach raibh chomh fada sin. Mar sin de, luíonn an dúshlán le nádúr na teanga iontu agus ní lena bhfad ná lena ngiorracht, cé gurbh iontach an rud go raibh sé le maíomh ag duine amháin go raibh na téacsanna 'rófhada bunús an ama'.

Leibhéal an taitnimh nó an mhíthaitnimh

Dáileadh normálta a bheadh ar ghraf na bhfreagróirí dá dtarraingeofaí é maidir leis an sult a bhí le baint acu as modh na grinnléitheoireachta de réir freagraí ar an cheistneoir. Bhain a bhformhór, trí dhuine dhéag acu, sult nó measarthacht suilt as modh na grinnléitheoireachta. Bhí duine amháin a bhain sult mór as agus duine amháin nár bhain sult ar bith as. Is spéisiúil le rá é go raibh níos mó freagróirí a dúirt go raibh an obair deacair ná a dúirt sin fosta agus nár baineadh sult as. Seans gur frustrachas atá i gceist sa fhreagra seo mar gheall ar gan bheith ábalta ciall a bhaint as teanga na sleachta. Bhí sé le maíomh ag an duine seo go raibh 'cuid de na téacsanna suimiúil ach...ródheacair'.

Bhí an rannpháirtí a dúirt gur bhain sé/sí sult mór as an ghrinnléitheoireacht an-tógtha ar fad faoin chur chuige: 'Is maith liom an tsaoirse atá ann nuair atá tú ag déanamh machnaimh nó meastóireachta air. Is féidir ciall níos doimhne a fháil de bharr na dteicnící liteartha cosúil le meafar'. San am céanna d'admhaigh an freagróir céanna gur bhain sé tamall fada as/aisti friotal na dtéacsanna a thuigbheáil go hiomlán ach gurbh fhiú sa deireadh é: 'Ní maith liom chomh fada a ghlacann sé chun tuigbheáil a fháil air ach tuigim go bhfuil sin mar chuid den dúshlán.'

Maidir leo sin sa cheistneoir a mhaígh gur bhain siad sult as an ghrinnléitheoireacht, is cinnte go raibh ceangal ag an chur chuige oideolaíoch, ar a n-áirítear briseadh síos a sholáthar ar na píosaí léitheoireachta, le sult a chothú agus an bharúil sin a thabhairt: ‘thaitin sé go mór liom nuair a briseadh síos na píosaí léitheoireachta. Bhí dhá chiall le roinnt frásaí agus bhain mé sult as iad a fhiosrú. Thagair duine eile do dheacracht na teanga a bhí le léamh agus le scríobh ach fosta do ghalántacht na teanga céanna. Bhí an dúil sin sa teanga coitianta go maith sna freagraí ar cheist seo an tsuilt: ‘bhain mé tairbhe as na nathanna cainte a bhí lárnach sna scéaltaí seo uilig’; ‘bhain mé sult as na scéalta iad féin agus is maith liom ag foghlaim na bhfocal nua.’; ‘bhain mé sult as an teanga áitiúil a d’úsáid na scríbhneoirí uile.’ Bhain freagróirí sult fosta as na tagairtí don stair agus do chultúr na tíre agus do stíl na n-údar: ‘na teicnící agus na híomhánna’; ‘bhain mé sult as an stair, mar shampla, Tubaiste Bhaile Mhánais.’; ‘ag amharc ar stair na hÉireann agus ag plé saoil in Éirinn fadó’; ‘ag amharc ar litríocht, ar stair na hÉireann.’ D’aibhsigh cainteoir C san fhócasghrúpa an smaoineamh céanna nuair a dúirt sí: ‘Stair na hÉireann agus an tíreolaíocht...fiú na glúnta Rosannacha...*ye know*...ní raibh a fhios agam ...chuala mé focal na ‘Rosses’ caite thart...ach tuigim anois cad is brí leis agus tá sé deas nuair atá tú in ann sin a thabhairt abhaile leat.’

Níl amhras ar bith ach go bhfuil mealladh láidir ag go leor mac léinn leis an ghné stairiúil sa scríbhneoireacht ach go ndruideann castacht na teanga liteartha, fiú i ndiaidh mhíniú an léachtóra, doirse ar an fhiosrú do go leor acu fosta. Bhí taitneamh le baint as éagsúlacht na bpíosaí difriúla a rabhthas ag gabháil dóibh seachas bheith ag plé le húrscéal amháin, de réir duine de na freagróirí, pointe a shílfeadh duine a bheadh ní ba mhinice i bhfreagraí na mac léinn, ach ní raibh.

Cáilíocht an bhisigh a tháinig ar a dtuiscint agus an fhoghlaim a rinneadh ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge

Léirigh beagán ochtar de na freagróirí sa cheistneoir gur tháinig biseach measartha ar a dtuiscint ar an scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge mar gheall ar an ghrinnléitheoireacht. I measc na tráchtairachta a rinne an t-ochtar sin bhí ‘scríbhneoirí difriúla’; ‘bhisigh sé mo chuid Gaeilge, go háirithe nathanna cainte’; ‘d’fhoghlaim mé rudaí nua agus bhí suim agam iontu’; ‘tá tuiscint níos fearr agam ar na filí agus ar an inspioráid a fuair siad’; ‘d’fhoghlaim mé stíl scríbhneoireachta úsáideach mar shampla ag úsáid íomhánna’; ‘tá stór focal níos fearr agam maidir le sean-nós srl.’ Is léir ó thráchtairacht an ghrúpa áirithe sin go ndearnadh measarthacht foghlama le linn na grinnléitheoireachta, leibhéal atá ag teacht lena mbarúil féin den bhiseach a tháinig ar a dtuiscint. Gnéithe éagsúla de na téacsanna a d’aibhsigh an grúpa seo ó thaobh a mbarúlacha díobh ar a n-áirítear spéisiúlacht, fusacht agus deacracht maidir le tuiscint, an dóigh ar fhaibhrigh íomhánna ina n-intinn mar thoradh ar an léitheoireacht, agus stairiúlacht. Is ar an fheidhmiúlacht agus ar dheise na cainte a dhírigh cainteoir C: ‘Tá

sé i bhfad níos deise as Gaeilge...fiú an foclaíocht uilig...Mac Grianna...Ó Grianna...tá ciall leo...tá siad deas...' le linn do chainteoir B san fhócasghrúpa bheith ag díriú a hairde ar an eolas úr a fuarthas amach le linn phróiseas na grinnléitheoireachta:

...go bhfuil neart litríochta trí mheán na Gaeilge ann agus níl fiú a fhios againn... muna raibh an rang sin againn, *like*...ní bheadh a fhios againn ach anois tá léargas níos fearr againn agus thig linn é a léamh agus anailís chriticúil a dhéanamh air.

Níor mhaígh ach beirt gur bhisigh a dtuiscint ar an scríobh liteartha i nGaeilge go mór agus luaigh siad gur thuig siad anois na cleasa agus na teicnící a bhíonn in úsáid sa scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge agus go dtiocfadh leo iad a chur i bhfeidhm ar a gcuid scríbhneoireachta féin. Bhain an bheirt sin sult as saibhreas na Gaeilge agus as an tsoiléireacht a rinne na sleachta ar áiteanna a raibh eolas áirithe acu orthu roimhe seo: 'fuair mé léargas níos soiléire ar stair na gceantar sin.' An t-aon trácht dhiúltach a rinneadh go raibh 'cúpla téacs saghas róchosúil agus d'éirigh muid measctha suas.'

Cúigear de na rannpháirtithe sa cheistneoir a raibh sé le rá acu gur bhisigh a dtuiscint beagán agus i measc na gcúiseanna a luaigh siadsan bhí 'foghlaim frásaí nua'; '...seanfhrásaí le cuidiú liom cur síos ar rudaí'. Bhí an téad sin ar fud fhreagraí an chúigir seo, is é sin, mar a chuir duine acu síos air, 'aithním cuid mhór focal nua agus tá tuiscint níos fearr agam ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge.' Leis an fhírinne a dhéanamh, d'fhéadfaí an cheist a chur an bhfuil an tráchttaireacht sin sa chatagóir cheart 'beagán bisigh' nó níl siad ag teacht le chéile. Bhí ionracas gan scáth ag baint le freagraí an ghrúpa seo. Thrácht duine amháin acu seo go neamhbhalbh nár shíl sé a lán le fírinne de na téacsanna. Lochtaigh duine eile fad na sleachta rud a chiallaigh go raibh sé 'níos deacra na téacsanna a thuiscint.'

Téacsanna agus stíleanna scríbhneoireachta

Maidir leis na téacsanna a roghnaíodh, i bhfreagraí an cheistneora, baineadh úsáid as réimse aidiachtaí le cur síos a dhéanamh orthu ar a n-áirítear: 'maith', 'suimiúil', 'leadránach', 'fada', 'iontach', 'deacair a thuiscint', 'brónach', 'tragóideach', 'éifeachtach'. 'Cumhachtach' agus 'domhain' a bhí na téacsanna a léigh muid, a dúirt cainteoir C san fhócasghrúpa. Baineadh sult agus taitneamh astu, ach lena chois sin, bhí cúpla duine i measc na bhfreagróirí a fuair leadránach iad, gan suim ná sult. Léirigh cainteoir A san fhócasghrúpa méid an tsuilt a bhain sí as blaiseadh a fháil de shaothar Uí Chadhain: 'Is maith liom Cré na Cille...bhain mé an-sult as sin...dochreidte...dochreidte (go bhfuil sé suite i reilig)' agus d'aithin cainteoir A uathúlacht na scríbhneoireachta:

.Tá sé difriúil ó leabharthaí eile a bhí ann.' Is ar pháosa ealaíonta scríbhneoireachta de chuid Mhichíl Mhic Liammóra a tarraingíodh a haird chomh maith céanna: 'an chéad cheann...

Béarla, Gearmáinis, Fraincis an chéad cheann... taitníonn sin go mór liom agus tá sé furasta scríobh faoi sin chomh maith ...tá sé deacair go leor ach nuair atá sé mínithe agat tá sé maith.

Mar ghné ghinearálta, thaitin 'na teicnící...athrá agus uaim agus rudaí mar sin' le cainteoir B san fhócasghrúpa agus chuaigh an sliocht as an ghearrscéal 'Ar an Trá Fholamh' le Seosamh Mac Grianna go mór i gcion ar an duine céanna:

Sílim gurb é An Trá Fholamh an ceann is fearr. Bhain mé an-sult as an cheann sin... bhí sé chomh cumhachtach... bhí an scéal fíormhaith...ach...like... bhí a lán réalaiochta i gceist...ní raibh sé ag scríobh faoi...i... samhlaíocht s'aige...tharla na rudaí sin agus ba chóir dúinn eolas a bheith againn air sin.

Is iontach an dóigh ar luaigh freagróir amháin gur mhothaigh sé go raibh sé féin gan muinín a bheith aige agus é ag gabháil do gach téacs, chóir a bheith.

Freagairt phearsanta agus dóigheanna eile

I bhfreagraí an cheistneora, moladh cúpla dóigh seachas aiste trí chéad focal a bhféadfaí freagairt do théacs. Mhol beirt go díreach ceisteanna a fhreagairt agus gan aiste a scríobh. Scríobh freagróir eile gur cóir 'níos mó Béarla a chur in aice leis an Ghaeilge'. Measaim gur moladh atá sa ráiteas sin faoin mhodh teagaisc, gur cóir níos mó den aistriúchán a úsáid. Pointe inspéise a bhí ag freagróir eile gur cóir 'níos mó taighde a dhéanamh ar na húdair agus ar an chúla s'acu'. Rinne cúpla duine tagairt don taitneamh a bhain siad as na ranganna agus 'an dóigh atá in úsáid againn, ag briseadh é (sic) síos píosa ar pháosa. Is féidir linn tuiscint a fháil ar chuid amháin in áit bheith an-chorraithe leis an teanga choimpléasc'. Dar le cainteoir A, rinneadh an rogha cheart nuair a chuathas i gceann na grinnléitheoireachta:

Is maith liom ag scríobh freagairt phearsanta mar is féidir leat do théarmaí féin a chur isteach... ach ag an am céanna... b'fhéidir uaireanta.... chuaigh mé thall...like off track kind of...sílim... ach is maith liom sin in áit ag freagairt ceisteanna air.

Rinneadh díospóireacht le linn agallamh an fhócasghrúpa ar na trí chéad focal a bhí le scríobh faoi gach píosa agus nocht Cainteoir C an tuairim nach raibh a dhóthain sa líon sin focal:

Má déir tú trí chéad focal...ach go bhfuil tú sásta go leor má théann tú thar..thairis...chun gach rud a chomhlíonadh níl trí chéad focal réalaioch...Bhí sé deacair trí chéad focal a scríobh... thug tusa sórt teoracha cineál dúinn...le cuidiú...tá chóir a bheith trí chéad focal ansin san intreoir...ach gach rud a thug tú dúinn níl go leor in dtrí chéad focal...ach tuigim cén fath go

ndearna tú sin agus tá daoine áirithe a bhfuil trí chéad focal...sin go leor dóibh...ach chun an rud a chomhlíonadh a thug tusa dúinn...níl sé...

Os a choinne sin b'fhearr le cainteoir B míle uair na trí chéad focal ar shliocht ná míle ar leabhar iomlán 'déarfainn...b'éigean duitse míle focal a scríobh ar leabhar iomlán... *like*... níl ciall ar bith leis. Tá sé i bhfad níos fearr leathanach amháin agus ansin trí chéad focal... thig leat sin a dhéanamh.

Cur i láthair agus cur chuige

Dearfach go maith a bhí an chuid is mó de na freagróirí sa cheistneoir agus iad ag trácht ar an dóigh ar cuireadh na téacsanna i láthair. Luaigh agus mhol seisear acu an úsáid a baineadh as *Powerpoint*, go háirithe na híomhánna a rinne soiléir an téacs agus a chuidigh leis an tuiscint: 'bhí sé an-éifeachtach. Bhain mé sult as na ppts toisc go raibh mé ábalta na pictiúir a fheiceáil chomh maith le focail'; 'cuireadh iad i láthair ar dhóigh eolasach agus taitneamhach'; 'bhí sé briste suas le pictiúir.' Moladh gur cheart leathanach eile agus nótaí air a sholáthar chomh maith leis na sleamhnáin ar an *Powerpoint*. Bhí dúil ag cainteoir C i ngiorracht na bpíosáí: Bhí tú in ann díriú ar an phíosa sin agus é a fhoghlaim i gceart... in áit bloc ollmhór.

Ceathrar go díreach sa cheistneoir a raibh aon rud eile le rá acu faoin ghrinnléitheoireacht diomaite de bheith ag freagairt na gceisteanna sa cheistneoir. Den chuid is mó, bhí na ráitis bhreise sin cuidiúil. Moladh go gcuirfí eiseamláir ar fáil go bhfeicfí go díreach cad é a bhíothas a éileamh orthu. Chuir sé as do dhuine eile go raibh siad 'ag scríobh faoi píosa amháin agus muid ag déanamh píosa eile uaireanta.' Mheas duine eile gur 'gné ríthábhachtach é (an ghrinnléitheoireacht) d'fhoghlaim na Gaeilge.' Bhí an cineál seo oibre iomlán úr ag an cheathrú duine. Bhí sé deacair aige agus fuair sé suimiúil é. 'Ní raibh mé an-mhaith ag scríobh na n-aistí ar na scéalta mar ní dhearna mé obair ar bith mar seo riamh.' Rinne cainteoir B san fhócasghrúpa gearán go raibh píosa le scríobh faoi théacs amháin le linn duit bheith ag plé leis an chéad téacs eile agus go raibh sé sin ag cur mearbhaill uirthi: 'Bhí se píosa deacair... *like*...em... *like*...thosaigh muid scéal eile agus bhí orainn an scéal...scríobh faoin scéal ón tseachtain roimhe...agus bhí mé giota beag measctha suas.' Ina dhiaidh sin ba léir go raibh sásamh le mothú faoi ghontacht na bpíosáí a bhí le léamh go grinn mar a chuir cainteoir A san fhócasghrúpa in iúl: 'Tá sé níos fearr leathanach amháin a léamh mar faigheann tú blas den rud in áit a bheith faoi strus gach rud a thuigbheáil is gach rud.' Le linn agallamh an fhócasghrúpa, moladh go hairde na spéire an cur chuige ar tugadh faoi i gcur i láthair na dtéacsanna: 'Roghnaigh tú píosaí maithe chomh maith...an bhfuil a fhios agat tá siad suimiúil... na píosaí atá muid a léamh...na cúpla leathanach sin tá go leor iontu...tá blas de gach rud'; 'Bhí sé maith i gcomhar an tuigbheáil (sic)...ceapaim'; 'Ghlac tú d'am...nuair a imíonn tú róghasta, cailleann tú daoine'; 'Bhris tú na sleamhnáin síos le gach rud a bhí le chéile...bhí siad...*like*... bainte le chéile...bhí nasc ann...agus ansin an sleamhnán eile bhí sé ag caint faoi rud éigin

eile...ní raibh mórán eolais ann ag aon am amháin' (B); 'an dóigh atá tusa ag déanamh...níl tú ag glacadh cuid mhór eolais ag aon am amháin...téann sé isteach...faigheann tú tuigbheáil agus ansin...is féidir leat bogadh ar aghaidh' (A). Léiríonn na ráitis sin thuas an-sástacht ar fad ar fad leis na modhanna múinte ar baineadh úsáid astu sna léachtaí.

Conclúid agus an fhoghlaim a rinneadh faoin ghrinnléitheoireacht de réir na mac léinn

Sa chonclúid seo, is mian liom filleadh ar an bhuncheist taighde a chuir mé romham a fhreagairt i dtús an turais: Cad é a mheas na mic léinn den ghrinnléitheoireacht mar mhodh múinte agus iad ag foghlaim faoin scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge?

Fuarthas an ghrinnléitheoireacht úsáideach sa tionscadal seo ach de dheasca na ndúshlán a bhaineann leis an teanga liteartha, caithfear feasta nathanna cainte a mhíniú go mion agus comhréir na teanga a bhaint ó chéile. Caithfear iarraidh a thabhairt ar dheacracht na teanga a laghdú do na mic léinn, m.sh.; trí níos mó teagmhála le sleachta liteartha Gaeilge, trí fhairsingiú a stór focal agus trí bheith ag tógáil rudaí go socair réidh agus gan bheith ag deifriú.

Ba den dea-chleachtas é beatha agus fealsúnacht an údair a phlé mar chúlra don téacs agus a aithint go dtig le próiseas na grinnléitheoireachta deis a thabhairt do mhic léinn a gcuid Gaeilge a fhairsingiú chomh maith le heolas a chur ar intinní, ar chuspóir agus ar theicnící an údair.

Pointe inspéise an dúil a léiríodh sa ghné stairiúil de na téacsanna. Ba cheart feasta leas a bhaint as an dúil atá acu i dtagairtí don stair agus d'fhírinne na staire agus a chinntiú go mbíonn sleachta as saothair na scríbhneoirí seanaitheanta Gaeilge san áireamh, chomh maith le scríbhneoirí comhaimseartha.

Ba mhaith an smaoineamh é a dhéanamh cinnte go mbíonn na gnéithe seo a leanas ar tagraíodh dóibh maidir le tuiscint ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge a fheabhsú, le sonrú ar na téacsanna a roghnaítear: éagsúlacht, spéisiúlacht (a mbeidh lámh in uachtar aici ar an deacracht a chothaíonn leadránacht) fusacht le tuiscint, íomháineachas, deise agus saibhreas cainte srl. Ba chóir cur le húsáid íomhánna i bhfoirm grianghraf, líníochtaí agus pictiúr le comhthéacs saibhir a sholáthar do thuiscint na bhfocal scríofa a laghdós dúshlán na tuisceana agus aistriúchán Béarla a sholáthar chomh maith.

Feasta, ba mhaith an rud é eisleamláir den chineál cuntais a mbeifí ag dúil leis ó na mic léinn a sholáthar le go bhfeicfidís cad leis a bhfuil sé cosúil agus gan tosú ar théacs úr go dtí go mbeidh an scríobh déanta acu ar an téacs a ndearnadh grinnléitheoireacht air roimhe sin.

Focal scoir

Tá bailíocht ard ag baint leis na torthaí a fuarthas i bhfoirm na sonraí ‘tiubha’, ‘saibhre’ a d’éirigh as freagraí scríofa ar an cheistneoir agus as freagraí labhartha na rannpáirtithe san fhócasghrúpa. Os a choinne sin, níl na torthaí ar dhóigh ar bith inghinearálaitheach, ar an ábhar go raibh líon an-bheag mac léinn i gceist, san aon bhliain amháin, san aon áit amháin. Caithfear a admháil, áfach, go gcuireann na cúinsí sin srian agus teorainn ar aon mholadh a bheadh ag teacht as na torthaí céanna. Ina dhiaidh sin is uile, tugann siad leideanna dúinn faoin dóigh ar áirigh an grúpa seo faoin mhodh múinte a raibh siad páirteach ann le teanga liteartha na n-údar a roghnaíodh a fhiosrú. Tálann meastóireacht na mac léinn ar an mhodh múinte, mar a cleachtadh é le linn an taighde, eolas ar mhionathruithe chun feabhais a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm go furasta. Is maith an túscheim é an tionscadal seo agus bheadh suim agam ceist fhiúntas na grinnléitheoireachta mar ghléas le heolas a chur ar scríbhneoireacht liteartha na Gaeilge a iniúchadh ar bhonn níos leithne amach anseo.

Leabharliosta

Leabhair

- Cummins, J., (1984) *Bilingual Education and Special Education: Issues in Assessment and Pedagogy*. San Diego: College Hill.
- Dressel, P. L., (1976) *Handbook of Academic Evaluation*. San Francisco: Jossey-Bass.
- Glaser, R., (1970), *Measurement in Learning and Instruction*. Pittsburg: Learning Research and Development Center, Pittsburg University.
- Mac Grianna, S., (2010) *Seán Bán Mac Grianna: scéalta agus amhráin*. In eagar in Seán Mac Corraidh. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Grianna, S., (1972/1929) ‘Ar an Trá Fholaimh’ in *An Grá is an Ghruaim*. Baile Átha Cliath: Longman, Brún & Ó Nualláin.
- Mac Liammóir, M., (1963) *Ceo Meala Lá Seaca*. Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill.
- Mag Shamhráin, A., (1986) *Litríocht, Léitheoireacht, Critic*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Cadhain, M., (1949) *Cré na Cille*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

- Ó Doibhlin, B., (1973) *Litríocht agus Leitheoireacht*. Baile Átha Cliath: Oideas Mercier.
- Ó Dónaill, N., (1974/1952) *Na Glúnta Rosannacha*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Stake, R., (1974) 'Program evaluation: Particularly responsive evaluation'. *New Trends in Evaluation*, Report #35, 1–20 Gothenburg, Sweden: Institute of Education, University of Gothenburg.
- Stufflebeam, D.L., & *et al.*, (1971) *Educational Evaluation and Decision – Making*. Itasca, Illinois: Peacock.
- Thorndike, E., (1932) *The Fundamentals of Learning*. New York: Teachers College Press.
- Tyler, R.W., (1949) *Basic principles of curriculum and instruction*. Chicago: University of Chicago Press.

Caibidlí i leabhar

- Parlett & Hamilton, (1976) 'Evaluation as illumination' in Tawney, D. (Ed.) *Curriculum Evaluation Today*, MacMillan.

Ailt

- Duck, P., (2018) 'Making sense of Close Reading' in *Changing English*, Vol. 25, No 1, 14–28. Oxford: Routledge.
- Ebel, R.L., (1973) 'Evaluation and Educational Objectives', *Journal of Educational Measurement*, 10, 4, 273–9. National Council on Measurement in Education: Washington. <https://doi.org/10.1111/j.1745-3984.1973.tb00804.x> (7ú Eanáir 2021 an uair dheireanach ar féachadh air).
- Hanratty, B., (2018) 'Selected Representations of Teachers and Teaching in Twentieth-century Anglo-Irish Fiction and Memoir: Some Literary-critical and Pedagogical Explorations' in *Changing English*, Vol. 25, No 1, 29–44. Oxford: Routledge.
- Ó Doibhlin, B., (1965) 'Teagasc Litríocht na Gaeilge', *Irisleabhar Mhá Nuad*. Má Nuad: An Sagart.
- Scriven, M., (1967) 'The Methodology of Evaluation', *Social Science Education Consortium*. Lafayette, Indiana: Purdue University.

Aguisín 1

(comhfhreagras ag lorg chead phríomhoide an choláiste ollscoile an taighde a dhéanamh)

A phríomhoide, a chara,

Is léachtóir sinsearach sa choláiste ollscoile seo mé. Mar atá a fhios agat, is é ceann de mo dhualgais féin ná litríocht na Gaeilge a theagasc do mhic léinn na Gaeilge. Tá rún agam tionscadal beag sa taighde meastóireachta a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht na grinnléitheoireachta ar théacsanna Gaeilge mar straitéis i dteagasc litríocht na Nua-Ghaeilge agus bhur mbarúlacha a fháil den straitéis chéanna.

Tosóidh an tionscadal seo go mall i Mí na Samhna 2019 le ceistneoir/suirbhé i measc mhic léinn uile na Gaeilge in BEd2 agus LA 2. Déanfar an taighde uilig i nGaeilge.

Is é an dara modh a mbainfear úsáid as ná fócasghrúpa leathstruchtúrtha de sheisear mac léinn a dhéanfaidh ionadaíocht ar an dá chúrsa céime. Tarlóidh an t-agallamh leis an fhócasghrúpa san am céanna leis an cheistneoir.

Tabharfar le fios duit féin agus do na mic léinn eile nach mbeifear in ann iad a aithint sa taighde agus go dtig leatsa agus leo féin tarraingt amach as an tionscadal in aon am. Inseofar duit agus do na mic léinn eile fosta gur cinnte go bhfoilseofar an taighde i nGaeilge agus b'fhéidir i mBéarla fosta ag pointe éigin feasta. Ní rachaidh do chinneadh bheith páirteach nó gan bheith páirteach sa staidéar i bhfeidhm ar chor ar bith ar an mheasúnú sa réimse seo.

Tá súil agam go dtig leat insint dom go luath **cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta go ndéanfaí an taighde seo**. Lean an chomhairle anseo thíos agus cuir an freagra ar ais chuig an seoladh ríomhphoist faoi m'ainm.

Is mise

Folínigh do fhreagra:

Tugaim cead duit an taighde seo a dhéanamh

Ní thugaim cead duit an taighde seo a dhéanamh

Aguisín 2

(Comhfhreagras ag lorg chead na mac léinn leis an cheistneoir a chomhlánú)

A chara,

Is léachtóir sinsearach mé sa choláiste seo. Mar atá a fhios agat, is é ceann de mo dhualgais féin ná litríocht na Gaeilge a theagasc do mhic léinn na Gaeilge. Tá rún agam tionscadal beag sa taighde meastóireachta a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht na grinnléitheoireachta ar théacsanna Gaeilge mar straitéis i dteagasc litríocht na Nua-Ghaeilge agus bhur mbarúlacha a fháil den straitéis chéanna.

Tosóidh an tionscadal seo go mall i Mí na Samhna 2019 le ceistneoir i measc mhic léinn uile na Gaeilge in BE2 agus LA 2. Déanfar an taighde uilig i nGaeilge.

Is é an dara modh a mbainfear úsáid as ná fócasghrúpa leathstruchtúrtha de sheisear mac léinn a dhéanfaidh ionadaíocht ar an dá chúrsa céime. Tarlóidh an t-agallamh leis an fhócasghrúpa san am céanna leis an cheistneoir.

Tabharfar le fios duit féin agus do na mic léinn eile nach mbeifear in ann iad a aithint sa taighde agus go dtig leatsa agus leo féin tarraingt amach as an tionscadal in aon am. Inseofar duit agus do na mic léinn eile fosta gur cinnte go bhfoilseofar an taighde i nGaeilge agus b'fhéidir i mBéarla fosta ag pointe éigin feasta.

Tá súil agam go dtig leat insint dom go luath **cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta bheith páirteach i gcomhlánú an cheistneora**. Lean an chomhairle anseo thíos agus cuir an freagra ar ais chuig an seoladh ríomhphoist faoi m'ainm.

Is mise

Folínigh do fhreagra:

Is mian liom bheith páirteach sa taighde.

Ní mian liom bheith páirteach sa taighde.

Aguisín 3

(Comhfhreagras ag lorg chead na mac léinn a bheith páirteach san fhócasghrúpa)

A chara,

Is léachtóir sinsearach mé sa choláiste seo. Mar atá a fhios agat, is é ceann de mo dhualgais féin ná litríocht na Gaeilge a theagasc do mhic léinn na Gaeilge. Tá rún agam tionscadal beag sa taighde meastóireachta a dhéanamh ar úsáid agus éifeachtacht na grinnléitheoireachta ar théacsanna Gaeilge mar straitéis i dteagasc litríocht na Nua-Ghaeilge agus bhur mbarúlacha a fháil den straitéis chéanna.

Tosóidh an tionscadal seo go mall i Mí na Samhna 2019 le ceistneoir i measc mhic léinn uile na Gaeilge in BEd2 agus LA 2. Déanfar an taighde uilig i nGaeilge.

Is é an dara modh a mbainfear úsáid as ná fócasghrúpa leathstruchtúrtha de sheisear mac léinn a dhéanfaidh ionadaíocht ar an dá chúrsa céime. Tarlóidh an t-agallamh leis an fhócasghrúpa san am céanna leis an cheistneoir.

Tabharfar le fios duit féin agus do na mic léinn eile nach mbeifear in ann iad a aithint sa taighde agus go dtig leatsa agus leo féin tarraingt amach as an tionscadal in aon am. Inseofar duit agus do na mic léinn eile fosta gur cinnte go bhfoilseofar an taighde i nGaeilge agus b'fhéidir i mBéarla fosta ag pointe éigin feasta. Ní rachaidh do chinneadh bheith páirteach nó gan bheith páirteach sa staidéar i bhfeidhm ar chor ar bith ar an mheasúnú sa réimse seo.

Tá súil agam go dtig leat insint dom go luath **cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta bheith páirteach san fhócasghrúpa**. Lean an chomhairle anseo thíos agus cuir an freagra ar ais chuig an seoladh ríomhphoist faoi m'ainm.

Is mise

Folínigh do fhreagra:

Is mian liom bheith páirteach sa taighde.

Ní mian liom bheith páirteach sa taighde.

Aguisín 4

An Ceistneoir

1. Meas go ginearálta

Cad é do mheas go ginearálta de mhodh na grinnléitheoireachta a rinne tú ar théascanna éagsúla Gaeilge an téarma seo?

- gan úsáid
- measartha úsáideach
- úsáideach
- an-úsáideach
- iontach úsáideach ar fad

2. Cad é mar a chuirfeá síos ar an eispéireas ar fad?

3. Ar bhain tú sult as modh na grinnléitheoireachta?

- níor bhain
- bhain mé measarthacht sult as
- bhain mé sult as
- bhain mé sult mór as
- bhain mé an dúshult as

Cad iad na gnéithe den ghrinnléitheoireacht ar bhain tú sult astu?

Cad iad na gnéithe den ghrinnléitheoireacht nár bhain tú sult astu?

4. Tuiscint ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge?

Ar bhisigh sé do thuiscint ar an scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge?

- níor bhisigh
- bhisigh rud beag
- bhisigh go measartha
- bhisigh go mór
- bhisigh as cuimse

Má bhisigh, cén dóigh?

Munar bhisigh, cad chuige an dóigh leat nár bhisigh?

Cad é shíl tú de na téacsanna a léigh muid?

An molfá dóigheanna eile le freagairt do théacsanna?

Cad é a shíl tú den dóigh ar cuireadh na téacsanna i láthair?

Na téacsanna iad féin

- Ceo Meala Lá Seaca
- Na Glúnta Rosannacha
- Tubaiste Bhaile Mhánais
- An Druma Mór
- Ar an Trá Fholamh
- Leagan Thoraí de ‘An Draighneán Donn’
- Cré na Cille

Aon rud eile le rá faoin ghrinnléitheoireacht?

Aguisín 5

(treoirthéamaí don fhócasghrúpa)

Is orthu seo a leanas a dhíreofar an comhrá san fhócasghrúpa:

- A luacháil féin ar an ghrinnléitheoireacht ar théacsanna liteartha mar chur chuige le bheith ag foghlaim faoi litríocht na Gaeilge;
- Cur lena n-eolas féin ar litríocht na Gaeilge;
- Stíl na scríbhneoireachta sna téacsanna;
- Na téacsanna agus na húdair a ndearna siad a machnamh ar a saothar;
- An modh teagaisc agus an cur chuige sna léachtaí;
- An treoir a tugadh maidir leis na freagairtí pearsanta ar na téacsanna;
- Cumadh na bhfreagairtí;
- An fhoghlaim a rinneadh; agus
- Mionathruithe nó feabhsúcháin a dhéanfaidís



Déphearsantacht an Chainteora Dhátheangaigh – An ann di?

Belinda McHale

<https://doi.org/10.13025/1mzd-gk47>

Like many other people who speak more than one language, I often have the sense that I'm a slightly different person in each of my languages – more assertive in English, more relaxed in French, more sentimental in Czech. Is it possible that, along with these differences, my moral compass also points in somewhat different directions depending on the language I'm using at the time? (Sedivy, 2016: 1)

Sa pháipéar seo, cíorfar tuairimí grúpa beag dátheangach i leith an ráitis seo thuas chun scagadh a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas: an dá phearsantacht éagsúla a d'fhéadfadh maireachtáil i sícé an chainteora dhátheangaigh, na peirspictíochtaí míréireacha ar an saol a eascaíonn as cómháireachtáil an dá theanga mar aon leis an gcoimhlint a ghintear ansin scaití, agus tionchair na dteangacha sin san iomaíocht lena chéile. Déanfar ionramháil ar shaothair éagsúla ina gcíortar na téamaí seo i gcomhthéacs dhearcthaí rannpháirtithe an taighde seo. Baineadh feidhm as ceistneoir mar mhodh taighde chun an páipéar seo a chur i gcrích toisc go n-éascaíonn sé iniúchadh a dhéanamh ar phróifíl ghrúpa beag daoine (Denscombe, 2010: 31). Dáileadh na ceistneoirí ar 15 dhuine agus rinne ochtar díobh sin iad a chomhlánú. Aithnítear gur sampla beag é seo ach mar sin féin, tá an taighdeoir den tuairim gur fiú go

mór na torthaí seo a mheas toisc go soláthraíonn siad léargas bailí ar an ábhar. Leagann Denscombe (2010) béim ar an tábhacht a bhaineann le sampla beag a roghnú chun tairbhe níos fearr a bhaint as na torthaí:

Researchers can make the strategic decision to concentrate their investigation on one or a few cases in order to allow greater depth to their research, more attention to the dynamics of the situation, better insights that come from a detailed knowledge and understanding of a specific example (186).

Chuathas i muinín Patton (2002) agus próiseas roghnúcháin na rannpháirtithe á dhearadh. Socraíodh teicníc na samplála cuspóiriúla a chur i gcrích toisc go n-éascódh sé iniúchadh a dhéanamh ar eolas a d'eascródh as acmhainní teoranta, nó i bhfocail Cresswell & Plano Clark (2011): *'Purposeful sampling involves identifying and selecting individuals or groups of individuals that are especially knowledgeable about or experienced with a phenomenon of interest'* (38). Beartaíodh, mar sin, an ceistneoir a chur chuig cainteoirí dátheangacha a raibh aithne ag an taighdeoir orthu toisc gur tuigeadh go mbeadh tuairimí bailí acu a bhainfeadh le hábhar an taighde. Tugtar cód d'ionchur na rannpháirtithe ar mhaithe lena gcuid anaithnideachta a chothú, is é sin, R₁ i gcomhair Rannpháirtí 1, R₂ i gcomhair Rannpháirtí 2, srl. Laistigh den ghrúpa féin, tá cainteoirí dátheangacha a d'fhoghlaim an dara teanga i suíomh foirmeálta oideachais agus cainteoirí eile a bhfuil an dá theanga acu ón luath-óige. Meabhraítear arís don léitheoir go bhfuil torthaí an ailt taighde seo bunaithe ar ghrúpa beag dátheangach agus aithnítear mar sin, go bhfuil siad réasúnta teoranta. Tá an taighdeoir den tuairim, áfach, go bhfuil siad inmharthana agus dlisteanach mar sin féin agus go bhféadfaí an taighde áirithe seo a fhorbairt arís amach anseo.

Débhriocht an Dátheangachais

Tá go leor taighde déanta i réimse an dátheangachais le blianta fada anuas agus is minic nach n-aontaítear le sainmhíniú an téarma é féin. Maíonn Bloomfield, duine de na saineolaithe is túisce a chuir peann ar phár faoin ábhar seo, gur *'near-native control of two or more languages'* (1933: 56) atá i gceist leis an dátheangachas. Tá cúrsaí athraithe go mór ó shin agus cé go dtagann Wei (2000) leis seo, ní leagann sé an oiread sin béime ar chaighdeán an chainteora dúchais sa sainmhíniú atá aige féin:

The word 'bilingual' primarily describes someone with the possession of two languages. It can, however, also be taken to include the many people in the world who have varying degrees of proficiency in and interchangeably use three, four or even more languages (7).

Luaitear ‘*three, four or even more languages*’ thuas i gcomhthéacs an dátheangachais. Tagraíonn Ní Neachtain (2012) do na saineolaithe Trudgill (2000) agus Romaine (2006) agus don dearcadh atá acu siúd maidir leis an dátheangachas agus leis an ilteangachas, is é sin, go molann siad gur téarmaí inmhálartaithe iad agus gur féidir iad a úsáid i gcomhthéacs ar bith ina bhfuil dhá theanga nó níos mó faoi chaibidil. Molann Ní Neachtain, áfach, gur cheart cloí le tuairimí shochtheangeolaithe an lae inniu agus a bheith níos cruinne nuair atáthar ag tagairt do na téarmaí seo. Molann sí ‘dátheangachas’ chun tagairt a dhéanamh do dhá theanga agus ‘ilteangachas’ chun tagairt a dhéanamh do thrí theanga nó níos mó (2012: 33). Rachfar i muinín an tsainmhíne seo i gcomhthéacs an pháipéir seo, is é sin, go gciallaíonn an dátheangachas cumas duine dhá theanga a labhairt.

Tionchar Teanga ar an *Weltanschauung*

Cuirtear béim i réimse na hantraipeolaíochta teangeolaíche ar an gcaidreamh idir smaointe agus teanga. Creidtear nach amháin gur toradh ar an bpróiseas smaointeoireachta é úsáid teanga ach go bhfuil a mhálairt fíor chomh maith – go mbíonn tionchar ag an máthairtheanga ar an mbealach a gcruthaítear smaointe. Dar le Piaget: ‘*what children learn about language is determined by what they already know about the world*’ (luaite in Douglas Brown, 2002: 34) agus tagann Bloom agus Lahey leis: ‘*what children know will determine what they learn about the code for both speaking and understanding messages*’ (1978: 34).

Is ó pheirspictíocht eile a rinne Sapir agus Whorf staidéar ar theangacha Indiaigh Mheiriceá ag tús an chéid seo caite agus bhunaigh siad hipitéis Sapir-Whorf ar an taighde seo. Dar le Whorf: ‘*we dissect nature along lines laid down by our native language*’ (luaite in Mesthrie *et al.*, 2006: 6–7). Maíonn an bheirt antraipeolaithe seo go gcruthaíonn teanga dhúchais duine sraith catagóirí a fheidhmíonn mar ardán trína bhfeiceann sé imeachtaí an tsaoil agus a rialaíonn an bealach ina mbaineann sé ciall as gnéithe éagsúla den saol céanna. Léiríonn an hipitéis seo gur féidir le teanga tionchar a imirt ar an gcruinneshamhail a bhíonn ag pobal ar an saol. As an ochtar a thug faoin gceistneoir a fhreagairt, mhaígh cúigear acu go raibh tionchar ag an teanga a ndéanann siad a gcuid machnaimh inti ar an bhfealsúnacht phearsanta a bhíonn acu. I measc na dtuairimí a bhí acu, luadh:

The language a person is born with definitely affects the way you live, behave and think. One’s native language is directly connected to its culture and therefore has an impact on one’s behaviour. For example, in my case, Spanish people tend to speak with their body expressing different opinions and behaviours and we are more dynamic and visual in that way compared to other languages (R1).

1 An dearcadh a bhíonn ag duine ar an saol.

Déarfainn go bhfuil baint ag an teanga le mo dhearcadh saoil, ach i ngan fhios dom. Ní dóigh liom go bhfuil aon neart agam air (R2).

I feel that my native/dominant language determines my outlook on life. I lived in France for nearly 9 years and it is more this experience of living in a foreign country that made me reflect on how identity is acted out (R3).

Is dóigh ar bhealach go bhfuil baint lárnach ag mo theanga dhúchais le mo dhearcadh ar an saol agus mo chuid fealsúnachta féin, cé nach ndearna mé dianmhachnamh ar an gcoincheap seo riamh. Cé go bhfuil an saol ag athrú de shíor, go fo-chomhfhiosach, is dóigh go bhfuil tionchar ollmhór agus go bhfuil muid múnlaíthe (b'fhéidir i ngan fhios dúinn féin) ag an timpeallacht/ag an áit inar tógadh muid agus tá ról an-lárnach go deo ag an teanga agus ag na gnéithe eile ar fad a bhaineann le teanga i.e. cultúr, béaloideas, nósmaireachtaí, tuiscintí, stair, ceol, seanfhocail, spórt, piseoga, creideamh agus eile orainn (R4).

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na tuairimí seo thuas, léirítear tionchar na teanga dúchais ar dhearcadh an chainteora ach, os a choinne sin, mhaígh beirt rannpháirtithe nár cheap siad go raibh an tionchar sin chomh láidir sin:

Ní dóigh liom go bhfuil aon bhaint lárnach ag mo theanga dhúchais le mo dhearcadh saoil. Tá mo theanga dhúchais tábhachtach dom ach níl aon tionchar aici ar mo dhearcadh saoil ach, é sin ráite, ní dhéanaim mórán machnaimh ar an dearcadh atá agam ar an domhan (R5).

In anneoin gur tógadh sa Ghaeltacht mé agus go raibh Gaeilge lárnach sa phobal mórthimpeall den chuid is mó, is é an Béarla mo phríomhtheanga. Déanaim mo chuid machnaimh i mBéarla. Creidim nach bhfuil tionchar ag an teanga sin ar an dearcadh atá agam ar an domhan (R6).

Léiríonn an éagsúlacht tuairimí gur casta an feiniméan é an nasc idir teanga, forbairt smaointe, dearcadh agus féiniúlacht. Bréagnaíonn cuid de na tuairimí seo hipitéis Sapir-Whorf i gcomhthéacs dhioscúrsa an dátheangachais agus an gaol a mhaireann idir teanga agus smaointe. Mar sin, bunaithe ar dhearcachaí na ndátheangach sa staidéar seo, glacfar le foirm chaolaithe den hipitéis seo nó mar a shoiléiríonn Mesthrie *et al.* (2006) '*our language influences (rather than completely determines) our way of perceiving things*' (8).

An Féin mar Choincheap So-athraitheach

Táthar ann i measc roinnt cainteoirí dátheangacha a mhaíonn gur ‘new person’ iad sa teanga nua a d’fhoghlaim siad (Koven, 2007: 62). I dtaighde a rinne Dewaele & Pavlenko (2003) ar thuirimí grúpa ilteangach maidir lena dtaithí ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí féiniúlachta, d’áitigh 65% de na rannpháirtithe gur airigh siad difriúil agus iad i mbun comhráite ina dteangacha éagsúla. Luann siad cúiseanna leis na difríochtaí seo: difríochtaí inghreamaithe teangeolaíochta agus cultúir, comhthéacs foghlama faoi leith ag baint le gach aon teanga, leibhéal éagsúla maoithneachais sna teangacha difriúla mar aon le leibhéal éagsúla cumais (2007: 63). Tá go leor de na gnéithe céanna le sonrú i measc na rannpháirtithe a thug faoin taighde áirithe seo. Tagraíonn duine amháin don chomhthéacs foghlama agus an tionchar a bhí aige sin ar an gcaoi a n-airíonn sí agus an T2 á labhairt aici:

Yes, I do feel different when I speak French. I think the context in which you primarily learnt the language is very much reflected when you speak a second language. In my case, it would have been an informal, student setting and I would automatically adopt its associated language register and tone when conversing. I would have to consciously try to adopt a more formal register if the social setting required me to do so but this would not be as automatic as in my L1, English (R3).

Tagraíonn Kinginger d’athchruthú féiniúlachta² agus í ag plé an athraithe mhóir a tharlaíonn do chainteoirí dátheangacha faoi leith (luaite in Pavlenko & Blackledge, 2004: 3). Tugann sé seo le fios go bhfuil a leithéid de rud agus so-athraitheacht phearsantachta nó féiniúlachta³ ann, mar atá luaite i dtuirim an rannpháirtí thuas agus í ag tagairt do thionchar na timpeallachta foghlama uirthi féin. Tacaíonn Voloshinov (1973) le Kinginger (2004):

The speaking personality, its subjective designs and intentions, and its conscious stylistic stratagems do not exist outside their material objectification in language. Without a way of revealing itself in language, be it only in inner speech, personality does not exist for itself or for others. Language lights up the inner personality and its consciousness; language creates them and endows them with intricacy and profundity – and it does not work the other way. Personality itself is generated through language. (152–3)

2 Identity Reconstruction.

3 Personality/Identity fluidity.

Léiríonn Voloshinov anseo nach bhfuil féiniúlacht duine neamhspleách ar an teanga a labhraíonn sé ach go bhfuil an féin agus teanga idirnasctha, go bhfuil siad fite fuaite lena chéile, gur coincheap so-athraitheach é an féin. Tagraítear do na difríochtaí inghreamaithe cultúir i dtuairimí rannpháirtithe eile, áit a léirítear tuiscint ar an nasc idir teanga agus cultúr:

Different languages are directly connected to their respective cultures and therefore depending on what language you speak, you adopt, somehow, a different way to express yourself, imitating the actions and mannerisms that specific language represents. For example, when I speak in English the tone of my voice lowers and I don't use my body as much to communicate and express myself. Why? Because people around me who speak English as a native language do that and humans do tend to imitate what's around them (R1).

Airim difriúil nuair a labhraím teanga amháin i gcomparáid le teanga eile. I mo chas féin, braithim go bhfuil ceangal faoi leith agam le Gaeilgeoirí eile (fiú mura bhfuil aithne agam orthu) ó tharla go bhfuil an teanga chéanna á labhairt againn agus is léir go bhfuil an-mheas againn ar an nGaeilge. Braithim go bhfuil tuiscint i bhfad níos doimhne agam ar chultúr, ar stair agus ar oidhreacht na hÉireann mar go bhfuil Gaeilge líofa agam (R6).

Airim difriúil agus mé ag labhairt i dteanga eile, ní thuigim cén fáth ach tá níos mó féinmhuiníne ionam i dteanga amháin ná mar a bheadh ionam i dteanga eile. Ceapaim go mbaineann sé le meon na tíre agus meon chultúr na tíre sin seachas aon rud eile (R2).

Léirítear anseo an tionchar a imríonn malairtí cultúir, na nósmaireachtaí coitianta atá fréamhaithe i gcultúr amháin i gcomparáid le cultúr eile, ar shicé an chainteora. Tráchtar, freisin, ar chleachtas coinbhinsiúnach an phobail teanga a éilíonn iompar, dearcadh agus leibhéal muiníne faoi leith ón gcainteoir. Má dhéantar scagadh níos mine ar na ráitis thuas, soiléirítear feasacht mheiteachognaíoch na gcainteoirí áirithe seo agus iad ag déanamh cur síos ar an aistriú pearsantachta a thugann siad faoi deara iontu féin. Maíonn duine amháin: *'the tone of my voice lowers and I don't use my body as much to communicate and express myself'* (R1) agus duine eile: *'tá níos mó féinmhuiníne ionam i dteanga amháin ná mar a bheadh ionam i dteanga eile'* (R2). Léirítear machnamh meiteachognaíoch an chainteora go han-soiléir anseo thíos freisin, áit a ndéantar tagairt don loighic Chairtéiseach agus an chaoi a dtuigeann sí gur dlúthchuid de go leor struchtúir Fhraincise í:

When speaking French, I think differently than when speaking English. A simple thing like adapting culturally-specific gestures is an example of this. Also, Cartesian logic is reflected in French language structures and this is something of which I was conscious (R3).

Léiríonn an rannpháirtí seo an comhchlaonadh urlabhra nó an dúil atá aici a bheith níos cosúla leis an gcainteoir Francach i dtéarmaí teangeolaíochta agus iompair araon. Tagraíonn sí don gheáitsíocht chultúrtha agus tionchar na fealsúnachta ar struchtúir na Fraincise anseo agus tá sé soiléir go bhfuil éifeacht an-láidir ag na toscaí seo ar a dearcadh mar chainteoir dátheangach. Tagraíonn beirt rannpháirtithe do na ‘difríochtaí inghreamaithe teangeolaíochta’ a shoiléiríonn Dewaele & Pavlenko (2003) mar cheann de na cúiseanna don athrú pearsantachta sa chainteoir dátheangach:

Airím difriúil cinnte, fiú go fisciúil – baineann do bhéal agus do scornach úsáid as matáin eagsúla ag labhairt na Gaeilge i gcomparáid leis an mBéarla. Tá glór difriúil agam i nGaeilge. Tá ceol éagsúil a bhaineann leis an mbealach a labhraíonn tú an Ghaeilge – mothaím go bhfuil ‘suas agus síos’ ag baint le habairtí i nGaeilge. Is teagacha éagsúla iad agus mar sin, ba cheart go mbeadh siad eagsúil óna chéile (R8).

Yes, I feel different when I speak my T2. I think that gestures, accent, and vocabulary all allow you to express yourself differently. There are often times when an expression / word / phrase in Spanish is much more appropriate than anything in English is (R1).

Athdhearbhaítear dearcadh Kinginger (2004) sna tuairimí seo, áit a maíonn sí: ‘*Personality itself is generated through language*’ (152–3). Maíonn cainteoir amháin go gcabhraíonn an gheáitsíocht, tuin chainte agus foclóir len í féin a chur in iúl ina cuid teangacha éagsúla agus gurb iad sin cuid den chúis a n-airíonn sí difriúil agus í ag labhairt teanga amháin i gcomparáid le teanga eile. Tagraíonn an rannpháirtí eile don chaoi a gcruthaítear na fuaimeanna éagsúla sa bhéal agus í thar a bheith feasach ar na gluaiseachtaí difriúla inmheánacha seo a idirdhealaíonn teanga amháin ó theanga eile, agus, i ndeireadh na dála, a chruthaíonn comhthéacs ina n-airíonn sí éagsúil sa dá theanga a labhraíonn sí.

Déanann rannpháirtí amháin tagairt dá leibhéal cumais sa T2 agus tugann sé le fios go mb’fhéidir go bhfuil baint aige sin leis an gcaoi a n-airíonn sé nuair a bhíonn sé á labhairt:

Braitheann sé ar an suíomh. Ní airím difriúil má labhraím an Ghaeilge nó an Béarla i suíomhanna sóisialta. Bím beagán coinsiasach nach bhfuil mo chumas sa Bhéarla chomh maith le mo chumas sa Ghaeilge má bhím i suíomhanna foirmiúla Béarla. Braithim gur fearr an ard réim teanga atá agam sa Ghaeilge ná sa Bhéarla (R5).

Tugann sé seo le taighde Dewaele & Pavlenko (2003), áit a luann siad leibhéal éagsúla cumais mar chúis leis an athrú pearsantachta sa chainteoir dátheangach. Áitíonn rannpháirtí amháin nach n-airíonn sí difriúil nuair a labhraíonn sí a dá teanga agus soláthraíonn sí an chúis: ‘Is dóigh de bharr gur fhoghlaim mé an dá theanga agus mé ag fás aníos agus gur

tógadh i bpobal dátheangach mé nach n-airím mar sin' (R4). Tagann rannpháirtí eile leis seo freisin nuair a mhaíonn sé gur tógadh le Gaeilge é ach go raibh Béarla ar a thoil aige ó aois an-óg agus mar sin, 'ceapaim gurb é seo an chúis nach bhfuil an dara féiniúlacht agam' (R5). Tá sé spéisiúil nach dtugann an bheirt seo a bhfuil an Béarla agus an Ghaeilge acu ó bhí siad an-óg suntas don tso-athraitheacht féiniúlachta agus léiríonn sé go gcaithfear an luath-dhátheangachas a chur san áireamh agus an t-ábhar seo á scagadh. Sainmhíonann Wei a bhfuil i gceist leis an luath-dhátheangachas agus iniúchadh á dhéanamh aige ar chatagóirí éagsúla an dátheangachais féin. Maíonn sé gur duine é an luath-dhátheangach a bhfuil dhá theanga sealbhaithe aige ina luath-óige (2000: 6). Toisc nach raibh comhthéacs foirmeálta foghlama i gceist le teangacha na beirte seo, gur sealbhaíodh iad sa bhaile nó sa phobal a raibh cónaí orthu ann, agus go mbíodh taithí acu a bheith ag códmhalartú ó theanga amháin go teanga eile go minic, ní thagann siad le coincheap na féiniúlachta so-athraithe. Bhí taithí sheanbhunaithe acu ar an dá theanga, rud a d'fhág nár aithin siad an fhéiniúlacht nua ag teacht chun cinn.

Scileanna Fadhbréitigh an Dátheangaigh

Tagraíonn Sedivy don smaointurgnamh mór le rá i réimse na síceolaíochta morálta, an traein éalaitheach, agus í ag cíoradh an fhéin sho-athraitheigh i gcainteoirí dátheangacha. I staidéar a foilsíodh in 2015 san irisleabhar *PLOS ONE* ina raibh cainteoirí a raibh an Béarla agus an Spáinnis acu mar T1 faoi seach, míníodh dóibh go raibh traein a bhí imithe as smacht ag dul i dtreo cúigir ach go raibh deis acu duine eile a bhrú os comhair na traenach agus go sábhálfaí an cúigear. Sa chaoi seo, dar ndóigh, mharófaí duine amháin seachas cúigear. Nuair a chuala na rannpháirtithe an scéal ina dteanga dhúchais, d'áitigh níos lú ná aon chúigiú acu nach mbeidís sásta an duine aonair a bhrú agus a mharú, ach nuair a cuireadh an scéal céanna os a gcomhair ina ndara teanga (sé sin, an Béarla do na cainteoirí dúchais Spáinnise agus an Spáinnis do chainteoirí dúchais an Bhéarla), mhaígh leath acu go mbeidís sásta an duine aonair a íobairt chun an cúigear eile a thabhairt slán. Léiríonn sé seo go maireann dhá mhodh smaointeoireachta in intinn an chainteora dhátheangaigh nó mar a mhíonann Sedivy í féin:

Such judgements [teanga dhúchais v's T2] involve two separate and competing modes of thinking – one of these, a quick, gut-level 'feeling', and the other, careful deliberation about the greatest good for the greatest number. When we use a foreign language, we unconsciously sink into the more deliberate mode simply because the effort of operating in our non-native language cues our cognitive system to prepare for strenuous activity (2016: 2).

Léiríonn na cainteoirí seo go raibh siad i bhfad ní ba chúramaí ag déanamh cinntí sa dara teanga, go raibh siad ag iarraidh gach uile ghné a scrúdú sula ndéanfaí cinneadh feasach agus gur úsáid siad na modhanna céanna cognaíocha chun an fhadhb a réiteach is a bhí in

úsáid acu agus iad ag foghlaim na dara teanga. Tá sé spéisiúil, mar sin, go bhfuil éagsúlacht tuairimí i measc rannpháirtithe de chuid an taighde seo agus iad ag plé scileanna fadhbréitigh agus an phróisis chinnteoireachta. Luann beirt chomh héasca is atá sé cinntí a dhéanamh ina máthairtheanga:

Tá i bhfad níos mó taithí agam a bheith ag déanamh cinntí agus ag plé le réiteach fadhbanna i mBéarla. Bíonn sé níos éasca orm iad a dhéanamh sa teanga sin ó tharla gurb é an Béarla mo phríomhtheanga. Nuair a chaithim cinntí a dhéanamh agus a bheith ag plé le réiteach fadhbanna i nGaeilge, bíonn sé níos deacra mo chuid mothúchán a chur trasna i gceart (R6).

Tagraíonn sí go hindíreach anseo don dua a bhaineann le cinneadh a dhéanamh sa dara teanga nó don ‘*effort*’ agus don ‘*strenuous activity*’ a luann Sedivy (2016) thuas. Tacaíonn rannpháirtí eile leis seo freisin agus leagann sí béim ar an éifeachtacht a bhaineann le cinneadh a dhéanamh ina máthairtheanga nó le ‘*quick, gut-level feeling*’ Sedivy (2016):

Is dóigh gur rud nádúrtha dom a bheith ag réiteach fadhbanna, ag déanamh cinntí agus araile sa Ghaeilge go laethúil. Is dóigh go mbeinn in ann rudaí a mhíniú agus mé féin a chur in iúl níos soiléire, níos sciobtha agus go mbeinn níos compordaí ag labhairt na Gaeilge de bharr gur i nGaeilge is mó a bhím ag déileáil leis na cúrsaí seo (R4).

Idirdhealaíonn beirt rannpháirtithe eile idir na réimsí éagsúla teanga a bhfuil teagmháil acu leo agus braistint ghinearálta na ngréasán teanga seo mar aon leis na tnútháin iomadúla a bhíonn acu. Soláthraíonn siad na cúiseanna seo i gcomhthéacs cinneadh faoi leith a dhéanamh ag brath ar an timpeallacht teanga ina bhfuil siad:

Personally, no, I don't perform differently in my various languages, as I have much more contact with the English speaking world here in Dublin. However, I think perhaps in work surrounded by native Spanish speakers or when living in Spain this could be the case. I think that inherently we all want to 'fit in' & 'belong' to a community and perceptions of what might be most appropriate in one language setting or another may exert an influence on decision making (R7).

Is féidir liom smaoineamh ar eachtra ar leith. D'iarr duine éigin rud orm agus thug mé freagra ar leith dó. Agus mé ag smaoineamh siar air, dúirt mé liom féin dá mbeinn ag labhairt i dteanga eile go dtabharfainn freagra difriúil ar an gceist. Arís, ceapaim go mbaineann sé le féinmhuinín agus go bhfuilim ag iarraidh smaoineamh cosúil le cainteoir dúchais sa teanga atá i gceist (R2).

Léirítear anseo an brú fo-chomhfhiosach atá fréamhaithe i sícé an chainteora dháttheangaigh agus é ag iarraidh an dá thrá a fhreastal, is é sin, dul i ngleic leis an bpróiseas cinnteoireachta ach an cinneadh sin a bheith ag teacht le comhdhearcadh coitianta an phobail urlabhra ag an am céanna. Tá ‘*competing modes of thinking*’ Sedivy (2016) thar a bheith soiléir anseo cinnte, ach is cúinsí seachtracha den chuid is mó, brú sochaíoch mar aon le braistintí agus tnútháin, a chothaíonn na modhanna smaointeoireachta seo. Easaontaíonn rannpháirtí eile le tuairim Sedivy (2016), is é sin, tá cur i gcoinne an dá shnáithe a mhaíonn sí a mhaireann sa chainteoir dáttheangach le sonrú anseo, an snáithe réasúnach agus an snáithe mothúchánach:

When it comes to decision making, maybe not so much [I don't perform differently], as after all, you are a person with principles and opinions regardless if you speak one, two or more languages. When talking about feelings and perceptions, definitely yes, I do perform differently...you directly behave and express yourself depending on what's around you. For example, Irish people think in a different way to Spanish people and your brain is able to distinguish between one and the other and send you behavioural messages accordingly (R1).

Tugtar le fios anseo nach gá go mbeadh an cainteoir dáttheangach neamhréasúnach sa T₁ mar gheall ar na cúinsí maoithneacha agus mothaitheacha a nasctar leis an teanga seo. Maíonn an rannpháirtí seo nach ionann ábaltacht mheiteachognaíoch agus a bheith in ann cinntí a dhéanamh i mbealach níos neodraí toisc go mbíonn ‘*principles and opinions [ag duine] regardless if you speak one, two or more languages*’. Tagann an seasamh seo salach freisin ar an méid atá á thuairisciú ag Athanasopoulos (2015):

Bilinguals also tend to make more rational economic decisions in a second language. In contrast to one's first language, it tends to lack the deep-seated, misleading affective biases that unduly influence how risks and benefits are perceived (3).

Léirítear sa dearcadh seo thuas go bhfuil sé indéanta teanga nua a fhoghlaim ach go bhfuil sé níos casta na bonn-instinní, breithiúnais, braistintí, mothúcháin agus iomas a thabhairt slán sa dara teanga. Tógann Sedivy arís air seo: ‘*In the language that comes most naturally to us, those things [breithiúnais, braistintí, mothúcháin agus iomas] will butt up against, and often overpower, cold rationality; in one that's less familiar, rationality stands more of a fighting chance*’ (2016: 2). Ní thagann duine de rannpháirtithe an taighde seo leis sin, áfach, agus áitíonn sí: ‘*I would say it is more the impact of the context in which the L2 was learnt that yields the greatest*

influence in decision making' (R3) seachas a bheith chomh diongbháilte sin gurb ionann an T1 agus easpa doimhneachta sa phróiseas smaointeoireachta. Cé nach n-áitíonn an rannpháirtí go díreach é, tá macalla anseo ó dhearcadh Sedivy, áit a ndeir sí:

One possibility is that wording has less impact in a second language because the language itself isn't as deeply rooted in a web of associations and memories. Words in a foreign language simply don't set off emotional resonances as they do in a native tongue because the associative links are fewer and weaker (and perhaps connected to the more cerebral classroom settings in which they were first learned) – meaning that we quite literally feel less when using a second language (2016: 3).

Maíonn sí anseo go mbíonn comhcheangail faoi leith le focail shainiúla agus go nasctar mothúcháin áirithe le focail a chualathas go minic in óige an chainteora. Leanann an rannpháirtí céanna ar aghaidh agus maíonn sí: *'It is quite enjoyable to be conscious of different personas when speaking different languages and the contrast between two languages adds a performative aspect to speaking the L2'* (R3). Tagraíonn sí don fhéin so-athraitheach anseo, *'different personas'*, agus dhá phearsantacht an chainteora dháttheangaigh. Cé nach míníonn sí go sonrath tionchar an chomhthéacs foghlama, dearbhaíonn sí, mar sin féin, go bhfuil sí den tuairim go maireann na féiniúlachtaí éagsúla seo sa chainteoir dátheangach. Soláthraíonn sí ardán d'fhocail Koven anseo freisin: *'These reflections show the creative role that language can play in evoking context. The experience of language is often part of one's experience of context'* (2007: 73). Is é an ról cruthaitheach seo a chabhraíonn leis an rannpháirtí áirithe seo sult a bhaint as a cuid teangacha, as an *persona* faoi leith a nascann sí le teanga amháin i gcomparáid le teanga eile.

Cé go bhfuil éagsúlacht tuairimí anseo i gcomhthéacs thionchar an dá theanga ar scileanna fadhbréitigh agus go bhfuil toisí seachtracha i gceist in amanna a bhfuil éifeacht acu siúd ar chumas an chainteora dháttheangaigh cinntí a dhéanamh, tá rannpháirtí amháin den tuairim nach bhfuil baint ar bith ag an teanga a bhíonn in úsáid aige le cinneadh a dhéanamh:

Ní dóigh liom go mbíonn aon tionchar ag an teanga a bhíonn in úsáid agam ar na cinntí a dhéanaim ná má bhím ag plé le réiteach fadhbanna. Ní chuireann ceachtar teanga isteach ar mo chinntí, mo bhreithiúnais, mo mhothúcháin, srl. Ní ritheann cúrsaí teanga liom má tá cinntí, srl le déanamh (RS).

Teacht chun cinn Glóir Nua

Eascraíonn pointe eile suimiúil as taighde Koven (2007), áit a gcuirtear béim ar an nguth nua a shealbhaíonn an cainteoir dátheangach. Míníonn Koven gur áitigh roinnt rannpháirtithe de chuid a taighde féin gur airigh siad ar nós duine difriúil sa T2 toisc gur tharla athrú de chineál éigin, dar leo féin, dá nguth. Áitíonn sí: *'They [na rannpháirtithe] seem to be referring not just to the effect of using different pronunciation, but to the effect of inhabiting a different persona associated with the sound images of another language'* (2007: 77). Tá macalla anseo ó theoiric Douglas Brown (2002) agus an coincheap ar a dtugann sé *'language ego'*: *'As human beings learn to use a second language, they develop a new mode of thinking, feeling, and acting – a second identity'* (12). I gcomhthéacsanna faoi leith, is léir go nasctar guth nua leis an bhféiniúlacht nua a fhorbraítear sa chainteoir dátheangach, claochlú ollmhór a fhágann go n-airíonn an cainteoir thar a bheith difriúil agus é ag úsáid na dara teanga. Tá sé suimiúil, mar sin, nach bhfuil dearchthai fhormhór na rannpháirtithe sa taighde seo ag teacht leis an teoiric seo. Feictear cúiseanna éagsúla ina gcuid tuairimí, luaitear an luath-dhátheangachas mar phríomhchúis anseo mar aon le tionchar na norm sóisialta nó tnútháin éagsúla an phobail urlabhra ina bhfuil siad ag maireachtáil. Is iad seo a leanas cuid de na tuairimí a bhí acu:

Ní cheapaim go bhfuil mo ghlór éagsúil nuair a labhraím sa dara teanga. Bíonn an Ghaeilge agus an Béarla fite fuite i mo chuid smaointe ó lá go lá agus tá sé nadúrtha a bheith ag dul ó theanga amháin go teanga eile gan stró (R6).

Ní cheapaim go bhfuil [glór difriúil agam] de bharr go raibh an dá theanga ar mo thoil agam ó bhí mé óg (R4).

Ní dóigh liom go mbainim úsáid as glór éagsúil nuair a labhraím sa dara teanga. Ceapaim gurb é an glór céanna atá agam sa dá theanga. Tógadh le Gaeilge mé ach bhí Béarla ar mo thoil agam ó aois óg agus ceapaim gurb í seo an chúis nach bhfuil aon difríocht idir mo ghlór sa Ghaeilge ná sa Bhéarla agus nach bhfuil an dara féiniúlacht agam (R5).

Toisc go raibh an dá theanga ar a dtoil ag na rannpháirtithe seo ó bhí siad an-óg, ní cheapann siad go bhfuil glór éagsúil acu sna teangacha seo agus ní ghlacann siad leis an bhféin so-athraitheach ach an oiread. Malartaíonn siad ó theanga amháin go teanga eile go minic, shealbhaigh siad an T2 seachas í a fhoghlaim go hacadúil i dtimpeallacht foghlama faoi leith agus b'fhéidir go mbaineann na toisí éagsúla seo leis an easpa ailínithe idir a dtaithe féin agus dearcadh Sedivy (2016): *'Differences arise between native and foreign tongues because our childhood languages vibrate with greater emotional intensity than do those learned in more*

academic settings' (3). Léiríonn sé seo freisin go bhfuil féidearthacht níos mó ann go mbeadh an dara féiniúlacht le sonrú sa dátheangach a fhoghlaimíonn an dara teanga i dtimpeallacht fhoirmeálta foghlama seachas an duine a shealbhaíonn an teanga go nádúrtha.

Tagann dearcadh an rannpháirtí seo le dearcadh an triúir thuas den chuid is mó sa mhéid is nach gceapann sé go dtagann athrú rómhór ar a ghuth nuair a mhalartaíonn sé idir a chuid teangacha ach, ag an am céanna, tugann sé suntas d'athrú de chineál éigin anseo: 'Tá blas difriúil agam i dteangacha difriúla, ní dóigh liom go n-athraíonn mo ghlór an oiread sin. B'fhéidir go bhfuil mo ghlór níos féinmhuiníní i dteanga amháin seachas ceann eile' (R2). Is dearcadh thar a bheith intuigthe é seo i gcomhthéacs na foghlama teanga nuair a airíonn foghlaimeoir níos muiníní ag labhairt an T₁ i gcomparáid leis an T₂, agus go minic, bíonn sé níos neamhchinnte sa T₂ ná sa teanga dhúchais. Treisítear teoiric Douglas Brown (2002) anseo agus é ag tagairt don fhéineacht teanga nó don 'language ego': 'The new language ego, intertwined with the second language, can easily create within the learner a sense of fragility, a defensiveness, and the raising of inhibitions' (12).

Léirítear feasacht rannpháirtithe eile anseo agus iad ag iarraidh géilleadh don norm cultúir agus comhtháthú teangeolaíoch a mhúnlú leis na pobail urlabhra a mbíonn teagmháil acu leo:

In a way, I find this true [I feel different when speaking a second language]. Not so much as having a different identity, as you can never deny your roots and where you're from, but your expressions and behaviours do change. For example, when I travelled back to Spain after months of being in Ireland, I found that Spanish people indeed shout or have very high tones when speaking. I was overwhelmed at first but after a few minutes, your brain switches to the language and culture you are immersed in at that moment and you behave accordingly. Nevertheless, I have to say that I have adopted certain behaviours from one culture and adapted them to my own. For example, the tone of my voice has definitely changed when I speak both my native language, Spanish, and my T2, English (R1).

Tá macalla anseo ó theoiric Koven (2007) arís agus ról cruthaitheach na teanga mar thionchar ollmhór ar dhearcadh an dátheangaigh seo. Tá an tso-athraitheacht féiniúlachta an-soiléir sa tuairim seo freisin agus an rannpháirtí ag maíomh go mbíonn aistriú iompair idir a cuid teangacha, ag brath ar an timpeallacht teanga ina bhfuil sí. Léiríonn rannpháirtí eile easpa cinnteachta sa tuairim atá aici maidir leis an bhféin so-athraitheach ach tagraíonn sí don bhrú seachtrach cloí le gnáthchleachtas an phobail teanga:

Níl mé cinnte an raibh nó an bhfuil móthúcháin ar leith agam i dtaobh seo [go bhfuil mo ghlór éagsúil nuair a labhraím sa dara teanga] – is dóigh nár cheistigh mé é seo le déanaí. Seans nuair a bhí mé ní b'óige go raibh éifeacht aige seo orm, go mbínn ag iarraidh go mbeadh an chanúint chuí nó frásaí cearta in úsáid agam (R8).

Soiléirítear tionchair na norm sóisialta agus chomhdhearcadh coitianta an phobail urlabhra anseo, toscaí a chruthaíonn tnúthnáin éagsúla don chainteoir seo agus í ag iarraidh comhchlaonadh teangeolaíochta a bheith aici leis an sprioctheanga.

Conclúid

Mar a luadh thuas, tá go leor taighde déanta i réimse an dátheangachais le blianta fada anuas agus baineann go leor de seo leis na buntáistí teangeolaíochta agus síceolaíochta atá ann don chainteoir a bhfuil dhá theanga ar a thoil aige. Bhí sé mar aidhm ag an taighdeoir seo, áfach, toise eile a scagadh agus staid sho-athraitheach an fhéin dhátheangaigh a chíoradh san alt seo. Cé nach dtagann tuairimí rannpháirtithe an taighde seo le cuid den teoiric a ndearnadh scagadh uirthi anseo, is fiú smaoineamh gur sampla an-bheag a bhí faoi chaibidil sa taighde seo agus go mbíonn peirspictíochtaí agus dearcthaí fréamhaithe i suibiachtúlacht an duine féin.

Ar an iomlán, tá na rannpháirtithe den tuairim go mbíonn tionchar ag an teanga a labhraíonn said ar an gcruinneshamhail nó ar an dearcadh atá acu ar an saol. I gcomhthéacs na so-athraitheachta féiniúlachta, maíonn an chuid is mó de na rannpháirtithe go n-airíonn siad difriúil nuair a labhraíonn siad ina gcuid teangacha éagsúla agus go minic, is mar gheall ar nósmaireachtaí coinbhinsiúnacha an phobail teanga, ar mhalairtí cultúir, ar thionchar na timpeallachta foghlama, agus ar leibhéal cumais sna teangacha difriúla a thugann siad suntas don fhéin so-athraitheach seo. Luann cuid acu freisin na héilimh éagsúla fhisiciúla a idirdhealaíonn teanga amháin ó theanga eile agus i ndeireadh na dála, a chothaíonn cuid den athchruthú féiniúlachta iontu féin – geáitsíocht, leibhéal airde, breathnú sa tsúil agus blas na sprioctheanga. Ní thagann na rannpháirtithe a bhfuil dhá theanga ar a dtoil acu ó aois an-óg leis seo, áfach, agus maíonn siad nach n-airíonn siad difriúil nuair a labhraíonn siad teanga amháin i gcomparáid le teanga eile, dearcadh atá fréamhaithe sa luath-dhátheangachas agus taithí na mblianta acu a bheith ag plé leis an dá theanga.

Cé nach n-aontaíonn aon duine gurb ionann cinneadh a dhéanamh sa T1 agus é a bheith neamhréasúnach agus nach leagann siad mórán béime ar an snáithe réasúnach ná ar an snáithe mothúchánach, léiríonn siad ina gcuid tuairimí go gcaithfear toscaí éagsúla seachtracha a chur san áireamh agus iad ag plé leis an bpróiseas cinnteoireachta ina gcuid teangacha éagsúla. Luaitear comhdhearcadh coitianta na bpobal urlabhra a bhfuil siad mar bhaill díobh, noirm shóisialta, brú sochaíoch, braistintí agus tnútháin, comhchlaonadh urlabhra, agus malairtí cultúir anseo. Léirítear éagsúlacht tuairimí arís maidir le glór nua an chainteora dhátheangaigh le rannpháirtithe áirithe ag easaontú leis an nóisean seo agus cainteoirí eile ag teacht leis go pointe agus iad ag lua cúrsaí féinmhuiníne, an *language ego* agus a bheith ag iarraidh comhtháthú teangeolaíoch a mhúnlú leis na pobail urlabhra a mbíonn teagmháil acu leo mar chúiseanna.

Mar sin, bunaithe ar an anailís a rinneadh ar pheirspictíochtaí rannpháirtithe an taighde seo, táthar den tuairim gurb ann don déphearsantacht sin sa chainteoir dátheangach agus go mbíonn sí níos follasaí i gcainteoirí dátheangacha faoi leith, ag brath ar an gcúlra foghlama teanga a bhíonn acu agus an teagmháil a bhíonn acu le pobail éagsúla urlabhra a bhfuil a gcuid nósmaireachtaí agus tnútháin féin acu. Bheifí ag súil leis seo i ndáiríre agus ábhar atá chomh suibiachtúil agus chomh pearsanta sin á scagadh. Níor aontaigh aon duine de rannpháirtithe an taighde seo chomh mór sin le Sedivy (2016: 1) a luadh ag tús an pháipéir, áit a ndéanann sí tagairt do chainteoirí dátheangacha atá níos teanntásaí i dteanga amháin ná ceann eile agus a cheistíonn an fhéidearthacht go bhféadfadh tionchar a bheith ag an teanga a labhraíonn siad ar a gcuid moráltachta ach, mar sin féin, léiríonn siad ina gcuid tuairimí go bhfuil tionchar ag na teangacha a labhraíonn siad ar an mbealach a gcaitheann siad a saol agus ar an dearcadh atá acu i leith an tsaoil chéanna.

Aguisín: An Ceistneoir

Suirbhé / Survey

Is ar mhaithe le halt don iris acadúil ar-líne, *An Reiviú*, atá an taighde seo ar bun / This research is being undertaken for the online academic journal, *An Reiviú*.

Ní luaifear d'ainm sa taighde seo / Your input to this research will be anonymous.

Tá mé go mór faoi chomaoin agat as an am a ghlacadh chun na ceisteanna seo a fhreagairt / I really appreciate you taking the time to answer these questions.

- 1. Cén sainmhíniú a bheadh agat féin ar an dátheangachas? / What is your own personal definition of bilingualism?**
- 2. An ndéarfá go bhfuil baint lárnach ag do theanga dhúchais/do phíomhtheanga le do dhearcadh saoil, sé sin, an bhfuil tionchar ag an teanga a ndéanann tú do chuid machnaimh inti ar an bhfealsúnacht phearsanta atá agat/dearcadh atá agat ar an domhan? Déan é seo a mhíniú, le do thoil. / Do you feel that your native/dominant language determines your outlook on life, ie. is your personal philosophy/view of the world influenced by the language you think and reflect in? Please explain.**
- 3. An airíonn tú difriúil nuair a labhraíonn tú teanga amháin i gcomparáid le teanga eile? Má airíonn, déan é seo a mhíniú. Cé as a n-eascaíonn na difríochtaí seo agus cén fáth, i do thuairim féin, a bhfuil na difríochtaí seo ann? / Do you feel different when you speak one language in comparison to another? If so, can you expand on this and explain why? Where do these differences originate from and why, in your opinion, do they exist?**
- 4. Mura bhfuil tagairt déanta dó seo i gCeist a 3, an gceapann tú go bhfuil do ghlór éagsúil nuair a labhraíonn tú sa dara teanga (T₂)? Deir foghlaimeoirí teanga faoi leith nach n-aithníonn siad a nglór féin nuair a labhraíonn siad an T₂ agus go mbraitheann siad uaireanta go bhfuil an dara féiniúlacht acu. Má thagann tú féin leis seo, an féidir leat na mothúcháin seo a mhíniú? / If not covered in Question 3, do you feel that you sound different when speaking a second language? Language learners have been known to admit to not recognising their own voice when**

speaking a L2 (second language) and to sometimes feeling like they have a second identity. If you can relate to this, can you expand on these feelings and explain how they might affect you as a bilingual.

5. **Nuair a bhíonn tú ag déanamh cinntí agus ag plé le réiteach fadhbanna, an mbíonn cur amach éagsúil agat ag brath ar an teanga atá in úsáid agat, sé sin, an bhfuil tionchar ag toscaí faoi leith ar do chumas cinntí a dhéanamh; breithiúnais, braistintí agus mothúcháin, agus iomas, mar shampla?** / When involved in decision making and problem solving, can you explain if you perform differently in your various languages, for example, do certain factors influence your decision making ability; natural instincts, feelings and perceptions, or perhaps intuition?

Míle buíochas,
Belinda McHale
Feidhmeannach Teanga
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Leabharliosta

Leabhair

- Bloom, L. & Lahey, M., (1978) *Language Development and Language Disorders*. Nua-Eabhrac: John Wiley.
- Bloomfield, L., (1933) *Language*. Nua-Eabhrac: Holt, Rinehart & Winston.
- Creswell, J.W. & Plano Clark, V.L., (2017) *Designing and Conducting Mixed Methods Research*. Stáit Aontaithe Mheiriceá: Sage Publications Inc.
- Denscombe, M., (2010) *Ground Rules for Social Research. Guidelines for Good Practice*. An Bhreatain Mhór: Open University Press.
- Koven, M., (2007) *Selves in Two Languages. Bilinguals' verbal enactments of identity in French and Portuguese*. Philadelphia: John Benjamins.
- Mesthrie, R., Swann, J., Deumert, A., & Leap, W.L., (2006) *Introducing Sociolinguistics*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.
- Patton, M.Q., (2002) *Qualitative Research & Evaluation Methods : Integrating Theory and Practice*. Stáit Aontaithe Mheiriceá: Sage Publications Inc.
- Pavlenko, A. & Blackledge, A., (2004) *Negotiation of Identities in Multilingual Contexts*. An Bhreatain Mhór: Multilingual Matters.
- Trudgill, P., (2000) *Sociolinguistics. An Introduction to Language and Society*. An Bhreatain: Penguin Books.
- Voloshinov, V.N., (1973) *Marxism and the Philosophy of Language*. Nua-Eabhrac: Seminar Press.
- Wei, Li., (2000) *The Bilingualism Reader*. Londain: Psychology Press.

Ailt

- Dewale, J.M. & Pavlenko, A., (2003) 'Bilingual episodic memory: an introduction', *The International Journal of Bilingualism*, 7 (3), 221–33.
- Douglas Brown, H., (2002) 'English Language Teaching in the "Post-Method" Era: Toward Better Diagnosis, Treatment, and Assessment'. Richards, J.C., & Renandya, W.A. (eag.) *Methodology in Language Teaching, An Anthology of Current Practice*. An Bhreatain: Cambridge University Press, 9–23.
- Ji, F., (2006) 'The Sapir/Whorf Hypothesis and Linguistic Engineering', Henshall, K., & Hong, X (eag.), *Ethnic Identities and Linguistic Expressions: Languages, Literatures and Cultural Interaction in an Age of Globalization*, Beijing: People's Literary Press, 218–34.
- Kinginger, C., (2004). 'Alice doesn't live here anymore: Foreign language learning and identity reconstruction'. Pavlenko, A. & Blackledge, A. (eag.) *Negotiation of Identities in Multilingual Contexts*. An Bhreatain Mhór: Multilingual Matters, 219–42.
- Ní Neachtain, M., (2012) 'Ilteangachas agus Débhéascna'. Ó hIfearnáin, T., & Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 33–47.
- Romaine, S., (2006) 'Planning for the Survival of Linguistic Diversity'. *Language Policy*, 5, 441–73.

Foinsí Leictreonacha

- Athanasopoulos, P., (2015) 'How the language you speak changes your view of the world', *The Conversation*, 1–3. Le fáil ag: <https://theconversation.com/how-the-language-you-speak-changes-your-view-of-the-world-40721>.
- Sedivy, J., (2012) 'Does Speaking in a Second Language Make You Think More, or Feel Less?' *Discover*, 30 Bealtaine. Le fáil ag: <http://discovermagazine.com/authors?name=Julie+Sedivy>.



Ligeann an Ghaeilge chuici is uaithi ar na meáin shóisialta: Cás-Staidéar ar an suíomh *Twitter*

Raymona Ní Chonaill

<https://doi.org/10.13025/t2z8-cn60>

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hOllscoil Luimnigh chomh maith leis an Dochtúir Sorcha de Brún; rinneadh bunús an taighde seo faoina stiúir agus mé i mo mhac léinn ansin.

Réamhrá

Tá athrú thar cuimse tar éis teacht ar an úsáid a bhaintear as na meáin le blianta beaga anuas. Ó tháinig na meáin shóisialta ar an bhfód scór bliain ó shin, agus an fhoilsitheoireacht thraidisiúnta ag athrú de shíor, tá úsáid na meán i ndiaidh forbairt ó bhonn ó thús Ré na Faisnéise. Úsáidtear na meáin seo ar bhealaí ilghnéitheacha; ní hamháin le coimeád ar an eolas faoi chúrsaí reatha agus ar ghluaiseachtaí sóisialta, ach is iad tábhacht na rannpháirtíochta agus coincheap an phobail tréithe nua na meán sa lá atá inniu ann. Is mian le daoine ar fud an domhain páirt a ghlacadh san fheiniméan sóisialta seo. I gcás na Gaeilge, is léir go soláthraíonn na meáin shóisialta deis don mhionteanga seo chomh maith. Tugann ardáin faoi leith de chuid na meán sóisialta seans do chainteoirí Gaeilge a bpobail teanga a aimsiú ar athuair tar éis dóibh a bheith scartha óna chéile go stairiúil, go polaitiúil agus ó thaobh na tíreolaíochta de.

Is é príomhaidhm an ailt seo iniúchadh a dhéanamh ar an ardán *Twitter* mar uirlis a éascaíonn an caidreamh idir an Ghaeilge agus a pobal domhanda. Ceann de phríomhthorthaí an taighde seo ná gur gléas í an Ghaeilge i bpróiseas na féiniúlachta a chur in iúl ar líne. Chomh maith leis sin, léirítear gur uirlis nua atá in ábhar *Twitter* a d'fhéadfadh cuidiú le stádas na teanga a shoilsiú.

Ar mhaithe le hanailís chuimsitheach a dhéanamh, sa léirbhreithniú litríochta pléitear an taighde atá déanta go dtí seo sna príomhréimsí lena mbaineann, mar atá, an tsíceolaíocht, an tsocheolaíocht agus an teangeolaíocht. Lena chois sin, scrúdaítear na pobail fhíorúla agus déantar iarracht na castachtaí a bhaineann le coincheap an téarma ‘pobal’ a thabhairt chun solais agus a mheas i gcomhthéacs sealbhú na Gaeilge.

Ar an gcéad dul síos, déantar soiléiriú ar thábhacht na féiniúlachta sa tsochaí. Áitítear gur féidir leas a bhaint as teangacha ar mhaithe le heitneacht ar leith a chur chun cinn (Gans, 1979; Waters, 1990; Sullivan, 2010). Sa chás sin, déantar trácht ar an nGaeilge mar uirlis chun féiniúlacht a chruthú ar líne. Ina dhiaidh sin, pléitear an tionchar a mheastar atá ag *Twitter* ar an nGaeilge agus ar a pobal. Déantar anailís ar infheictheacht na Gaeilge ar *Twitter*, agus ar an méadú atá ag teacht uirthi sin. Agus an ghné sin pléite, díríonn an anailís ar cheist na rannpháirtíochta do phobal na Gaeilge ar *Twitter* agus ar ghnéithe faoi leith den ardán a éascaíonn an rannpháirtíocht chéanna, mar atá, an haischlib (#).

Modheolaíocht

Modhanna measchta a úsáideadh don taighde seo. Leanadh múnla taighde Swales (1990) .i. C.A.R.S. (*Creating a Research Space*). Dála mhúnla Swales, leanadh trí chéim: roghnaíodh úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta mar spás taighde, aithníodh an t-ardán *Twitter* mar ghort taighde, agus bheartaigh an taighdeoir díriú ar úsáid na Gaeilge ar *Twitter* mar cheist taighde. Roghnaíodh *Twitter* toisc go bhfuil sé ar an tseirbhís ghréasáin is gníomhaí ar líne ó thaobh phobal na Gaeilge de, agus sin bunaithe ar líon na dteachtaireachtaí a sheoltar air (Caulfield, 2013: 152). Ina theannta sin, ba léir don taighdeoir go raibh taighde de dhíth ar an gceangal idir an Ghaeilge agus féidearthachtaí na n-ardán sóisialta ar nós *Twitter* do threisiú na teanga. Beartaíodh go bhfeilfeadh cur chuige níos cainníochtúla ná cáilíochtúla don cheist taighde. Mar sin féin, baineadh úsáid as uirlis mhonatóireachta tuairime dar teideal *Brand24* a rinne achoimre cháilíochtúil ar chumhacht na Gaeilge ar líne thar thréimhse tríocha lá in 2020 (25 Eanáir go dtí an 24 Feabhra). Bhí teorainneacha áirithe leis an gcur chuige seo, áfach, sa mhéid is nach raibh teacht ar shonraí na míosa roimhe sin. Baineadh leas as cur chuige a chuimsigh modhanna measchta chun teacht ar na torthaí a phléitear san alt seo.

An Taighde go dtí seo

Baineann gnéithe éagsúla leis an ábhar atá idir lámha sa taighde seo agus cé gur timpeallacht shíorathraitheach atá sna seirbhísí gréasáin agus ardáin shóisialta, is buntreoracha áisiúla í an litríocht agus an taighde ar an ábhar. Ní miste sainmhíniú a thabhairt ar *Twitter* ar dtús, áfach. Tá an-tábhacht ag baint le *Twitter* in earnáil na ngréasán sóisialta ó thosaigh na meáin shóisialta ag teacht faoi bhláth ó bhí 2006 ann (Shah, 2016). Ina shaothar *Ar an Taifead* (2012: 350), cuireann Delap *Twitter* i gcomparáid le ‘abhainn [...] atá ag síorshní le nuacht, tuairimíocht, eolas, naisc, teagmhálacha agus neart eile’. Tá ráiteas Delap an-ábhartha fós. Má ghlacann úsáideoir páirt sa *Twittersféar*, glactar páirt i micreabhlagáil ina bhfuil leathanach próifíle aige/aici. Cuireann *Twitter* an cheist ‘Cad atá ar siúl?’ ar mhaithe le húsáideoirí a spreagadh chun clóscríobh. Seoltar agus faightear teachtaireacht nó giolc agus sin teoranta do 280 focal. Chomh maith leis sin, leanann úsáideoirí a chéile le coinneáil ar an eolas faoina chéile. Níl aon chómhálartacht ar *Twitter*, áfach – is féidir le húsáideoirí leantóirí a bheith acu ach ní gá go leanfaidís gach leantóir atá acu.

Déantar tagairt do ‘phobal na Gaeilge’ agus do na hiarrachtaí a dhéantar chun bheith rannpháirteach sa phobal sin go fíorúil le linn an taighde seo. Ionas go dtuigimid an fonn ginte doshéanta atá sa duine a bheith rannpháirteach, ní gá dúinn ach spléachadh a thabhairt ar shaothar an tsaineolaí Abraham Maslow dar teideal *A Theory of Human Motivation* (1943). Chruthaigh Maslow teoiric ar ar thug sé ‘Ordlathas na Riachtanas’ le léargas a thabhairt ar ar spreagann cinntí agus bearta an duine. De réir Maslow tá ‘*relative prepotency*’ i gceist leis an ordlathas. Is é sin nach mór do dhuine riachtanas amháin a shásamh sula mbíonn sé/sí in ann an chéad riachtanas eile a bhaint amach. Dar le Maslow nach ordlathas an-docht atá ann agus go bhfuil an chuid is mó de chinntí agus de bhearta an duine ilspreagtha, ach nach féidir riachtanas a chailleadh ach oiread. Cé gur cumadh Ordlathas Riachtanais Maslow le linn na ndaichidí sular tháinig na meáin shóisialta ar an bhfód, díol suntais is ea a thábhacht san 21ú haois.

Beidh riachtanas na féin-achtála chomh maith le grá agus muintearas á léirmheas againn sa chéad chuid eile don taighde seo agus iniúchadh á dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs *Twitter*.



Figiúr 1: Ordathas Riachtanais Maslow (1943)

Ní miste a lua go bhfuil roinnt deacrachtaí ag baint le húsáid an fhocail *pobal* sa chiall fhíorúil. I gcainnt an taighdeora Teresa Lynn dar teideal *How Social Media Breathes Life into the Irish Language* (2016), maíonn sí gur pobal beo na nGael atá sna meáin shóisialta a ghlacann páirt sa chibear-Ghaeltacht (Delap, 2008). D'fhéadfaí a áitiú, áfach, go bhfuil bagairt sna meáin shóisialta dár bpobail thraidisiúnta, cuir i gcás go gcuireann siad bac ar chaidrimh dhaonna. Creidtear gurbh í an fheidhm a bhí ag na nuatheicneolaíochtaí seo ná daoine a thabhairt le chéile. Tá an bharúil eile ann, áfach, go bhfuil a mhalairt ag tarlú. Ceistítear dlisteanacht na bpobal ar líne de bharr luaineacht na ballraíochta, laghdú cuntasachta agus easpa áite ar leith ó thaobh na tíreolaíochta de (Caulfield, 2013: 37):

...the ease at which web users can unsubscribe or drop out of their virtual communities at the click of a button [...] is not true of 'real communities' (Snyder, 1996) where people are forced to engage with each other because of their shared geographical proximity.

Tá tuairim eile ag Kenneth Gergen (2002) nuair a thagraíonn sé don dúshlán an *'absent presence'* agus don tslí, dar leis, a mairimid in *'a floating world'*, áit ina bhfuil duine i láthair go fisiceach ach sáite trí mheán na teicneolaíochta i ndomhan eile ar ghné iompraíoch den teicneolaíocht í a gcaithfear a chur san áireamh.

Mar sin féin, tá na nuatheicneolaíochtaí agus na meáin shóisialta mar chuid lárnach dár sochaí sa lá atá inniu ann agus ar mhaithe leis na pobail nua seo a aithint, déanann Herring (2004) achoimre ar chritéir áirithe a bhaineann le pobail ar líne. Is iad seo a leanas na sé chritéir atá le comhlíonadh má táthar le bheith in áirithe mar phobal fíorúil:

1. Rannpháirtíocht ghníomhach: úsáideoirí rialta mar chroí an phobail.
2. Stair, cuspoir, cultúr, noirm agus luachanna coiteanna.
3. Dlúthpháirtíocht, tacaíocht agus cómhalartacht.
4. Cáineadh, coimhlint agus modhanna réitigh aighnis.
5. Féinfheasacht mar ghrúpa atá difriúil le grúpaí eile.
6. Teacht chun cinn róil, cliarlathais agus rialachais.

Scrúdaíonn taighde Caulfield (2013) úsáid na Gaeilge ar thrí ghréasán éagsúla: an blagaisféar, an *Twittersféar* agus grúpa Facebook, agus maíonn go sásaíonn úsáideoirí na Gaeilge ar na meáin seo critéir Herring thuas (2004) chun a bheith áirithe mar phobal fíorúil. Ó thaobh rannpháirtíocht ghníomhach de, tá úsáideoirí rialta ar na gréasáin seo a fheidhmíonn mar cheannairí, nó mar chroí, an phobail. Mar léargas air sin, chruthaigh an saineolaí Kevin Scannell suíomh dar teideal *Indigenous Tweets* sa bhliain 2011, suíomh a chuir eolas fíor-ama ar fáil maidir leis an 500 chéad úsáideoir ba ghníomhaí. Is féidir na deich gcuntas is gníomhaí a fheiscint i Léaráid 1 thíos.

| | Úsáideoir | Gaeilge | lomlán | % Gaeilge | Leantóirí | Á Leanúint | Giolc Is Déanaí |
|----|--------------------------------|---------|--------|-----------|-----------|------------|---------------------|
| 1 | aonghusoha | 170757 | 199691 | 85.5 | 4394 | 1620 | 2021-02-16 20:59:47 |
| 2 | ToghCon | 132759 | 144853 | 91.7 | 1571 | 313 | 2021-03-14 19:57:50 |
| 3 | Tuigim | 118785 | 169936 | 69.9 | 5456 | 5125 | 2021-03-14 01:06:31 |
| 4 | KingDonncha1 | 60083 | 77369 | 77.7 | 2261 | 631 | 2021-03-14 19:15:32 |
| 5 | maitiuocoimin | 50512 | 64493 | 78.3 | 4606 | 3323 | 2021-03-14 09:36:06 |
| 6 | TG4TV | 33115 | 58515 | 56.6 | 65612 | 8154 | 2021-03-14 18:22:52 |
| 7 | tuairiscnuacht | 28566 | 31520 | 90.6 | 12414 | 1568 | 2021-03-14 17:59:07 |
| 8 | murchadhmor | 24885 | 30436 | 81.8 | 4783 | 4147 | 2021-03-14 09:01:11 |
| 9 | Rugbaí_BEO | 24404 | 64541 | 37.8 | 4432 | 786 | 2021-03-13 22:42:51 |
| 10 | AineEibhlin | 24289 | 38412 | 63.2 | 7760 | 5248 | 2021-03-14 19:29:45 |

Léaráid 1: *IndigenousTweets* (2011)

Chomh maith leis sin, agus ag teacht le teoiric Maslow faoi riachtanais dhaonna, ní mór do phobail ar líne stair, cuspóir, cultúr, noirm agus luachanna coiteanna a bheith acu. Comhlíonann an *Twitter*sféar an critéar seo ar an ábhar go bhfuil giorrúcháin, béarlagair agus nósmaireachtaí teanga atá curtha in oiriúint do phobal faoi leith le feiscint ann. Mar léiriú air sin, feidhmíonn an rogha atá ag úsáideoir, an Ghaeilge a úsáid seachas teanga eile, mar nósmaireacht teanga atá oiriúnach do phobal faoi leith. Ní miste a lua nach bhfuil croí aonteangach ann, áfach, mar atá le feiscint i Léaráid 2 thíos. Is é sin le rá, fiú i measc na deich gcuntas ina bhfuil an céatadán de ghiolcacha Gaeilge is airde le brath ann, ní bhaineann aon chuntas úsáid 100% amach.

| | | | | | | | |
|-----|-----------------|-------|-------|------|-------|------|------------------------|
| 78 | 7LATG4 | 6080 | 6409 | 94.9 | 3631 | 2370 | 2021-03-14 21:05:34 |
| 162 | IrisComhar | 3942 | 4124 | 95.6 | 3353 | 1931 | 2021-03-14 19:45:02 |
| 196 | oisinmor | 3361 | 3515 | 95.6 | 1451 | 2688 | 2020-04-23 07:36:28 |
| 383 | BriatharBeo | 1876 | 1953 | 96.1 | 493 | 1429 | 2014-11-16 07:19:57 |
| 34 | NuachtTG4 | 11992 | 12373 | 96.9 | 10731 | 2790 | 2021-03-13 18:59:59 |
| 35 | Feilire | 11749 | 12023 | 97.7 | 8845 | 3033 | 2021-03-14 23:37:04 |
| 91 | NuachtRTE | 5445 | 5536 | 98.4 | 6030 | 745 | 2021-03-12 16:15:40 |
| 28 | an_aimsir | 13279 | 13485 | 98.5 | 766 | 49 | 2019-03-25 19:29:05 |
| 339 | AisTeagaiscCOGG | 2121 | 2152 | 98.6 | 2541 | 1144 | 2021-03-15 09:30:00 |
| 85 | Europarl_GA | 5692 | 5753 | 98.9 | 5620 | 390 | 2021-03-05 09:34:54 |

Léaráid 2: *IndigenousTweets* (2011)

Ar an tríú dul síos, ba cheart go mbeadh na rannpháirtithe ag léiriú na dlúthpháirtíochta, agus na tacaíochta chomh maith leis an gcómhálartacht. Cuireann Baym (2010) leis an gcritéar seo. Dar leis, gurb é malartú comhairle cuid lárnach de phobail ar líne. Dar le Caulfield (2013) go bhfuil an chómhálartacht agus séú critéar Herring (2004) .i. teacht chun cinn róil, cliarlathais agus rialachais fite fuaite ina chéile. Bíodh is gurb é feiniméan an ghrúpa ar *Facebook* a bhí in uachtar i dtaighde Caulfield (2013) mar léargas ar phobal a bhfuil cliarlathas soiléir ag baint leo .i. bunaitheoir agus riarthóirí, d'fhéadfaí a rá go bhfuil cliarlathas den chuma chéanna le feiscint sa *Twittersféar* chomh maith. Mar shampla, iarrtar ar úsáideoirí áirithe a gcuid tuairimí a chur in iúl amhail is gur saineolaithe iad agus ábhair ar leith faoi chaibidil. Sáraíonn sé sin scóip an taighde seo, áfach, agus ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh ar a leithéid. Pléifear an tairbhe a bhaineann an Ghaeilge as an ngné seo mar aon leis na gnéithe cáinte, coimhlinte agus modhanna réitigh aighnis agus féinfheasachta níos mine sa chéad alt eile.

An leas a bhaintear as an nGaeilge ar *Twitter*

An Fhéiniúlacht

Mar a chonacthas thuas i dteoiric Maslow, spreagtar daoine chun dul i mbun birt, bíodh sé go comhfhiosach nó go fo-chomhfhiosach. Is é an riachtanas atá á shásamh anseo ná riachtanas na féin-achtála ar riachtanas tosaigh é i dteoiric Maslow. De réir Maslow (382–3), baineann an riachtanas seo le *‘the person’s desire for self-fulfilment, namely, to the tendency for him to become actualized in what he is potentially’*. Baineann sé leis an bhfonn a bhíonn ar dhaoine a bheith ina nduine ar leith. Is féidir an riachtanas seo a shásamh tríd an oideachas, trí fhorbairt scileanna agus trí fhorbairt phearsanta agus is féidir leis cuidiú leis an bhféinfhollasú freisin. Ag eascairt as bunús teoiriciúil an riachtanais seo, d’fhéadfaí a mhaíomh ní hamháin gur féidir le daoine an Ghaeilge a fhoghlaim chun scileanna nua a fhorbairt agus iad ag iarraidh féin-achtáil a bhaint amach, ach gur féidir leis an nGaeilge cuidiú le forbairt phearsanta agus leis an bhféinfhollasú leis.

Chun cuidiú leis an bpróiseas sin, bailítear stór scileanna, agus ceanglaítear na scileanna sin leis an bhféiniúlacht. Is féidir leis an sealbhú teanga a bheith ina chuid lárnach den phróiseas seo, mar a mheabhraíonn Ó Maoláin dúinn (1993: 15–7) nuair a thugann sé ‘buntobar féiniúlachta’ ar an nGaeilge in Éirinn. Is mian le daoine a bhféiniúlacht a chur in iúl ar ndóigh, ar líne agus as líne araon. Mar sin féin, is rud éiginnte í an fhéiniúlacht. Cuireann cnuasach Mhic Cormaic (2011: 44) síos ar an bhféiniúlacht, ag tagairt do shaothair an teoiricí Ghearmánaigh Hegel, mar:

An fhreasúrsacht idir an ‘mise’ agus an ‘té eile’ a chruthaíonn féiniúlacht an ‘mise’. Ní féidir féiniúlacht a chumadh i bhfolús; cumtar gach féiniúlacht trí fhrithshuí, is é sin trí hí a chur I gcodarsnacht le rud/le neach/le grúpa eile. Is í an chéad chéim i dtógaint agus i gcruthú ‘féiniúlachta’ ná tógaint agus cruthú contrártha agus ‘grúpaí eile’ nach ionann ‘é/iad’ agus ‘tusa/sibhse’.

Má tá coibhneas idir an ‘mise’ agus an ‘té eile’ a chruthaíonn féiniúlacht an mhise mar atá dearbhaithe ag Mac Cormaic, d’fhéadfaí a mhaíomh go bhfeidhmíonn an Ghaeilge mar uirlis i bpróiseas cruthaithe na féiniúlachta ar líne. D’fhéadfadh sé seo a bheith fíor go háirithe i gcomhthéacs an scartha fhisicigh, agus go háirithe maidir le cuid lárnach d’fhéiniúlacht na hÉireann, mar atá, an imirce. I bhfocail Ní Dhuinn (2011: 17) ‘siúlach scéalach atá pobal na Gaeilge ó thús ré’. Más fíor sin, d’fhéadfaimis a mhaíomh go n-úsáideann daoine áirithe an Ghaeilge mar mhodh inar féidir leo teacht ar a n-oidhreacht, chomh maith le riachtanas na féin-achtála (Maslow, 1943) a shásamh ar an tslí seo chomh maith. Is trí úsáid na teanga go sonrach a léiríonn na daoine seo a dtiomantas dá bhféiniúlacht Ghaelach.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh, áfach, idir an fhéiniúlacht seo agus tomhaltas ábharáioch choincheap an Éireannachais lena n-áirítear ‘daoine na seamróige’ mar a thugann Sullivan (2010) orthu. Ina theannta sin, áitíonn Negra (2006: 3–4) gur ‘*buying category*’ atá san Éireannachas, agus tá sí den tuairim go bhfuil sé ar fáil ‘*in a staggering variety of consumable forms available across a broad spectrum of outlets*’. D’fhéadfadh an nós céanna a bheith i gceist leis an nGaeilge, áfach, agus d’fhéadfaí leas a bhaint as an nGaeilge ar mhaithe le cur i gceill ar líne agus as líne chomh maith, mar a shoiléiríonn an t-údar cáiliúil Meiriceánach bell hooks (1992: 421): ‘*ethnicity becomes spice, seasoning that can liven up the dull dish that is mainstream white culture.*’

Is feiniméan an-solúbtha í an rannpháirtíocht sna pobail fhíorúla ar nós an *Twitter*sféar. Mar a mhaíonn Snyder (1996), ní léiriú ar phobal sa chiall thraidisiúnta den fhocal atá sa tsolúbthacht seo. Dá mba mhaith leis na Gaeilgeoirí seo, d’fhéadfaidís neamhaird iomlán a dhéanamh ar an áit ar rugadh agus ar tógadh iad. Is ar bhonn deonach a dhéanann siad iarrachtaí a bheith rannpháirteach i bpobal na Gaeilge. Mar sin, cén tairbhe atá le baint acu as an rannpháirtíocht Ghaeilge ar líne? Dar le Mary Waters (1990: 19), a chuireann le teoiric na roghanna eitneacha de chuid Herbert Gans (1979), ‘*This information [the knowledge about ancestries in one’s background] is selectively used in the social construction of ethnic identification*’. Má tá baint ag roghanna eitneacha leis an bhféiniúlacht, feictear ní hamháin go bhfuil sin ag teacht le riachtanais tosaigh theoiric Maslow (1943), ach go dtugann an Ghaeilge deis do dhaoine a bhféiniúlacht a chruthú agus a athchruthú de réir an tsuímh a mbíonn siad ann.

An leas a bhaineann úsáideoirí Gaeilge as *Twitter*

An Stoc Fógartha


Agus léargas níos doimhne tugtha anois againn ar na cúiseanna le húsáid na Gaeilge ar *Twitter*, scrúdófar an tairbhe a bhaineann úsáideoirí na Gaeilge as an ardán. Is léir go gcuireann na meáin shóisialta neart deiseanna ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail araon, deiseanna nach raibh teacht acu orthu sular tháinig na meáin shóisialta ar an bhfód. Luadh sa réamhrá go raibh stoc fógartha tugtha do mhionteangacha a bhí curtha ina dtost go stairiúil agus sáinnithe i suíomhanna imeallaithe dá dheasca. Saorann an t-idirlíon agus na meáin shóisialta mionteangacha ón gcomhthéacs traidisiúnta seo. Mar a thugann Cunliffe (2007) le fios, níl smacht ag ‘spás’ a thuilleadh, is ag an ‘sóisialú’ atá an chumhacht sa chomhthéacs comhaimseartha. Is é sin le rá, níl mionteangacha ar nós na Gaeilge teoranta ó thaobh na tíreolaíochta de a thuilleadh agus laghdaítear cé chomh scartha óna chéile is atá an pobal a bhfuil le gréasáin shóisialta ar nós *Twitter*. Mar léargas air sin, féach léarscáiliú Scannell (2013) ar chomhráite Gaeilge ar *Twitter* thar thréimhse roinnt seachtainí ag: <http://indigenoustweets.blogspot.com/2013/12/mapping-celtic-twitterosphere.html>. Go deimhin, is iad na nuatheicneolaíochtaí cosúil leis na meáin shóisialta atá tar éis taighde, tátal

agus torthaí Scannell a éascú. Den chéad uair riamh, mar a mhíonn Bergs (2006), is féidir a chinntiú *'who talked to whom, about what, for how long'*. Is uirlis thar a bheith áisiúil í seo, go háirithe i gcás na mionteangacha ó tharla gur mhinic a cuireadh i leataobh iad agus lucht taighde ag díriú ar éagsúlacht teangacha (Caulfield, 2013: 71). Méadaíonn na huirlisí seo a infheicthe agus atá an Ghaeilge. Déanann Ó Cróinín (2005: 9) cur síos ar na daoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu ach atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht mar 'threibh dhofheicthe'. Tá úsáid dhomhanda na Gaeilge ar na gréasáin shóisialta ar nós *Twitter* mar fhritéis ar an gcur síos seo, áfach, agus ar roinnt típeanna maidir leis an teanga.

Is fiú a lua go bhfuil seans níos mó anois ann spéis úr sa teanga a chruthú chomh maith. Dar le tuairisc *Brand24* thíos, comhlacht a chuireann uirlisí monatóireachta do na meáin ar fáil do chomhlachtaí ar mian leo a gcáil a bhainistiú, bhain cumhacht an fhocail 'Gaeilge' ar na meáin shóisialta 687,000 duine amach thar thréimhse tríocha lá in 2020 (25 Eanáir go dtí an 24 Feabhra). Mar atá le feiscint i Léaráid 3, ba é *Twitter* an gréasán ba mhó ina ndearnadh trácht ar an nGaeilge. Tugann na torthaí seo le fios go bhféadfadh *Twitter* a bheith ar thús cadhnaíochta chun cainteoirí nua a mhealladh i dtreo na Gaeilge.



Léaráid 3: Tuairisc Brand24 (2020)



Léaráid 4: Tuairisc Brand24, 2020

An Dlíthpháirtíocht

Mar fhocal scoir, riachtanas eile de chuid Maslow (1943) nach mór a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar an nGaeilge ar *Twitter* ná an grá agus an muintearas. De réir Maslow, tá ballraíocht i ngrúpaí sóisialta faoi scáth an riachtanais seo. Sa chás seo, is í an Ghaeilge an leas comhchoiteann i measc na mball atá gníomhach ar *Twitter*. Mar thoradh air sin, spreagtar daoine leis an nGaeilge a úsáid, a scaipeadh agus a chosaint agus treisítear í dá bharr. Éascaíonn *Twitter* an t-aistear ó dhuine aonair go grúpa sóisialta trí úsáid na haischlibe (#).

De ghnáth, déanann an haischlib ábhar an ghlolca nó tuairimí faoin ngiolc a thaispeáint agus a bhailiú. Thar aon ní eile, áfach, spreagann an haischlib cultúr na rannpháirtíochta sa mhéid is go mbailítear gach giolc clibeáilte san áit chéanna. Mar thoradh ar an meicníocht seo, is féidir le daoine a ndlíthpháirtíocht a chur in iúl maidir le staid na Gaeilge sa chás go gcáinteair í. Tá neart samplaí ar *Twitter* den iompar seo. Léiríonn an haischlib #OurFada, cuir i gcás, an dlíthpháirtíocht teanga seo. Haischlib í ina dtagann úsáideoirí le chéile chun a míshástacht a chur in iúl faoin nGaeilge agus na seirbhísí poiblí in Éirinn, agus le cuntas a thabhairt ar an míltriú forleathan ar na hainmneacha Gaelacha faoina gcúram. Sa chás seo, feictear pobal na Gaeilge ag seasamh le chéile chun ceist pholaitíochta .i. stádas na teanga, a phlé.

Clabhsúr

San alt seo, tugadh léargas ar an tairbhe a bhaineann pobal fíorúil na Gaeilge as an teanga ar an ngréasán sóisialta *Twitter*. An toradh is mó a fuarthas anseo ná go n-úsáidtear an Ghaeilge mar ghléas i gcur in iúl na féiniúlachta ar líne. Mar chuid den taighde seo, tugadh spléachadh ar theoiricí síceolaíochta a bhaineann leis an ábhar ar nós Ordathas an Riachtanais de chuid Maslow (1943) chomh maith le sainsaothair Gans (1979) agus Waters (1990) ar roghanna eitneacha. Léiríodh gurbh í an Ghaeilge an modh a úsáideann daoine áirithe ar mhaithe le teacht ar a n-oidhreacht, chomh maith le riachtanas na féin-achtála.

An dara toradh ná gur léiríodh gur minic a théann úsáid *Twitter* chun tairbhe na Gaeilge féin. Ní hamháin gur léiríodh anseo gur ‘treibh’ (Ó Cróinín, 2005: 9) níos infheicthe atá i bpobal na Gaeilge ar fud na cruinne a bhuí le *Twitter*, léiríodh gur uirlis nua atá in ábhar *Twitter* a d’fhéadfadh cuidiú le stádas na teanga a shoilsiú, a chur chun cinn agus a thomhas. D’fhéadfadh cumhacht na Gaeilge ar *Twitter* aon mhíotias faoi neamhábharrthacht na Gaeilge san 21ú haois a bhréagnú, mar shampla. Ar an gcuma chéanna, feictear go bhfuil baill den phobal sásta an fód a sheasamh ar son na Gaeilge ar líne, agus go bhfuil áit acu leis sin a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, is léir gur beag atá tar éis athrú ó ráiteas Ní Dhuinn deich mbliana ó shin. ‘Siúlach scéalach’ atá pobal na Gaeilge fós. Mar sin féin, tá siad níos ceangailte ná riamh ó tháinig na seirbhísí gréasáin ar an bhfód, rud atá imithe chun tairbhe na gcainteoirí Gaeilge iad féin mar aon leis an teanga. Ag deireadh an lae, neartóidh íomhá agus tábhacht na Gaeilge san 21ú haois in Éirinn dá bharr.

Leabharliosta

Leabhar

- Baym, N., (2010) *Personal Connections in the Digital Age*. Cambridge: Polity Press.
- Cronin, M., (2005) *An Ghaeilge san Aois Nua*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Delap, B., (2012) *Ar an taifead: fíis, fuaim, focal*, (Dara heagrán) Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- hooks, b., (1992) *Black looks: race and representation*. Londain: Turnaround.
- Mac Cormaic, B. (2011) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Marsen, S., (2006) *Communication Studies*. Basingstoke: Palgrave MacMillan.
- Joinson, A.N., (2003) *Understanding the Psychology of Internet Behaviour*. Basingstoke: Palgrave MacMillan.
- Judge, J., Ní Chasaide, A., Ní Dhubhda, R., Scannell, K.P., Uí Dhonnchadha, E. (2012) *The Irish Language in the Digital age: An Ghaeilge sa Ré Dhigiteach*. Heidelberg: Springer.
- Negra, D., (2006) *The Irish in us: Irishness, performativity and popular culture*. Londain & Durham: Duke University Press.
- Ní Dhuinn, S., (2011) *An Ghaeilge i gCéin: Pobal agus Féiniúlacht Idirnáisiúnta*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR.
- Swales, J., (1990) *Genre Analysis: English in Academic and Research Settings*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Waters, M., (1990) *Ethnic options: choosing identities in America*. Berkeley: University of California Press.

Ailt

- Cunliffe, D., (2007) 'Minority Languages and the Internet: New Threats, New Opportunities' in Cormack, M. agus Hourigan, N., *Minority Language Media: Concepts, Critiques and Case Studies*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Flynn, C.J., (2018) Léirmheas ar *An Meon Folaithe: Idé-eolaíochtaí agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain* curtha (in eagar ag Ó hIfearnáin, T. & Walsh, J.) in *ComharTAIGHDE*, eagr. 4. Le fáil ag: <https://comhartaighde.ie/eagrain/4/flynn/en/> (Léite: 15 Feabhra 2020).
- Gans, H., (1979) 'Symbolic Ethnicity: the future of ethnic groups and cultures in America.' *Ethnic and Racial Studies* 2(1): 1–20.
- Gergen, K.J., (2002). 'The Challenge of Absent Presence.' *Perpetual Contact: Mobile Communication, Private Talk, Public Performance*. 227–41. DOI: 10.1017/CBO9780511489471.018.
- Herring, S.C., (2004) 'Computer-mediated discourse analysis: An approach to researching online behavior', Barab, S., Kling, R. agus Gray, J. *Designing for Virtual Communities in the Service of Learning*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Jackson, P., (2005) 'Identities' in Cloke, P., Crang, P. & Goodwin, M., *Introducing Human Geographies*, 2nd Edition, Londain: Hodder Arnold, 314–25.
- Maslow, A.H., (1943) 'A Theory of Human Motivation.' *Psychological Review*, 50(4), 370–96.
- Ó Caollaí, É., 'Campaign for Twitter messages in Irish hopes to beat record', *The Irish Times*. Le fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/campaign-for-twitter-messages-in-irish-hopes-to-beat-record-1.3782126>. (Léite: 6 Deireadh Fómhair 2019).
- Ó Coimín, M., (2019) 'Os cionn 2.500 cuntas páirteach i #TrasnanadTonnta: anailís ar an bhfeachtas mór Gaeilge', *Nós*. Le fáil ag: <http://nos.ie/gniomhaiochas/teanga/os-cionn-2500-cuntas-pairteach-i-trasnandtonnta/>. (Léite: 23 Feabhra 2020).
- Ó Maoláin, R., (1993) 'Teicneolaíocht: Gaeilge i ngleic le ríomhaireacht', *Comhar*, Iml. 52 (Uimh. 9), 15–7.

Scannell, K.P., (2013) *Mapping the Celtic Twittersphere*, Indigenous Tweets. Le fáil ag: <http://indigenoustweets.blogspot.com/2013/12/mapping-celtic-twittersphere.html> (Léite: 28 Samhain 2019).

Shah, S., (2016) *The history of social networking*, Digital Trends. Le fáil ag: <https://www.digitaltrends.com/features/the-history-of-social-networking/>. (Léite: 17 Deireadh Fómhair 2019).

Snyder, J., (1996) 'Get real' in *Internet World*, Iml. 7, Uimh. 2. Connecticut: Mecklermedia.

Foinsí Leictreonacha

Brand24, (2020) Le fáil ag: <https://brand24.com>. (Léite: 24 Feabhra).

Indigenous Tweets, (2011) <http://indigenoustweets.com>. (Léite: 17 Deireadh Fómhair 2019).

TEDx Talks, (2016) 'How Social Media Breathes Life Into The Irish Language | Teresa Lynn | TEDxFulbrightDublin', (físeán). Le fáil ag: <https://youtu.be/LM3ISST2eg8>. (Feicthe: 16 Deireadh Fómhair 2019).

Tráchtais Neamhfhoilsithe

Caulfield, J., (2013) *A social Network Analysis of Irish Language Use in Social Media*, tráchtas PhD, Cardiff University. Le fáil ag: <https://orca.cf.ac.uk/53228/1/Completed%20Phd%20181113.pdf> (Léite: 12 Feabhra 2020).

Ní Bhroin, N., (2015) *Lost in Space? Social Media-Innovation and Minority Language Use*, tráchtas PhD, University of Oslo. Le fáil ag: https://www.duo.uio.no/bitstream/handle/10852/52954/20150330_Thesis_NNB.pdf?sequence=1&isAllowed=y.

Sullivan, T.J., (2010) *Designing Irishness: ethnicity, heritage, and imagined connection to place through language*, tráchtas PhD, Louisiana State University & Agricultural & Mechanical College. Le fáil ag: <https://pdfs.semanticscholar.org/1126/43103814e9c5729cf575f463e4b4349e7e86.pdf>.



Lá: a chúlra, a bhunú is a oidhreacht

Dorothy Ní Uigín

<https://doi.org/10.13025/hrb0-4z79>

Pobal ar leith is ea pobal Gaeilge na Sé Chontae, agus d'eascair an nuachtán *Lá* as an bpobal uathúil seo. Ní mór, mar sin, chun aidhmeanna agus comhthéacs bhunú *Lá* a thuiscint i gceart, scagadh a dhéanamh ar scéal na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus i mBéal Feirste go sonrach. Déantar scagadh dá leithéid thíos, agus pléitear bunú agus stair an fhoilseacháin bunaithe air sin – a raibh á fhoilsiú ar *Lá*, na daoine a bhí páirteach san obair, agus an pobal léitheoireachta a bhí ag an nuachtán. Ar deireadh, pléitear oidhreacht an fhoilseacháin agus déantar a thábhacht i scéal na Gaeilge ó thuaidh a mheas.

Cúlra na Gaeilge i mBéal Feirste

I ndaonáireamh 1851, bhí 136,164 cainteoir Gaeilge i gCúige Uladh, agus ina measc siúd bhí 35,783 duine nach raibh Béarla ar bith acu. I ndaonáireamh na bliana 1891, áfach, ní raibh ach 83,226 cainteoir Gaeilge fágtha sna naoi gcontae ó thuaidh, agus ní raibh ach 7,053 díobh siúd gan aon Bhéarla. Den 7,053 seo, bhí cónaí ar 7,037 acu i gCo. Dhún na nGall, rud a chiallaíonn nach raibh ach 16 duine sna hocht gcontae eile a bhí ina gcainteoirí Gaeilge amháin (Stephens, 1978: 129). Chomh luath leis an mbliain 1830, bunaíodh 'Cuideacht Gaoidheilge Uladh' nó *The Ulster Gaelic Society* i mBéal Feirste, agus deir Meic Stephens (1978: 455) faoi:

Before Thomas Davis the many societies interested in Irish had been scholarly and defensive, more devoted to manuscripts than in the language's survival...The only exception to this general rule was the Ulster Gaelic Society (1830) which concerned itself not only with 'the venerable remains of ancient Irish literature' but with the teaching and publishing of the language...

Chabhraigh an eagraíocht seo le cur chun cinn na Gaeilge sa Tuaisceart, ach níor tháinig gluaiseacht athbheochana faoi bhláth in Ulaidh gur bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. D'fhás Conradh na Gaeilge go han-sciobtha sna naoi gcontae ó thuaidh: faoin mbliain 1905, bhí 83 chraobh den Chonradh i gCúige Uladh, agus sa bhliain chéanna sin, bhunaigh an Conradh Coláiste Chomhghaill i gcathair Bhéal Feirste.

Faoin mbliain 1911, bhí an Ghaeilge ag 7,595 duine i mBéal Feirste féin (Nig Uidhir, 1985: 16), agus d'oscail an Conradh trí choláiste eile sa chathair an bhliain chéanna, mar aon le coláistí eile ar fud an chúige. Bhí míshástacht le fáil i measc chainteoirí Gaeilge Bhéal Feirste, agus i measc chainteoirí Gaeilge an Tuaiscirt i gcoitinne leis na coláistí seo, áfach, ar an ábhar nach raibh fiú múinteoir amháin ag teagasc iontu a raibh canúint an Tuaiscirt aige / aici. Is mar gheall air sin a bhunaigh lucht Gaeilge Bhéal Feirste an Ardscoil Ultach sa chathair in 1912, áit nach raibh ach Gaeilge Chúige Uladh á múineadh. D'fheidhmigh an Ardscoil mar lárionad sóisialta do lucht labhartha na Gaeilge ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin. Is ann, go deimhin, a foilsíodh *Lá* ag tús a shaoil chomh maith. Léiríonn bunú na hArd scoile an tuiscint a bhí ag cainteoirí Gaeilge sa Tuaisceart go raibh an Conradh ag déanamh faillí i nGaeilge Uladh. Mar sin féin is léir an dea-thionchar a bhí ag Conradh na Gaeilge ar staid na Gaeilge sa Chúige sna blianta luatha seo tar éis a bhunaithe, agus maíonn Meic Stephens (1978: 132):

...the percentage of Irish-speakers in Ulster at the 1911 Census...had risen to 2.3% from 1.3% in 1891; there were approximately 8,000 native-speakers of Irish in Belfast in 1913. This slight increase was largely attributable to the foundation of Conradh na Gaeilge...in 1893.

Críchdeighilt

Sa bhliain 1922, bunaíodh an Saorstát agus tháinig na Coláistí Gaeilge sa chuid eile den tír faoi stiúir Roinn nua Oideachais an tSaorstáit, agus tháinig meath ar na Coláistí Gaeilge sna Sé Chontae. D'fhás nós láidir i measc mhuintir na Sé Chontae a gcuid páistí a chur chuig coláistí Gaeilge i nGaeltacht Thír Chonaill sa tréimhse seo. Dhaingnigh an tacaíocht a bhí á tabhairt do Chonradh na Gaeilge sna Sé Chontar tar éis na críchdeighilte. Deir Gabrielle Maguire (1991: 27):

...many people assumed that the role of this revolutionary organisation became obsolete with the founding of the Free State in 1922 and the recognition of Irish as the official language in Ireland. The Irish Government accepted that it was its responsibility to safeguard the native language. However the belief that this acknowledgement guaranteed the preservation and diffusion of Irish proved false.

Within the Six Counties such an assumption could never have been made in the first instance. The Northern Ireland Government chose to ignore the existence of Irish and the cultural rights of an ethnic

minority. The continued need for Gaelic League Branches was, therefore, never questioned by Northern Gaels.

An tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh, *An tUltach* agus Comhaltas Uladh

Conraitheoir tábhachtach ab ea an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh a bhunaigh *An tUltach* sa bhliain 1924,

...an iris is faide saol i nuascríbhneoireacht na Gaeilge sa mhéid is go bhfuil sí á foilsiú ón bhliain 1924 anuas. Bunaíodh an iris le hábhar léitheoireachta a sholáthar do Ghaeil Uladh nuair ba léir go mbeadh ar Ghaeilgeoirí na Sé Chontae déanamh dóibh féin mar gheall ar chrichdheighilt na tíre seo (Ó Máirtín, 1989: 8).

Mheas an tAthair Ó Muireadhaigh go raibh

...leithcheal á dhéanamh gan leithscéal ar Ghaeilge Chúige Uladh, agus an bhéim á leagan ar fad ar an dá chanúint eile, go mór mhór ar Ghaeilge na Mumhan...

B'fhollas dó go mbeadh cath le cur in aicearracht agus dar leis go mba mhaith agus go mb'éifeachtach an t-am cosanta irisleabhar a chuirfeadh ar chumas Gaeilgeoirí Uladh teagmháil a chothú le chéile agus a gcanúint féin a chur chun cinn san am chéanna (Mac Giolla Chomhail, 1983: 37).

I measc na ndaoine a bhí ag scríobh do *An tUltach* ag tús a saoil bhí Seaghan Bán Mac Meanman, Niall Ó Dónaill, Seosamh Mac Grianna, Donn S. Piatt, Tadhg Ó Rábhartaigh, Séamus Ó Grianna, Seán Mac Maoláin, agus ní ba dhéanaí, Séamus Ó Néill agus Tarlach Ó hUid. Bhí Lorcán Ó Muireadhaigh féin ina eagarthóir ar an iris ar feadh na mblianta, agus ina bhainisteoir uirthi go bhfuair sé bás. Deir Tomás Ó Fiaich (1977: 25) go raibh ‘...litir agam ina n-abraíonn sé gur mhinic a scríobhadh sé an t-ábhar ar fad do *An tUltach*.’

Sna blianta luatha seo foilsíodh go leor píosaí ar *An tUltach* a foilsíodh mar leabhair ina dhiaidh sin: *An Grá agus an Ghruaim*, Pádraig Ó Conaire agus Aistí Eile, *Filí gan Iomrá* le Seosamh Mac Grianna; *Nuair a bhí mé óg* agus *Thiar i dTír Chonaill* le ‘Máire’, *Cora Cainte as Tír Chonaill* le Seán Mac Maoláin; *Bruíon Féile* le Niall Ó Dónaill; *Bua an Ultaigh* le Séamus Ó Néill, agus *An Bealach Chun an Bhearnais* le Tarlach Ó hUid, mar shampla. Thug Mícheál Ó Máirtín, ‘Rosca Catha’ ar *An tUltach* sna blianta luatha seo, ‘Rosca Catha’ ‘...a mheall scríbhneoirí éirimiúla chuige leis an mheirge a thógáil ar son mhuintir Leath Coinn, meirge a iompraíodh

go mórtasach agus go tairbheach ar fud gach uile chríoch den tír seo' (eagarfhocal *An tUltach*, Meitheamh, 1925). Cé gur mó béim a chuir *An tUltach* ar chúrsaí litríochta, bheadh tiomantas céanna a bhunaitheora le sonrú blianta ní ba dheireanaí i mbunaitheoirí an nuachtáin *Lá*.

Bhí an tAthair Ó Muireadhaigh ar Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge, agus '...I ndeireadh an Earraigh 1926, chuir an tAthair Ó Muireadhaigh in iúl ag cruinniú den Choiste Gnótha i mBaile Átha Cliath gur shíl sé go gcaithfí coiste gnótha faoi leith do Chúige Uladh féin a chur ar bun...' (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 60). Rinneadh é seo, agus ag Comhdháil speisialta ar 3 Samhain, 1926, bunaíodh Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge, coiste cúige le haghaidh deich gcontae, contaetha chúige Uladh agus Co. Lú. Cuireadh i leith bhunaitheoirí an Chomhaltais go raibh siad '...ag iarraidh an chrichdheighilt a thabhairt isteach i gConradh na Gaeilge' (Mac Giolla Chomhaill, 1983: 60). Mheas lucht bunaithe an Chomhaltais, áfach, agus cainteoirí Gaeilge an Tuaiscirt trí chéile go raibh faillí á déanamh i nGaeilge Uladh sna scoileanna, sna nuachtáin, agus ag rialtas Bhaile Átha Cliath, agus dá bhrí sin, mhothaigh siad gur chóir do

...lucht na Gaedhilge i gCúige Uladh agus Óirghialla a bhailiughadh le chéile in aon ghluaiseacht amháin agus ceangal daingean láidir a dhéanamh eataru. Chan fheil neart go cur le céile, agus cha bhíonn an neart ceart againn i gCúige Uladh go dtiocfaidh na Gaedhil le céile agus go mbeidh aithne aca go léir ar a chéile. (*An tUltach*, Eagarfhocal, Mí Eanáir, 1924)

Faoin mbliain 1944, bhí 142 chraobh ag an gComhaltas ar fud Chúige Uladh. Ghlac an Comhaltas *An tUltach* chuige féin mar iris oifigiúil an Chomhaltais agus baineadh feidhm aisti mar mheán bolscaireachta don eagraíocht.

Cumann Chluain Ard agus Glún na Buaidhe

Sa bhliain 1936, bunaíodh Cumann Chluain Ard i mBéal Feirste mar chraobh de Chomhaltas Uladh. Tháinig Glún na Buaidhe¹, eagraíocht a bunaíodh i mBaile Átha Cliath, go Béal Feirste sa bhliain 1943, ach níor mhair an eagraíocht ach ar feadh dhá bhliain ansin. Bhí tionchar ag an nGlún ar scéal na Gaeilge i mBéal Feirste, áfach, mar go raibh riail dhaingean ag an nGlún maidir le húsáid na Gaeilge, rud a chuaigh i bhfeidhm ar bhaill Chomhaltas Uladh. Bhí cuid mhór de na daoine a bhí bainteach leis an nGlún i mBéal Feirste idir na blianta 1943 agus 1945 bainteach le gluaiseacht na Gaeilge sa Tuaisceart ina dhiaidh sin. Bhí Seosamh Mac Domhnaill ina cheannaire ar an nGlún i mBéal Feirste, agus bhí Liam Ó Dochartaigh, Pádraig Mac Giolla Ruaidh, Art de Creag, Aodh Mag Eoin agus daoine eile nach iad ina mbaill di. Chláraigh Craobh na Buaidhe i mBéal Feirste mar chraobh de Chomhaltas Uladh,

1 Tá cur síos cuimsitheach ar an nGlún in *Architects of the Insurrection: Ailtirí na hAiséirige and fascist 'new order' in Ireland* le R.M. Douglas (2009). Féach freisin: 'Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe agus Bunú Inniu' le D. Ní Uigín in *Irisleabhar Mhá Nuad* (1995), 75–110.

agus rinne Glún na Buaidhe iarracht nascadh le Cumann Chluain Ard, a bhí an-láidir ag an am seo. Níor éirigh leis an iarracht seo, áfach. Dúirt Tomás Ó Monacháin, a bhí ina bhall de Chumann Chluain Ard ag an am, faoi seo:

Na daoine a bí i gceannas an Chumainn san am, ní raibh siad fábharrach de bhrí, is dóiche, nár thaithin an blas faisisteach róChaitliceach leo...Mhol Glúin na Bua Éire Chríostaí, Ghaelach. Ach b'ionann Críostaí acu agus Caitliceach. Bhí an Cumann ariamh iontach neamhsheicteach... Tá traidisiún Críostaí fite fuaite istigh sa Ghaeilge ach níl traidisiún Caitliceach, mar a thuigeann muidinne in Éirinn é – forlámhas an Bhéarla... (Ó Fiaich, B., 1990: 36–7)

Na Caogaidí

Tháinig fás ollmhór ar imeachtaí agus ar eagraíochtaí Gaelacha i mBéal Feirste agus na Sé Chontae trí chéile sna caogaidí, agus daingníodh an caidreamh idir cainteoirí Gaeilge na Sé Chontae agus Gaeltacht Thír Chonaill mar gheall ar an líon daoine ón gceantar sin a bhí á gcur fúthu i mBéal Feirste ag an am (Ó Fiaich, B., 1990: Caibidil 5). Bhí go leor cailíní aimsire ón nGaeltacht ag obair i mBéal Feirste sa tréimhse seo, agus bhídís lánpháirteach sna himeachtaí Gaelacha a bhí ar bun sa chathair. Bhí cuid mhór de na himeachtaí Gaelacha seo lonnaithe san Ardscoil. Bhí Conradh na Gaeilge ag feidhmiú sa chathair mar a luadh thuas, ach chomh maith leis sin, bhí An Réalt, An Caidreamh Gaelach, An Cumann Gaelach, An Chomhairle Drámaíochta, Cuallacht Mhuire, An Cumann Snámha, An Cumann Rothaíochta, An Cumann Siúlóide agus An Caidreamh Protastúnach gníomhach i mBéal Feirste. Bhí Gasra an Fháinne sa chathair freisin; bhí Cumann Fichille ansin; bhí Ciorcal Scríbhneoireachta acu – ‘Cleite’ (Tarlach Ó hUid a bhunaigh), agus bhíodh céilithe ar siúl beagnach chuile oíche den tseachtain.

‘Fál’ agus *Dearcadh*

Sa bhliain 1952, bunaíodh eagraíocht nua i mBéal Feirste – ‘Fál’ agus bhí réabhlóideachas nua le sonrú go láidir sa ghrúpa seo.

Bhí rún ag an ghrúpa úr an Náisiún Gaelach a chur in aithréim ar fud na tíre trí shaothrú an dúchais Ghaelaigh. Bhíothas le talamh slán a dhéanamh den Ghaeilge mar theanga amháin na gluaiseachta i ngach gné dá chuid oibre. (Ó Fiaich, B., 1990: 52)

Ar na daoine ba thábhachtaí a bhí chun cinn in ‘Fál’ bhí Séamus Mac Diarmada, Cathal Mac Carráin, Tomás Mag Bhrain, Liam Mac Canna, Micí Ó Braonáin, Pádraig Mac Giolla Ruaidh, Seán Mac Eochaidh, Liam Ó Dochartaigh, Beartlaoi Ó Foghlú. Bhunaigh ‘Fál’ tréimhseachán dá gcuid féin, agus tháinig an chéad uimhir de ar an saol i mí Eanáir, 1954.

Dearcadh an t-ainm a bhí ar an iris seo, agus scaipeadh fealsúnacht na heagraíochta sna heagráin éagsúla de *Dearcadh* a bhí le fáil ar feadh bliana le linn 1954. Míniúnn Gabrielle Maguire (1990: 30):

[Fál] drew attention to the dependence of Irish speakers on English-medium institutions. Members of Fál believed that this situation greatly impeded the progress of revival efforts. In the August 1954 edition of their monthly paper 'Dearcadh,' the group deplored the lack of a national press. Current Irish periodicals and magazines could not fill the vacuum. Major daily newspapers of the time were criticised [sic] for their lip service to the language in the form of the one or two articles in Irish which they printed. Other editions of 'Dearcadh' give an insight into the close affinity which Belfast Irish speakers felt with traditional Gaeltacht and their concern about the decline of Irish in those areas...

Sa tríú heagrán de *Dearcadh*, dúradh nach ‘...cuid de ‘*The Irish Nation*’ muintir na Gaeltachta. Is iad an Náisiún Gaelach.’ Cháin baill ‘Fál’ coincheap an dátheangachais ag rá nach gciallaíonn dátheangachas ‘...in Éirinn rud ar bith eile ach an Béarla a bheith in uachtar agus an Ghaeilge a bheith in áit na leithphingne’ (Ó Fiaich, B., 1990: 80).

Scéim Bhóthar Seoighe

Deir Breandán Ó Fiaich (1990: 89) gurbh iad:

...scéim Bhóthar Seoighe agus Scoil Ghaelach Bhéal Feirste toradh na hoibre go dtí seo ar na hathruithe a thosaigh i bhfealsúnacht Ghaeil Bhéal Feirste in aimsir ‘Fál’ agus ‘Dearcadh.’ Ba dhána an mhaise do dhuine a mhaíomh gur ‘Fál’ a ba chúis leis na hathruithe ach gur scáthán é ar an rud a bhí ag titim amach agus gur cuid de shlabhra é a thosaigh le bunú Chomhaltas Uladh agus a mhair fríd aimsir Ghlúin na Bua go dtí ré ‘Fál’ agus Gaelú Chumann Chluain Ard go dtí an lá atá inniu ann.

Thuig na daoine a raibh baint acu leis an dá thogra seo go mbeadh sé fíordheacair saol a chaitheamh i nGaeilge i mBéal Feirste mar go raibh siad ag plé le státchóras Gallda agus le hinstitiúidí Béarla. Chomh maith leis sin, cé go raibh an Ghaeilge láidir i mBéal Feirste ag an am, bhí cainteoirí Gaeilge na cathrach scaipthe thart timpeall na cathrach. Bhí cuid mhór de na daoine i gCumann Chluain Ard agus in ‘Fál’ in aois a bpósta, agus bhí sí mar aidhm acu an Ghaeilge a bheith mar theanga theallaigh acu. Theastaigh uathu pobal láidir Gaeilge a bheith thart timpeall orthu, pobal a chabhródh leo an Ghaeilge a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlún eile. Deir Gabrielle Maguire (1990: 18) go raibh sé ‘...*unlikely that a stable harmonious society would have engendered the drive to implement the Shaw’s Road project*’. Ag tús na seascaidí, shocraigh aon lánúin déag go gcruthóidís ‘Gaeltacht’ bheag i gcathair Bhéal Feirste. Ní raibh Gaeilge ó dhúchas ag aon duine acu. Fuair siad iasacht airgid ó Chomhaltas

Uladh agus cheannaigh siad suíomh ar Bhóthar Seoighe le tithe a thógáil ansin dóibh féin. Ba í an bhunaidhm a bhí ag bunaitheoirí Phobal Bhóthar Seoighe an Ghaeilge a chur i réim mar theanga theallaigh eatarthu féin agus í a chur ar aghaidh don chéad ghlúin eile. Bhog an chéad teaghlach isteach sna tithe ar Bhóthar Seoighe ag deireadh na seascaidí. Sa bhliain 1971 bhunaigh Pobal Bhóthar Seoighe bunscoil Ghaeilge dá gcuid páistí.

Na hOchtóidí

D'fhás an Ghaeilge go tapa i mBéal Feirste tar éis bhunú Phobal Bhóthar Seoighe. Rinneadh iarracht meánscoil Ghaeilge a bhunú sa chathair sna seachtóidí ach theip ar an iarracht sin ag an am. Tugadh faoi arís in 1991, áfach, agus d'éirigh leis an iarracht an uair sin. Sa bhliain 1984, bunaíodh siopa leabhar Gaeilge sa chathair, 'An Ceathrú Poilí,' agus ag tús na n-ochtóidí, bunaíodh *Preas an Phobail* (a d'eascair as *Gaedheal Bhéal Feirste*), as ar tháinig *Lá* sa bhliain 1984.

Nuachtán laethúil a bhí ann ag an tús (cúig lá sa tseachtain), ach rinneadh seachtanán de in 1993. Ba chomhartha é *Lá* de thiomantas chainteoirí Gaeilge an Tuaiscirt a léiríodh roimhe sin i mbunú Chomhaltas Uladh, i mbunú 'Fál' agus sna tuairimí a léiríodh in *Dearcadh*, agus i Scéim Bhóthar Seoighe. D'eascair *Lá* as na himeachtaí seo uilig.

Stair Lá

I gcéadeagrán *Lá* (13 Lúnasa, 1984), tá cur síos ar stair agus ar dheireadh *Inniu*. Bunaíodh *Inniu* breis is ceathracha bliain roimhe sin, agus aidhm fhadteármach ag lucht a bhunaithe nuachtán laethúil a dhéanamh de. Níor éirigh leo an aidhm sin a chur i gcrích, ach le bunú *Lá*, bhí an aidhm curtha i gcrích ag daoine eile. (Tá tagairt freisin do bhunú *Lá* ar eagrán 24 Lúnasa 1984 de *Inniu*, lch 7).

Gearóid Ó Cairealláin a bhí ina chéadeagarthóir ar *Lá*; fear ildánach, agus é báite go hiomlán i saol na Gaeilge agus i saol cultúrtha Bhéal Feirste. Bhí sé ina eagarthóir ar *Preas an Phobail* roimh bhunú *Lá*, agus bhí sé bainteach le *Gaedheal Bhéal Feirste* roimhe sin arís. Mheas an Caireallánach gur bhunriachtanas pobail é nuachtán dá gcuid féin a bheith aige, agus bhí *Lá* ag comhlíonadh an riachtanais sin. In eagarfhocal an chéad eagráin dúirt sé:

Chuireamar in iúl riamh go gcaithfidh nuachtán laethúil bheith ann (i measc rudaí eile) má tá le héirí leis an Ghaeilge mar bheotheanga phobail. Tá sé ar cheann de na slite is práinní agus éifeachtaí chun aontas pobail a chothú, a chaomhnú agus a leathnú...

Ag tús shaol *Lá*, ní raibh sa nuachtán ach dhá dhuilleog fhotachóipeáilte coinnithe le chéile le stápla. I lár mhí an Mhárta, 1991, áfach, tháinig feabhas ar chlódhearadh an nuachtáin nuair a rinne an nuachtán conradh le Clódóirí Rónáin i Lurgain, Co. Ard Mhacha.

Bhí *Lá* lonnaithe san Ardscoil go dtí mí Aibreán 1985 nuair a chuaigh an scoil trí thine. Thug foireann an nuachtáin faoi mhórfheachtas chun airgead a bhailiú, agus chuaigh ceathrar acu ar thuras urraithe rothaíochta timpeall na hÉireann. Dúirt Gearóid Ó Cairealláin ag an am: ‘Seo é an t-aon nuachtán laethúil Gaeilge riamh. Tá sé ró-thábhachtach ar son athbheochan na Gaeilge go n-imeodh sé anois’ (*Lá*, 29 Aibreán, 1985). Bhí oifig *Lá* lonnaithe sa tSeannmhuileann i Sráid Mhic Chonmhidhe i ndiaidh na tine san Ardscoil, agus sa bhliain 1989, bhog an nuachtán go dtí Cultúrlann Mc Adam-Ó Fiaich ar Bhóthar na bhFál.

Bhain cuid mhór den nuacht ar *Lá* leis na Sé Chontae féin, agus ba léir ón tús an claonadh náisiúnach ar na píosaí seo. Bhíodh bunús na n-alt dea-scríofa agus eolasach, cé nach raibh éagsúlacht mhór ar fáil in ábhar na bpíosaí go minic. Sna blianta luatha seo bhíodh cuid mhór alt nuachta le Gearóid Ó Cairealláin féin ar an bpáipéar, ach ba é Eoghan Ó Néill – a bhunaigh an páipéar in éineacht leis an gCaireallánach agus a bhí ina eagarthóir air ina dhiaidh sin – a scríobh formhór na n-alt ar chúrsaí polaitíochta agus ar chúrsaí reatha. Feirsteach ab ea an Niallach chomh maith, a bhfuil a shaol caite aige ag plé leis an iriseoireacht Ghaeilge – idir chlóite agus chraolta – agus cáil air dá réir.

Ar na colúnaithe rialta a bhí ag scríorbh ar *Lá* sna luathbhlianta bhí Art de Creag, Risteárd Ó Glaisne (‘Ag mo Chrinlín’), Pádraig Mac Giolla Ruaidh, Marcas Ó Murchú (‘Ceol is Cuideachta’), Proinsias Mac an Bheatha (‘Na Meáin’) agus Colm Ó Torna. I lár 1985, cuireadh tús leis an gcolún ‘Machnamh’ leis an Athair Annraoi Mac Giolla Chomhail, Caitliceach agus an Canónach Coslett Ó Cuinn, Protastúnach – teachtaireacht ann féin ag tréimhse chorraitheach i stair na Sé Chontae, ceithre bliana tar éis Stailceanna Ocras na Ceise Fada. (Dúirt an t-aontachdóir Chris McGimpsey [*The Irish Reporter*, Samhradh, 1993] faoin gCanónach Quinn: ‘*It hardly needs to be pointed out that there is no theological reason why a Protestant should not or could not master Irish... Quinn, for example, informed me that the first Irish phrase he ever learned was ‘To Hell with the Pope’.*’) Daoine eile a scríobh go rialta sa nuachtán sna blianta luatha seo ab ea Seán Mac Aindreasa, Brian Ó Maoileoin agus Seán Ó Cearnaigh. Bhí baint ag go leor de na scríbhneoirí seo le Scéim Bhóthar Seoighe agus le heagraíochtaí eile Gaeilge sa chathair. Léiríonn na ceangail seo a thábhachtaí is a bhí an fhís a bhí ag *Lá* pobal na Gaeilge a chothú agus freastal a dhéanamh ar an bpobal sin.

Cé gur cúrsaí nuachta agus bolscaireacht náisiúnach a bhí chun cinn san fhoilseachán sna blianta seo, bhíodh an litríocht le feiceáil ann uaireanta freisin – foilsíodh sraith d’fhorlionsa litríochta ar *Lá* le linn shamhradh 1990, mar shampla, agus nuair a rinneadh seachtanán den pháipéar bhí áit ní ba lárnaí fós ag saothar cruthaitheach. Ar na scríbhneoirí a bhí ag plé leis seo bhí Diarmuid Ó Gráinne, Brian Ó Maoileoin agus Gabriel Rosenstock.

Lá ina Sheachtanán

Is i mí Feabhra, 1993 a rinneadh seachtanán de *Lá*. Mhínigh Gearóid Ó Cairealláin an chúis a bhí leis sin ar an nuachtán féin (11 Feabhra, 1993):

... táimid ag éirí as an fhoilsiú laethúil le díriú ar an mhargaíocht. Is gá dúinn i bhfad níos mó cóipeanna dár nuachtán a dhíol. Nuair a bunaíodh *Lá* sa bhliain 1984, ba é ár bpríomhchuspóir ná páipéar nuachta a fhoilsiú gach lá le bheith mar chrann taca cumarsáide idir Gaeil Éireann.

D'aithníomarna – mar a d'aithin a lán eile romhainn – gur ghá infrastruchtúr sóisialta a thógáil chun pobal na Gaeilge a neartú i mBéal Feirste agus ar fud na tíre...

Thar aon ní eile bhriseamar an gheis a bhaineadh le foilsiú nuachtáin Ghaeilge ar bhonn laethúil. Chruthaíomar gur féidir é a dhéanamh, gur fiú é a dhéanamh agus go bhfuil pobal ann dó.

D'fheabhsaigh caighdeán an nuachtáin go mór agus é á fhoilsiú go seachtainiúil. Bhí téagar ag baint leis an bhfoilseachán seachtainiúil nach raibh le sonrú roimhe sin. Cé gurbh amhlaidh a bhí, bhí roinnt daoine den tuairim gur chéim chun deiridh a bhí in athrú an nuachtáin. Léirítear an míshásamh seo i gcuid mhaith de na litreacha a foilsíodh ar *Lá* ag an am; bhain prionsabal le foilsiú *Lá* go laethúil, agus ní gach duine a bhí sásta nach rabhthas ag cloí leis an bprionsabal sin.

Agus *Lá* á fhoilsiú go seachtainiúil, bhí áit ní ba lárnaí ag na healaíona sa pháipéar, bhíodh ailt rialta le Seán Ó Cearnaigh, ('Macalla Gaeltachta'), Art de Creag, agus Deasún Breathnach ('Ruaille') ar an nuachtán, cuireadh tús leis an gcolún 'Lia Fáil' leis an Dochtúir Ruairí Ó Bléine, alt inar pléadh cúrsaí tinnis agus leighis, agus rinne Dónall Mac an Ultaigh, Irial Mac Murchú, Dáithí Mac Con Uladh agus Diarmaid Ó Gráinne freastal ar an lucht spéise spóirt.

Sa bhliain 1997, thosaigh an t-iarpholaiteoir Máirtín Ó Muilleoir ag obair mar bhainisteoir eagarthóireachta agus mar fhoilsitheoir ar an *Andersontown News* agus ar pháipéir eile a bhí á bhfoilsiú i mBéal Feirste ag an am, agus in Aibreán 1999 cheannaigh an grúpa foilsitheoirí seo *Lá*. Bhí siad dóchasach go bhféadfaí bonn ní ba láidre a chur faoin bpáipéar, cé gur admhaigh Máirtín Ó Muilleoir gur chaill an nuachtán £33,500 idir Aibreán 1999 agus Meán Fómhair 2000 (Ó Domhnaill, 2001). Sa bhliain 2001, dúirt Ó Muilleoir go raibh sé:

... ag súil go mbeidh cúig mhíle duine sásta an páipéar a léamh gach lá. Beidh sé spleodrach, beidh sé beomhar, beidh sé greannmhar, beidh nuacht ann nach mbeidh le fáil áit ar bith eile. Brisfidh sé scéalta. Fiú má chaitheann muid fir nochta a chur ann, déanfaidh muid sin! (Ó Domhnaill, 2001)

Bhí an nuachtán ag streachailt le cúrsaí maoinithe sa tréimhse seo, ach faoi Aibreán 2003, bhí *Lá* á fhoilsiú go laethúil arís. Dúirt Pól Ó Muirí an méid thíos san *Irish Times* ag an am sin (30 Aibreán, 2003):

Is é dóchas *Lá* go bhfuil bearna sa mhargadh do nuachtán laethúil. B'fhéidir go raibh sin fíor 20 nó fiú 10 mbliana ó shin. Ní dócha gur fíor níos mó é. Tá seirbhís laethúla nuachta ar fáil ar raidió agus ar theilifís agus is fusa iad a aimsiú ná nuachtán.

...An bhfuil an t-am ann do nuachtán laethúil nó an bhfuil a lá thart cheana féin? Bhí mórán daoine le cluinintín á rá roimh an seoladh gur mhol siad a misneach ach... D'fhreagródh *Lá* gan amhras nár chaill fear an mhisnigh an cluiche riamh...

Tháinig Ciarán Ó Pronntaigh i gcomharba ar Eoghan Mac Néill mar eagarthóir ar an nuachtán, agus sa bhliain 2006, d'éirigh le *Lá* i gcomórtas Fhoras na Gaeilge chun nuachtán nó foilseachán nuachta laethúil a fhoilsiú. Bhí Concubhar Ó Liatháin ina eagarthóir ar an bpáipéar idir 2005 agus 2008 agus méadaíodh *Lá* go nuachtán sé leathanach déag le linn na tréimhse sin.

In Eanáir 2007 athraíodh ainm *Lá* go *Lá Nua*, agus i mí an Mhárta 2008 ceapadh Dónall Mac Giolla Chóill ina eagarthóir ar an bhfoilseachán. Rinne *Lá Nua* iarracht socrú a dhéanamh le Foras na Gaeilge leagan leictreonach amháin a dhéanamh den nuachtán, agus scríobh Máirtín Ó Muilleoir cur síos ag an am ar na pleananna a bhí acu dul ar líne (Ó Muilleoir, 2008). Scríobh John Walsh faoi seo ag an am sin freisin (Walsh, 2008):

Ar shlí, bhí an ceart ar fad ag muintir *Lá Nua* a rá gur ar an Idirlíon a bheidh todhchaí na meán clóite ag brath. Deirtear nach fada go mbeimid go léir ag íoslódáil ár nuachtáin laethúil nó á léamh ar an Idirlíon amháin. Níor tháinig an lá sin fós, áfach, agus b'ait liom go bhféadfadh *Lá Nua* a mhaíomh cúpla seachtain ó shin gur dul chun cinn a bheadh ann éirí as an bhfoilsíúchán páipéir go laethúil agus leagan idirlín amháin a tháirgeadh. Ní féidir 'dul chun cinn' a thabhairt air sin, agus an oiread sin léitheoirí fós ag léamh nuachtán ar an mbealach traidisiúnta.

Níor ghlac Bord Fhoras na Gaeilge leis an moladh *Lá Nua* a chur ar fáil go leictreonach mar go mbrisfí na coinníollacha a bhain leis an gconradh maoinithe idir an Foras agus *Lá Nua* dá ndéanfaí amhlaidh. Foilsíodh an t-eagrán deireanach de *Lá / Lá Nua* ar an 19 Nollaig, 2008.

Is mór idir 2008 agus 2021, ar ndóigh, agus tá léirithe ag www.tuairisc.ie, agus ag foilseacháin nuachta i dteangacha éagsúla ar fud an domhain gur féidir soláthar nuachta a dhéanamh ar líne, agus d'fhéadfaí a rá anois go raibh lucht *Lá Nua* fadbhreathnaitheach ag an am, ach nach raibh sé sin chomh soiléir sin trí bliana déag ó shin.

Focal scoir

Ráiteas Mháirtín Uí Chadhain ‘Is í an Ghaeilge athghabháil na hÉireann agus is í athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge’ an mana a bhí ag *Lá*. Nuachtán náisiúnach a bhí ann. Ní raibh an meon a léirigh *Lá* chomh cúng lenar léiríodh ar *Inniu* agus bhí misneach agus beocht in *Lá* nach raibh le sonrú ar a iomaitheoir comhaimsire, *Anois*. Mhaígh Risteárd Ó Glaisne (1992), go raibh ‘...iorónachas ag baint le *Lá* nach raibh le feiceáil in *Inniu*, cé go bhfuil Ultachas le sonrú sa dá nuachtán...’ Cé go raibh meon náisiúnach ag *Lá*, bhí an foilseachán thar a bheith cúigeach, Tuaisceartach; mar a dúirt John Walsh (2008): ‘Ní dóigh liom gur féidir le nuachtán a thugann “nuachtán náisiúnta” air féin an oiread sin béime a chur ar scéalta Tuaisceartacha i gcónaí. Bhain beocht agus bríomhaireacht leis an nuachtán i gcónaí, áfach, agus ag croí na hoibre bhí an fheidhm a bhí ag Gearóid Ó Cairealláin, ag Eoghan Ó Néill agus a gcuid leathbhádóirí, pobal Gaeilge a chruthú – a chothú agus a bhuanú – lárnach.

Dúirt an Caireallánach san alt ‘Stairseanchas *Lá*’ (1993a: 7) nárbh ‘...fhéidir a shéanadh ach go raibh spiorad beo ag baint leis, spiorad fíor na hathbheochana a spreag gach foilsitheoir Gaeilge ó de hÍde go dtí Ó hUid, go dtí Ó Snodaigh...’ Rud réabhlóideach a bhí ann nuachtán laethúil Gaeilge a thabhairt ar an saol sa bhliain 1984, agus is cinnte gur chuir *Lá* leis an mborradh teanga a bhí i mBéal Feirste ag an am agus a chruinnigh neart ó shin. Deir Breandán Delap (2007: 30):

Cé gur éacht mór ab ea bunú *Lá*, ba mhionsamhail é d’éachtaí den chineál céanna i réimsí eile den saol poiblí a bhí á dtionscnamh ag pobaltheanga (*sic*) beag dílis Iarthar Bhéal Feirste. Ní thig forbairt an nuachtáin a scarúint ó na trioblóidí a bhí ag réabadh an cheantair ó dheireadh na 1960í i leith. Chuir a ndílseacht don chultúr Gaelach le féinmhuinín an phobail náisiúnaigh sa cheantar agus bhunaigh baicle bheag teaghlach Gaeltacht Bhóthar Seoighe ar imeall na cathrach. As sin a d’eascair an spreagadh agus do bhunscoil agus do mheánscoil lánGhaelach sa cheantar mar aon le Cultúrlann Mhac Adaim Ó Fiaich ar Bhóthar na bhFál. Tá fás as cuimse tagtha ar an phobal Gaelach sa chathair ó shin i leith.

Ba mar chuid den réabhlóid chultúrtha úd a cuireadh *Lá* i gcló den chéad uair ar 13 Lúnasa 1984...

Tá an spiorad athbheochana a luann Ó Cairealláin thuas fós le sonrú i measc lucht labhartha na Gaeilge sna Sé Chontae, agus cuid de sin a bhuíochas do thiomantas bhunaitheoirí agus scríobhneoirí *Lá*. Tugadh guth do phobal náisiúnach, Gaelach, Feirsteach sa nuachtán *Lá*, agus chothaigh sé an pobal sin le linn bhlianta na dTrioblóidí agus ina dhiaidh sin. Ní beag an oidhreacht é sin.

Leabharliosta

Leabhair

- Cummings, P., (eag.) (2004) *Ár nuachtán laethúil: fiche bliain de Lá*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Delap, B., (2007) *Ar an Taifead: Fís, Fuaim, Focal*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Douglas, R.M., (2009) *Architects of the Insurrection: Ailtirí na hAiséiríge and fascist 'new order' in Ireland*. Manchain: Manchester University Press.
- Mac Carráin, L., (1982) *Is Cuimhin Liom an t-am...* Baile Átha Cliath: Coiscéim & Cumann Chluain Ard.
- Mac Giolla Chomhail, A., (1983) *Lorcán Ó Muireadhaigh; Sagart agus Scoláire*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.
- Mac Póilín, A. & Andrews, L.S., (1993) *BBC agus an Ghaeilge/and the Irish Language*. Iontaobhas Ultach.
- Maguire, G., (1991) *Our Own Language: An Irish Initiative*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
- Ó Ceallaigh, E., (1982) *An Dá Thaobh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.
- Ó Muineacháin, A., (1975) *Dóchas agus Duainéis*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Stephens, M., (1978) *Linguistic Minorities in Western Europe*. Llandysul: Gomer Press.

Ailt

- Andrews, L.S., (1988) 'An Ghaeilge sa Tuaisceart: An Ré Dhorcha 1921-36.' *Comhar*, Mí na Nollag. 37-9.

- Beo.ie, (2003) 'Lá laethúil: ardú meanman do phobal na Gaeilge.' *Beo.ie*, Mí na Bealtaine. Le fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-la-laethuil-ardu-meanman-do-phobal-na-gaeilge.aspx>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Bhreathnach, B., (2008) 'Deireadh an Lae Sroichte ag *Lá Nua* ach Cúiseanna Bróid Acu – Ó Muilleoir.' *Foinse*, 26 Deireadh Fómhair.
- Breen, S., (1993) 'At the Community's Centre.' (Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich) *The Irish Times*, 13 Aibreán.
- 'Guairé', (1984) 'Inniu, Lá agus Anois.' *An tUltach*, Mí Dheireadh Fómhair. 25.
- Mac Mathúna, L., (1991) 'Gaeltacht Nua i mBéal Feirste?' (Léirmheas ar *Our Own Language – an Irish Initiative*.) *Comhar*, Mí Dheireadh Fómhair. 15–8.
- Maguire, G., 'Language revival in an Urban Neo-Ghaeltacht.' *Third International Conference on Minority Languages: Celtic Papers*. 72–88.
- McGimpsey, C., (1993) 'Loyal to the Language.' *The Irish Reporter*. Uimhir 11 (Third Quarter) 21–3.
- Mc Quaid, C., (1993) 'Revival of Irish in North ag Fás Fós.' *The Irish Times*. 29 Eanáir.
- Ní Uigín, D., (1995a) 'Amárach: Nuachtán faoi bhreith an bháis ón tús.' *Comhar*, Mí an Mhárta & Mí na Bealtaine. 18–21, 15–8.
- Ní Uigín, D., (1995b) 'Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe agus Bunú Inniu.' *Irisleabhar Mhá Nuad*. 75–110.
- Ní Uigín, D., (2017) 'Risteárd Ó Glaisne: Ceanródaí Iriseoireachta.' *An Reiviú*. 77–88. Le fáil ag: <https://doi.org/10.13025/rjdf-2811>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Ní Uigín, D., (2020) 'Céad-Táblóideach na Gaeilge: Anois.' *An Reiviú*. 109–22. Le fáil ag: <https://doi.org/10.13025/ekms-rq26>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Nig Uidhir, G., (1985) 'Ardscoil Bhéal Feirste agus Gaeilge Chúige Uladh.' *An tUltach*, Lúnasa. 16–7.

- Ó Cairealláin, G., (1993a) 'Stairsheanachas *Lá*.' *Lá*, Feabhra. 7.
- Ó Cairealláin, G., (1993b) 'Fás na Gaeilge ó Thuaidh.' *The Irish Reporter*. Uimhir 11. 23–5.
- Ó Domhnaill, É., (2001) Agallamh le Máirtín Ó Muilleoir. *Beo.ie*, Mí Iúil. Le fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-mairtin-o-muilleoir.aspx>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Ó Fiaich, T., (1977) 'Lorcán Ó Muireadhaigh: Sagart agus Scoláire.' Aiste in *Amhráin Chúige Uladh*. Muireadhach Méith. Atheagrán le Colm Ó Baoill. Baile Átha Cliath: Gilbert Dalton. 10–27.
- Ó Labhra, S., (1992) 'Na Coláistí Gaeilge.' Éigse Uladh. Na Doirí Beaga: Clóghraf Teo. 3–9.
- Ó Máirtín, M., (1989) 'An Ghaeilge agus na Meáin ó Thuaidh.' *An tUltach*, Mí Eanáir. 6–11.
- Ó Máirtín, M., (1992) 'Na Coláistí Gaeilge.' Éigse Uladh. Na Doirí Beaga: Clóghraf Teo. 12–7.
- Ó Muilleoir, M., (1991) 'Cuirimis Críoch le Leadrán!!!' *Comhar*, Mí Aibreáin. 24.
- Ó Muilleoir, M., (2003) '*Lá*.' *Beo.ie*, Mí Mheán Fómhair. Le fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-la.aspx>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Ó Muilleoir, M., (2008) 'Plean forbartha socraithe do *Lá Nua*.' *Beo.ie*, Mí an Mhárta. Le fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-plean-forbartha-socraithe-do-la-nua.aspx>. (Léite: 15 Feabhra 2021).
- Ó Muirí, P., (2003) 'Nuachtán laethúil ar fáil ar fud na hÉireann.' *The Irish Times*. 30 Aibreán.
- Ó Murchú, M., (1984) 'Nuachtáin.' *An tUltach*, Mí na Nollag. 7–10.
- Ó Murchú, M., (1985) 'Laoch ar Lár.' *An tUltach*, Mí Iúil. 4–7.
- Ó Murchú, M., (1985) 'Aiséirí na Feise.' *An tUltach*, Mí Mheán Fómhair. 13–6.

- Ó Néill, E., (2011) 'Eoghan Ó Néill – Agallamh leis an Iriseoir Faoina Leabhar Nua.' *An tUltach*, Mí Mheán Fómhair. Le fáil ag: <https://antultach.wordpress.com/2011/09/30/eoghan-o-neill-agallamh-leis-an-iriseoir-faoina-leabhar-nua/>. (Léite: 10 Márta 2021)
- Ó Súilleabháin, D., (1981) 'Na Coláistí Gaeilge agus Athbheochan na Gaeilge.' *An tUltach*, Mí Mheán Fómhair. 16-20, & Deireadh Fómhair. 3-11.
- Ó hUid, T., (1984) 'Nuachtán Náisiúnta na nGael.' *Comhar*, Mí Mheán Fómhair. 6-7.
- Stockman, G., (1985) 'An Comhchaidreamh i mBéal Feirste.' *An Comhchaidreamh, Crann a Chraobhaigh*. 34-7.
- Van Doren, C., (1993) 'Cad chuige a gcaitear airgead ar *Anois* agus cad é atá ag tarlú i gCraobh na hÉigse?' *Lá*, 2 Meán Fómhair.
- Walsh, J., (2008) 'Lá Nua: margadh, láidreachta agus laigi.' *Beo.ie*, Mí an Mhárta. Le fáil ag: <http://www.beo.ie/alt-la-nua-margadh-laidreachta-agus-laigi.aspx>. (Léite: 2 Feabhra 2021).
- Watson, J., (1993) 'Rebuilding Gaelic Pride and Community in Belfast, Northern Ireland.' *The Clansman*, Mí na Nollag/Mí Eanáir. 6 & 20.
- White, B., (1993) 'Speaking up for Irish.' *The Belfast Telegraph*, 2 Feabhra. 10.
- White, B., (1993) 'War of words.' *The Belfast Telegraph*. 3 Feabhra. 10.

Tráchtas Neamhfoilsithe

- Ó Fiaich, B., (1990) 'Fál' agus 'Dearcadh' – Fealsúnacht Úr ag Gaeilgeoirí Bhéal Feirste sna *Caogaidí*. Tráchtas MA, Dámh na Daonnachta, Ollscoil Uladh, Cúl Raithin.

Agallamh

- Ó Glaisne, R., (1992) Mí na Nollag.



Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais

T.J. Ó Ceallaigh & Christine Ní Chathasaigh

<https://doi.org/10.13025/ej0y-nm03>

Coimriú: Tá trí shainréimse eolais i gceist lefeasacht teanga múinteoirí sa tumoideachas – úsáid teanga; eolas faoin teanga; agus saineolas oideolaíoch i dtéarmaí na sprioctheanga sa chomhthéacs ábharbhunaithe. Bíonn na réimsí sin ag idirghníomhú lena chéile agus téann siad i bhfeidhm ar a chéile ar bhealaí ar leith, rud a mhúnlaíonn agus a chumasaíonn acmhainn an mhúinteora tumoideachais ina dhiaidh sin chun spriocanna teanga agus gníomhaíochtaí a chruthú ina ndírítear ar riachtanais forbartha na bhfoghlaimoírí tumoideachais agus, ag an am céanna, ina dtugtar aghaidh ar spriocanna teagaisc an ábhair féin. Dhealródh sé, mar sin, gur cheart go mbeadhfeasacht teanga sa tumtheanga mar bhonn agus thaca ag cleachtais teagaisc an mhúinteora sa tumoideachas. Ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí, áfach. Sa pháipéar seo, tugtar spleáchadh ar an litríocht a bhaineann lefeasacht teanga an mhúinteora tumoideachais. Déantar iniúchadh ar dtús sa léirbhreithniú ar thábhacht nafeasachta teanga mar ghné lárnach de chleachtas an mhúinteora. Tugtar achoimre ansin ar na dúshláin le béim ar leith ar na riachtanais forbartha gairmiúla a bhíonn ag múinteoirí ábhair san iar-bhunscoil Lán-Ghaeilge/Ghaeltachta. Ag deireadh an pháipéir, déanfar plé ar na himpleachtaí atá ann don fhorbairt ghairmiúil agus don taighde amach anseo.

Réamhrá

Is iomaí cineál clár oideachais dhátheangaigh atá ann, mar bíonn gach clár faoi thionchar an chomhthéacs shochtheangeolaíoch agus chultúrtha ina mbíonn sé ag feidhmiú. Bíonn teangacha éagsúla, spriocanna éagsúla agus foghlaimoírí éagsúla ag cláir (Christian & Genesee, 2001). Fealsúnacht leathan den dátheangachas a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag clár dátheangach ar bith. Fealsúnacht shuimitheach nó dhealaitheach a bheidh inti,

bunaithe ar an luach a bhaineann le teanga eile a chur le stór teangacha an dalta nó, ina áit sin, ar an luach a bhaineann le teanga amháin a chailleadh nó teanga eile a chur ina háit (Baker & Wright, 2017). Meastar gur cineál láidir oideachais dháttheangaigh atá sa tumoideachas (Tedick & Lyster, 2020). Bíonn mar aidhm le cláir thumoideachais cur ar chumas daltaí an dátheangachas feidhmiúil agus an délitearthacht fheidhmiúil a bhaint amach sna teangacha lena mbaineann faoin am a chríochnóidh siad san iar-bhunscoil. Maidir le taighde ina léirítear tairbhí an tumoideachais, is iondúil a bhíonn an taighde sin bunaithe ar thorthaí a bhaineann le cláir atá á gcur i bhfeidhm go héifeachtach. Dá airde é cáilíocht an chur i bhfeidhm, is ea is fearr na torthaí don tumoideachas dar le taighdeoirí (Genesee *et al.*, 2006; Thomas & Collier, 2017). Is eol dúinn le fada an lá gurb iad na múinteoirí an acmhainn is tábhachtaí ar leibhéal scoile a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Faoi mar a thagann méadú ar éilimh chognaíocha an ábhair acadúil, tagann méadú ar na héilimh ó thaobh teanga de chomh maith. Mura mbíonn inniúlacht mhaith teanga ag daltaí sa tumtheanga, ní bheidh ar a gcumas an réimse ábhair a rochtain nó dul i ngleic leis agus iad ag dul ar aghaidh ó rang go rang. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go bhfostófar múinteoirí ar chláir thumoideachais atá an-inniúil i dteanga nó i dteangacha an teagaisc agus atá cáilithe chun na réimsí ábhair a theagasc (Howard *et al.*, 2018; Swain & Johnson, 1997). Faoi mhúinteoirí tumoideachais atá sé leibhéil arda inniúlachta i dteanga nó i dteangacha an teagaisc a chothú le go mbeidh ar a gcumas an tionchur agus an taiseolas is gá a thabhairt chun inniúlacht na ndaltaí sa tumtheanga a fhorbairt.

Ar dtús sa pháipéar seo, déantar cur síos ar phróisis chuardaigh an léirmheasa. Ina dhiaidh sin, tugtar sainmhíniú ar an tumoideachas i gcomhthéacs na hÉireann agus féachtar ar a thábhachtaí atá feasacht teanga múinteoirí mar chomhpháirt ríthábhachtach sa phróiseas teagaisc. Cuirtear sintéis den taighde ar fheasacht teanga múinteoirí i láthair ansin, agus féachtar ar dhúshlán áirithe a bhaineann leis an bhfeasacht teanga i gcomhthéacs an tumoideachais in Éirinn. Tá plé ag deireadh an léirbhreithnithe ina leagtar béim ar na buncheistanna atá ann i gcónaí i dtéarmaí fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí tumoideachais agus tugtar achoimre ar threoracha don taighde amach anseo.

Modheolaíocht: Foinsí agus próisis chuardaigh

Baineadh leas as dhá chur chuige mar chuid den phróiseas cuardaigh sa léirmheas seo: cuardaigh bhunachar sonraí agus cuardaigh de láimh. Roghnaíodh EBSCO, Summon, Academia, ERIC agus Innéacs Taighde COGG mar phríomhfhoinsí chuardaigh chun ábhar an léirbhreithnithe a cheistiú. Baineadh leas as téarmaí cuardaigh ar leith chun an próiseas a bheachtú (m.sh., *teacher language awareness, immersion practice, immersion teacher knowledge base, teacher language competence*). Aithníodh critéir iniaimh mar aon le critéir eisaimh chun sainiú a dhéanamh ar na staidéir a ndéanfaí sintéis orthu. Mar shampla, ar mhaithe le staidéar a chur san áireamh sa tsintéis, ní mór dó a bheith bainteach le múinteoirí

tumoideachais. Níor cuireadh staidéir san áireamh a bhain le cláir oideachais teanga tromlaigh. Méadaíodh torthaí an chuardaigh seo le cuardaigh de lámh. Cuardaíodh tráchtas, liostaí tagartha, tuarascálacha taighde, measúnachtaí agus páipéir neamhfhoilsithe eile a bhaineann le cleachtas an mhúinteora ábhair san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta (m.sh., Ní Chathasaigh, 2020; Ní Thuairisg, 2017; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Beachtaíodh an cuardach chun solas úr a chaitheamh ar théama an léirmheasa – feasacht teanga an mhúinteora ábhair sa tumoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ag deireadh an phróisis, aimsíodh na príomhstaidéir taighde don staidéar sintéise seo de thoradh ar chuardach na mbunachar sonraí ainmnithe, méadaithe ag cuardaigh de lámh.

An tumoideachas in Éirinn

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an toideachas lán-Ghaeilge ina ndéantar an tábhar a theagasc do dhaltáí trí mheán mionteanga atá á foghlaim acu ar scoil. Tá roinnt scoileanna lán-Ghaeilge lonnaithe i bpobail Ghaeltachta. Is é athbheochan/athnuachan na teanga dúchais (i. an Ghaeilge) tríd an gcóras oideachais is aidhm don tsamhail seo oideachais lán-Ghaeilge. I staitisticí 2020/2021, léirítear go bhfuil dalta amháin as gach 50 dalta ag freastal ar scoil Ghaeltachta. Is ionann sin agus 1.9% de dhaltáí ar an iomlán ag leibhéal na bunscoile agus 1.76% de dhaltáí ar an iomlán ag leibhéal na meánscoile (Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna, cumarsáid phearsanta, 07 Feabhra 2021). Bíodh is go mbíodh oideachas lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht á chur ar dhaltáí a raibh Gaeilge acu ó dhúchas, tá sé léirithe go soiléir go bhfuil ann do bhagairtí soiléire ar inbhuanaitheacht na Gaeilge mar theanga phobail sna Gaeltachtaí (Péterváry, 2014). Sa lá atá inniu ann, freastalaíonn an toideachas lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht ar raon riachtanas sochtheangeolaíoch i gcomhthéacsanna scoile sochchultúrtha éagsúla. Tá dúshlán mhóra thromchúiseacha don chóras oideachais sa Ghaeltacht ag baint leis an éagsúlacht agus leis an gcastacht theangeolaíoch seo, mar aon leis an úsáid níos mó atá á baint as an mBéarla i bpobail Ghaeltachta. In *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, aithnítear raon spriocanna a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama trí Ghaeilge san oideachais lán-Ghaeilge, agus tá inniúlacht múinteoirí sa teanga theagaisc ar cheann de na spriocanna sin. Is do dhaltáí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga (T₁) acu a chuirtear oideachas lán-Ghaeilge nó tumoideachas ar fáil go hiondúil lasmuigh den Ghaeltacht. I staitisticí 2020/2021, léirítear go bhfuil dalta amháin as gach 20 dalta ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Is ionann sin agus 5.17% de dhaltáí ar an iomlán ag leibhéal na bunscoile agus 2.9% de dhaltáí ar an iomlán ag leibhéal na meánscoile (Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna, cumarsáid phearsanta, 7 Feabhra 2021). Cé go ndéantar forbairt ar an acmhainneacht teanga trí phróisis an teagaisc sa tsamhail oideachais seo, bíonn sé fiordheacair i gcónaí deiseanna a chruthú chun an teanga a úsáid lasmuigh de thimpeallacht na scoile. Dúshlán a bhíonn roimh gach scoil lán-Ghaeilge is ea mórtheanga (Béarla) atá an-láidir lasmuigh den scoil.

Mar sin, tá duine amháin as gach 16 daltaí i bPoblacht na hÉireann ag gabháil don oideachas lán-Ghaeilge (oideachas Gaeltachta san áireamh) sa lá atá inniu ann – 7% de dhaltaí ar an iomlán ag leibhéal na bunscoile agus 4.66% de dhaltaí ar an iomlán ag leibhéal na meánscoile (Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna, cumarsáid phearsanta, 7 Feabhra 2021). In ainneoin an éilimh mhéadaithe ar na cláir sin agus an ratha réasúnta a bhíonn orthu, bíonn sé casta go fóill na cláir sin a chur i bhfeidhm ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon, agus uaireanta ní éiríonn leis na cláir sin chomh maith is a bhímid ag súil leis (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021; Ó Duibhir, 2018). Bíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí i gcomhthéacsanna uile an tumoideachais tearcforbartha i réimsí amhail cruinneas agus castacht gramadaí, saineúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch (Ó Duibhir, 2009, 2018; Walsh, 2007), agus tá fianaise ann freisin nach bhfuil noirm an chainteora dúchais ná sealbhú iomlán ná saibhriú na teanga á mbaint amach ag cainteoirí dúchais óga (Péterváry, 2014). Déanta na fírinne, tá leibhéal níos airde cruinnis agus inniúlachta á mbaint amach ag cainteoirí dúchais sa Bhéarla ná mar atá sa Ghaeilge sa bhunscoil Ghaeltachta, rud is cúis leis an dátheangachas dealaitheach (Péterváry, 2014). I measc na ndúshlán ar fad atá le sárú ag an oideachas lán-Ghaeilge, léirítear sa taighde gurb é an fhadhb is mó atá ann cláir atá cothrom go maith a chruthú inar féidir díriú ag an am céanna ar theagasc an ábhair agus ar theagasc na teanga/litearthachta (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Bíonn leibhéal ard feasachta teanga de dhíth ar an múinteoir sa teanga theagaisc chun tabhairt faoin dúshlán sin.

Iniúchadh ar thábhacht na feasachta teanga mar ghné lárnach de chleachtas an mhúinteora

Is iomaí gné a théann i gcion ar theagasc na múinteoirí (mar shampla, taithí saoil, féiniúlacht, idé-eolaíocht, eolas agus cognaíocht an mhúinteora) (Borg, 2012; Burgess, 2016). Téann cognaíocht múinteoirí teanga (.i. a measann múinteoirí teanga, a bhfuil ar eolas acu agus a gcreideann iad) go mór i bhfeidhm ar a gcleachtas teagaisc. Tá dlúthbhaint ag feasacht teanga múinteoirí le cognaíocht múinteoirí teanga (Otwindowska, 2017), agus téann an fheasacht teanga i bhfeidhm go mór freisin ar chleachtais oideolaíocha múinteoirí teanga. Tagraíonn an fheasacht teanga d'eolas follasach faoin teanga agus do bhraistint agus do thuiscint chomhfhiosach ar an bhfoghlaim teanga (Andrews, 2007; Arnott & Vignola, 2020), ar an teagasc teanga (Andrews, 2007; Andrews & Lin, 2017; Temple Adger *et al.*, 2018) agus ar an úsáid teanga (Andrews, 2007; Andrews & Svalberg, 2017). Moladh go láidir í mar ghné bhunriachtanach in oideachas múinteoirí (James & Garrett, 1992; Ó Ceallaigh, 2020; Tsui, 2003). Cuimsítear leis trí réimse fhorluiteacha d'eolas agus de phrionsabail chreidimh múinteoirí teanga: eolas nó prionsabail chreidimh maidir leis an bhfáth agus leis an gcaoi ar cheart an teanga a úsáid (lena náirítear gnéithe amhail dearchtaí agus prionsabail chreidimh i leith na teanga, eolas ar a núsáid teanga féin agus ar úsáid teanga a bhfoghlaimoírí);

eolas ar chórais bhunúsacha na teanga (lena náirítear feasacht mheititheangeolaíoch, eolas ar leaganacha teanga, agus tuiscint ar na héilimh theangeolaíocha agus ar na gnéithe teangeolaíocha i gceachtanna nó i dtéacsanna ar leith); agus eolas oideolaíoch ar theagasc na teanga (Andrews, 2007; Andrews & Lin, 2017; Andrews & Svalberg, 2017). Cuireann na trí réimse sin ar a gcumas do mhúinteoirí a bheith ina núsáideoirí teanga, ina nanailísithe teanga, agus ina múinteoirí teanga (Wright, 2002; Lindahl & Baecher, 2016). Bíonn foghlaim rathúil ábhair ag brath go mór ar an teanga i réimse an tumoideachais. D'fhéadfaí a mhaíomh go gcuireann an fheasacht teanga ar a gcumas do mhúinteoirí ábhair tacú go héifeachtach le foghlaim an ábhair i measc daltaí i gcomhthéacs chomhtháthú na teanga agus an ábhair sa tumoideachas.

Spléachadh ar an litríocht a bhaineann le feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais

Áitíonn Hoare (2001) go mbíonn múinteoirí tumoideachais níos feasaí ar chúrsaí teanga mar thoradh ar a dtaithe iarbhir ar iarracht a dhéanamh cothromaíocht a aimsiú idir an tábhar agus an teanga sa teagasc. Léirítear i staidéir roimhe seo ar an tumoideachas, áfach, gurb é teagasc an ábhair an chloch is mó ar a bpaidrín ag múinteoirí tumoideachais (Ó Ceallaigh *et al.*, 2018; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Tá taighdeoirí den tuairim gur féidir na dúshláin a bhaineann le forbairt na teanga i measc daltaí tumoideachais a leagan go páirteach ar easpa feasachta teanga .i. aird neamhimleor a bheith á tabhairt ar theagasc na scileanna teanga agus litearthachta, mar aon le heolas neamhimleor ar conas díriú go héifeachtach ar na gnéithe sin ar fad ar leibhéal an churaclaim nó ar leibhéal an teagaisc ag an am céanna (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2018; Lyster, 2007). Déanfar léirbhreithniú anois ar an litríocht ar fheasacht teanga múinteoirí, agus déanfar tagairt ar leith don chomhthéacs tumoideachais i gcás na Gaeilge.

Eolas nó prionsabail chreidimh maidir leis an bhfáth agus leis an gcaoi ar cheart an teanga a úsáid

Cé go measann múinteoirí tumoideachais go mbíonn an teanga á teagasc acu i gcónaí, ní éiríonn leo go comhsheasmhach ná go córasach an chothromaíocht a aimsiú idir an teanga agus an tábhar sa teagasc (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Tuairiscíonn siad freisin easpa muiníne ina gcumas teanga féin, go háirithe a máistreacht ar an stór focal a bhaineann go sonrath leis an disciplín (Ní Dhiorbháin *et al.*, 2020; Ní Chathasaigh, 2020; Nic Réamoinn 2017; Ó Ceallaigh *et al.*, 2020; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh 2013, 2019; Ó Ceallaigh *et al.*, 2020; Ó Treasaigh 2019). Mar sin féin, tá sé tábachtach a shonrú gur tacar cuimsitheach dinimiciúil sainscileanna atá san inniúlacht ar an teanga acadúil, agus cuimsítear leis an inniúlacht sin níos mó ná an bhrí atá le focail aonair. Bíonn eolas ar an stór focal i gceist leis an inniúlacht ar an teanga acadúil, mar aon le struchtúir eile den teanga ar saintréithe de théacsanna agus de dhioscúrsaí acadúla iad. Cé go bhféachann múinteoirí

tumoideachais ar úsáid T₁ mar a bheith ag teacht salach ar bhunphrionsabal an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, tugann siad le fios nach bhfuil siad cinnte conas T₁ a *bhainistiú* go tuisceanach cuí sa teagasc agus san foghlaim sa tumoideachas (Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2019; Ní Chlochasaigh, Shiel & Ó Duibhir, 2020). Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn éagsúlacht ann idir an méid a chreideann múinteoirí gur cheart dóibh a dhéanamh agus an méid a bhíonn ar siúl acu i dtéarmaí úsáid T₁ (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2019). Go minic, féachann múinteoirí tumoideachais ar úsáid T₁ mar an taon rogha atá ann leis an mbrí a chur in iúl agus le cur ar a gcumas do dhaltáí ábhar acadúil casta a rochtain (Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Cuireann múinteoirí tumoideachais in iúl freisin gur gá aird chórasach a thabhairt ar fhorbairt na tumtheanga le teicnící aiseolais cheartaithigh. Ní bhíonn siad cinnte, áfach, *cén uair* agus *conas* ba cheart aiseolas ceartaithreach a thabhairt i gcomhthéacs theagasc an ábhair sa tumoideachas (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021; Ní Chathasaigh, 2020 & Ó Ceallaigh, 2013).

Eolas ar chórais bhunúsacha na teanga

Tuairiscíodh go raibh bearnaí móra in eolas faisnéiseach¹ múinteoirí tumoideachais maidir leis an tumtheanga agus ina ninniúlacht sa tumtheanga (Ní Chathasaigh, 2020; Nic Réamoinn, 2017; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh 2013, 2019; Ó Ceallaigh *et al.*, 2020; Ó Treasaigh 2019). Sonraíonn go leor taighdeoirí go léirítear i dtáthí múinteoirí tumoideachais easnaimh shonracha theanga, easpa muiníne ó thaobh teanga de, agus laigí maidir lena neolas faoin teanga² (Ní Chathasaigh, 2020, Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh *et al.* 2019; Ó Ceallaigh *et al.* 2020). Cuireann na heasnaimh theanga sin bac ar mhúinteoirí tumoideachais freisin béim ar an teanga (.i. an teagasc foirm-dhírthe) a chomhtháthú ar bhealaí córasacha i gcomhthéacs ar fud an churaclaim tumoideachais (Ní Dhiorbháin *et al.*, 2020; Ó Ceallaigh, 2013, 2020 & Ó Ceallaigh *et al.*, 2019).

Eolas oideolaíoch ar theagasc na teanga sa tumoideachas

Is mó tuiscint atá ann anois gur gá díriú ar fhoirmeacha teanga na sprioctheanga agus gur gá an bhéim sin a chuimsiú sa churaclam freisin chun an sprioctheanga a fhoghlaim go héifeachtach sa tumoideachas (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ó Duibhir, 2018). Rud dúshlánach do mhúinteoirí tumoideachais is ea aird na ndaltaí tumoideachais a tharraingt ar an fhoirmeacha teanga i gcomhthéacs an teagaisc ábhair chun an fhoghlaim teanga a mhéadú an oiread agus is féidir agus, ag an am céanna, leibhéil arda gnóthachtála acadúla a choinneáil (Ó Ceallaigh, 2013, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2018 & Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Bíonn múinteoirí tumoideachais

1 Faisnéis agus eolas maidir le míreanna agus fochórais teanga, amhail sainmhínithe ar fhocail agus rialacha.

2 Máistreacht an mhúinteora ar chórais agus ar struchtúir den teanga, mar aon lena n-eolas ar shainscileanna, léacsacan, gramadach, séimeantaic, pragmataic, ortagrafaíocht, fóineolaíocht, sochtheangeolaíocht, anailís dioscúrsa, teanga na bainistíochta ranga, agus teanga a bhaineann go sonrach le disciplín ar leith.

ag streachailt freisin chun tascanna éifeachtacha a dheardh atá bunaithe ar ábhar agus atá saindirithe ar an teanga chun *cur le* haschur teangeolaíoch na ndaltaí (an taschur a éascú), rud a mheallann feasacht mheititheangeolaíoch na bhfoghlaimoírí (Ó Ceallaigh, 2013, Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Ní thugtar tacaíocht leordhóthanach do mhúinteoirí faoi oiliúint ná do mhúinteoirí inseirbhíse atá ag teagasc ar chláir thumoideachais, ná ní chuirtear oiliúint leordhóthanach orthu, chun díriú ar ghnéithe den sprioctheanga agus ábhar á theagasc acu. Tá éileamh níos mó ann anois go gcuirfí forbairt ghairmiúil atá cuí, córasach agus leanúnach ar fáil chun an sprioc sin a bhaint amach (Ní Dhiorbháin, 2017; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019; Ó Duibhir, 2018).

Achoimre ar na dúshláin le béim ar leith ar na riachtanais forbartha gairmiúla a bhíonn ag múinteoirí ábhair san iarbhunscoil Lán-Ghaeilge/Ghaeltachta

Tá de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí ábhair san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta an t-ábhar acadúil a sholáthar ar bhealach sothuigte do dhaltaí atá ag foghlaim trí mheán mionteanga nó trí mheán an dara teanga (T₂). Dhealródh sé, mar sin, gur cheart go mbeadh ard-inniúlacht sa tumtheanga mar bhonn agus thaca ag cleachtais teagaisc an mhúinteora sa tumoideachas. Ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí, áfach. Deimhnítear le taighde, áfach, go mbíonn forbairt ghairmiúil nach beag ag teastáil ó mhúinteoirí ábhair chun ábhar acadúil a mhúineadh trí Ghaeilge. Tugtar achoimre thíos i dtábla 1 ar dhúshláin an ghoirt.

**Tábla 1: An fheasacht teanga agus múinteoirí ábhair:
Riachtanais forbartha gairmiúla**

| Riachtanais forbartha gairmiúla | Taighde ábhartha |
|--|--|
| <p>Easpa muiníne Léiríonn múinteoirí an ghoirt an fheasacht ar an bhfreagracht atá orthu a bheith ina samhlacha teanga dá ndaltaí ach léiríonn siad easpa muiníne ina gcumais teanga féin. Bíonn drogall ar mhúinteoirí ábhair gan aon cháilíocht tríú leibhéal acu sa Ghaeilge a gcaighdeán féin a nochtadh leis na daltaí ar eagla go gcruthódh sé fadhbanna ó thaobh na bainistíochta ranga de.</p> | <p>Ní Chathasaigh, 2020; Nic Réamoinn, 2017; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013, 2019; Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2020; Ó Grádaigh 2015; Ó Treasaigh 2019</p> |
| <p>Easpa inniúlachta Léirítear buairt go rímhinic maidir le caighdeán teanga múinteoirí. Ní heol do mhúinteoirí tumoideachais conas cothromaíocht a aimsiú idir an teanga agus an tábhar i bhforbairt curaclaim agus sa mheasúnú. Bíonn deacrachtaí acu a shainnithint cé na foirmeacha teanga is ceart a theagasc agus a mheasúnú i gcomhthéacs theagasc an ábhair. Bíonn deacrachtaí ag múinteoirí ábhair freisin coincheapa atá níos casta ó thaobh na cognaíochta de lena mbaineann éilimh theanga áirithe a theagasc trí Ghaeilge.</p> | <p>Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2019</p> |
| <p>Easpa eolais Bíonn easpa eolais agus tuisceana ag múinteoirí tumoideachais ar an taighde ar shealbhú an dara teanga agus ar na himpleachtaí oideolaíocha a bhaineann leis, agus bíonn easpa tuisceana acu freisin ar an idirspheáchas idir an teanga agus an tábhar. Braitheann siad an iomarca ar an ionchur, agus go minic ní mheallann siad go leor foirmeacha teanga ó na daltaí.</p> | <p>Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2019</p> |
| <p>Easpa treorach Léirítear míréir áirithe idir na prionsabail chreidimh shonraithe atá ag múinteoirí agus a gcleachtais iarbhír. Mar shampla, úsáideann múinteoirí an mhórtéanga le daltaí chun na dúshláin a bhaineann le próiseáil ábhair casta i nGaeilge a sheachaint nuair nach dtagann siad leis an gcleachtas sin i bprionsabal.</p> | <p>Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2019</p> |
| <p>Easpa tacaíochta Bíonn éilimh oibre ag dul sa mhuilleann ar mhúinteoirí tumoideachais, agus ní bhíonn go leor am pleanála ná tacaíochta acu chun a bhfeasacht teanga a fhorbairt.</p> | <p>Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2020</p> |

Plé ar na himpleachtaí atá ann don fhorbairt ghairmiúil agus don taighde amach anseo

Tugtar le tuiscint sa léirbhreithniú seo ar an taighde gur rud thar a bheith casta é nádúr na feasachta teanga múinteoirí sa tumoideachas, go bhfuil sé tábhachtach staidéar a dhéanamh air, agus nach bhfuil tuiscint iomlán againn air go fóill. Sealbhaíonn múinteoirí feasacht teanga, agus tuigeann siad í agus cuireann siad chun feidhme í sa tumoideachas ar bhealach áirithe, agus tá nasc doshéanta idir é sin agus cleachtas an teagaisc chomhtháite ábhair agus teanga. Is cosúil gur próiseas comhuaineach comhtháite atá i gceist le tuiscintí doimhne a fhorbairt ar fheasacht teanga múinteoirí agus taithí a fháil ar a bhfuil i gceist léi sa ghnáthchleachtas laethúil i scoileanna tumoideachais. I staidéir áirithe (e.g. Ní Chathasaigh, 2020; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ní Dhiorbháin *et al.*, 2020; Ó Ceallaigh, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019), cuirtear béim ar bhuntáistí na forbartha gairmiúla a bhaineann leis an bhfeasacht teanga do mhúinteoirí tumoideachais agus léirítear iontu a thábhachtaí atá an comhoibriú i bhfoghlaím na múinteoirí agus na deiseanna lena bhfuil foghlamtha acu a chur i bhfeidhm. De nádúr meiteachognaíoch atá feasacht teanga múinteoirí, agus cuimsítear léi gné chognaíoch bhreise ina ndéantar machnamh ar idir eolas faisnéiseach agus eolas gnásúil ar an nGaeilge. Rud ríthábhachtach é go mbeadh deiseanna ag múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta gabháil d'iniúchadh ar a bhfeasacht teanga féin ar bhealach leanúnach, domhain, córasach agus machnamhach. Ar deireadh, ba cheart go gcuimseofaí san fhorbairt ghairmiúil deiseanna don chomhoibriú, plé gairmiúil agus anailís. Bíonn deiseanna ag teastáil ó mhúinteoirí tumoideachais chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a máistreacht féin ar an tumtheanga (ar fud na ninniúlachtaí teanga sa Ghaeilge – glacadh, idirghníomhaíocht, agus ginchumas) a thaifeadadh, agus anailís agus machnamh a dhéanamh uirthi, mar aon le tionchar na máistreachta sin ar an gcleachtas oideolaíoch agus ar fhoghlaím na ndaltaí;
- cur leis an eolas faoin teanga .i. máistreacht an mhúinteora ar chórais agus ar struchtúir den teanga, mar aon lena n-eolas ar shainscileanna, léacsacan, gramadach, séimeantaic, pragmataic, ortagrafaíocht, fóineolaíocht, sochtheangeolaíocht, anailís dioscúrsa, teanga na bainistíochta ranga, agus teanga a bhaineann go sonrach le disciplín ar leith;
- tuiscint a shealbhú ar an bpróiseas trína ndéanann daltaí san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta teangacha a shealbhú, tuiscint a shealbhú ar conas straitéisí teagaisc a dhearadh ina ndéantar dul chun cinn ar an bhforbairt teanga, agus acmhainneacht a shealbhú chun comhthéacs bríoch ábhartha a chruthú ina ndéantar an fhoghlaím teanga agus an fhorbairt teanga a chur chun cinn i dteagasc ábharbhunaithe an tumoideachais.

Déanfar féidearthachtaí na feasachta teanga múinteoirí i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a iniúchadh agus a nochtadh níos minice i ndeiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí den sórt sin lena gcuirfear ar a gcumas do mhúinteoirí tumoideachais a bheith níos feasaí agus níos eolaí ar an teanga.

Tá easpa mhór taighde ann ar réimse na feasachta teanga múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Is gá iniúchadh breise a dhéanamh chun an beartas oideachais a mhúnlú. Is gá machnamh eolach a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a bhfuil ceangal acu lena chéile le dul chun cinn a dhéanamh ar cheist na feasachta teanga sa tumoideachas:

- Cén teolas ar fheasacht teanga múinteoirí is ceart a bheith ag múinteoirí tumoideachais?
- Cén chaoi is fearr a sealbhaíonn múinteoirí tumoideachais an teolas sin?
- Cén tionchar atá ag an bhfeasacht teanga ar an gcleachtas oideolaíoch?
- Cén tionchar atá ag an bhfeasacht teanga ar thorthaí na ndaltaí tumoideachais?

Leabharliosta

Leabhair

Andrews, S., (2007) *Teacher language awareness*. Londain: Cambridge University Press.

Baker, C. & Wright, W.E., (2017) *Foundations of bilingual education and bilingualism* (6ú heagrán). Briostó, an Ríocht Aontaithe: Multilingual Matters.

Genesee, F., Lindholm-Leary, K.J., Saunders, W. & Christian, D., (2006) *Educating English language learners*. Cambridge, NY: Cambridge University Press.

James, C., & Garrett, P., (2013) *Language awareness in the classroom*. Nua-Eabhrac, NY: Routledge. <https://doi.org/10.4324/9781315845524>.

Lyster, R., (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach*. Philadelphia: John Benjamins Publishing Company.

Ní Chlochasaigh, K., Shiel, G. & Ó Duibhir, P., (2020) *Iniúchadh ar an tumoideachas do dhaltaí i gceantair mhíbhuntáiste*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A., (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M., (2021) (eag.) *An tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais. An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas: Imeachtaí comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M., (2019) *Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Le fáil ag: www.cogg.ie.
- Ó Duibhir, P., (2018) *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Amstardam: Multilingual Matters.
- Ó Grádaigh, S., (2015) *Soláthar múinteoirí ábhar do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge & Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., (2014) *Analysis of bilingual competence: Language acquisition among young people in the Gaeltacht*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna (2021) Cumarsáid phearsanta, 7 Feabhra.
- Tedick, D.J. & Lyster, R., (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. Nua-Eabhrac: Routledge.
- Temple Adger, C., Snow, C.E. & Christian, D., (2018) *What teachers need to know about language*. Briostó, an Ríocht Aontaithe: Multilingual Matters.
- Thomas, W.P. & Collier, V.P., (2017) *Why dual language schooling*. Albuquerque: Dual Language Education in New Mexico & Fuentre Press.
- Walsh, C., (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ailt

- Andrews, S.J. & Lin, A.M.Y., (2017) 'Language awareness and teacher development', Garrett, P. & Cots, J.M. (eag.) *The Routledge handbook of language awareness*. Londain: Routledge, 57–74.
- Andrews, S.J. & Svalberg, A.M., (2017) 'Teacher language awareness', Cenoz, J., Gorter, D. & May, S. (eag.) *Language awareness and multilingualism*. Dordrecht: Springer, 219–31.
- Arnott, S. & Vignola, M.J., (2020) 'The Common European Framework of Reference (CEFR) in French immersion teacher education', Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (eag.) *Teacher development for immersion and content-based instruction*. Amstardam: Benjamins, 171–96.
- Borg, S., (2012) 'Current approaches to language teacher cognition research: A methodological analysis', in Barnard, R. & Burns, A. (eag.) *Researching language teacher cognition and practice: International case studies*. Amstardam: Multilingual Matters, 11–29.
- Burgess, C., (2016) 'Conceptualising a pedagogical cultural identity through the narrative construction of early career Aboriginal teachers' professional identities'. *Teaching and Teacher Education*, 58, 109–18. <https://doi.org/10.1016/j.tate.2016.04.007>
- Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J., (eag.) (2018) 'Teacher education and professional development in immersion and content-based language education contexts: Current research on programs, practices, and teacher educators'. *Special Issue, Journal of Immersion and Content-based Language Education*, 6(2), 153–345.
- Cammarata, L. & Tedick, D.J., (2012) 'Balancing content and language in instruction: The experiences of immersion teachers'. *Modern Language Journal*, 96, 251–69.
- Christian, D. & Genesee, F., (2001) 'Bilingual education: Contexts and programs', Christian, D. & Genesee, F. (eag.) *Bilingual education*. Alexandria, VA: Teachers of English to Speakers of Other Languages, Inc., 1–7.
- Hoare, P., (2001) 'A comparison of the effectiveness of a 'language aware' and 'non language aware' late immersion teacher', S. Bjorklund (eag.) *Language as a tool: Immersion research and practices*. Vaasa, an Fhionlainn: Ollscoil Vaasa, 196–210.

- Howard, E.R., Lindholm-Leary, K.J., Rogers, D., Olague, N., Medina, J., Kennedy, R. & Christian, D., (2018) *Guiding principles for dual language education* (3ú heag.). Washington, DC: Center for Applied Linguistics.
- Lindahl, K., & Baecher, L., (2016) 'Teacher language awareness in supervisory feedback cycles.' *ELT Journal*, 70(1), 28–38. <https://doi.org/10.1093/elt/ccvo47>.
- Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P., (2021) 'Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag aiseolas ceartaitheach ar chruinneas Gaeilge daltaí tumoideachais,' Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) *An tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais. An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas: Imeachtaí comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P., (2017) 'An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools.' *Language Awareness*, 26(1), 3–24.
- Ní Dhiorbháin, A., Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P., (2020) 'Dearcthaí múinteoirí lánghaeilge ar a n-inniúlacht sa ghramadach agus ar chur chuige nuálach do theagasc na gramadaí.' *Taighde agus Teagasc* 7, 80–98.
- Ó Ceallaigh, T.J., (2020) 'Feasacht teanga múinteoirí a nochtadh tríd an Staidéar Ceachta.' *Taighde agus Teagasc* 7, 171–86.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Brolcháin, C., (2020) 'Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin.' *Taighde agus Teagasc* 7, 155–70.
- Ó Ceallaigh, T.J., Dennehy, N., Ní Chonaill, M. & O'Connor, A., (2020) 'Tús maith? Iniúchadh ar dhearcthaí múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí ag tosú amach sa ghairm maidir leis an teagasc in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, agus ar a dtáithí ar an teagasc sin.' *Féilte 2020*, Teaching Council Festival of Education in Learning and Teaching Excellence, 3 Deireadh Fómhair (seimineár gréasáin).
- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A., (2018) 'Developing potentiality: pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, DOI:10.1080/13670050.2018.1489779.
- Otwinowska, A., (2017) 'English teachers' language awareness: Away with the monolingual bias?' *Language Awareness*, 26(4), 304–24. <https://doi.org/10.1080/09658416.2017.1409752>.

- Swain, M. & Johnson, R.K., (1997) 'Immersion education: A category within bilingual education', Johnson, R.K. & Swain, M. (eag.) *Immersion education: International perspectives*. Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Cambridge University Press, 1–16.
- Tsui, A.B., (2011) 'Teacher education and teacher development', Hinkel, E. (eag.) *Handbook of research in second language teaching and learning*. Nua-Eabhrac: Routledge, 21–39.
- Wright, T., (2002) 'Doing language awareness: Issues for language study in language teacher education', Trappes-Lomax, H. & Ferguson, G. (eag.) *Language in language teacher education*. Amstardam: John Benjamin, 113–30.

Tráchtais Neamhfhoilsithe

- Nic Réamoinn, E., (2017) *Forbairt teanga an mhúinteora sa Ghaelcholáiste*. Tráchtas Máistreachta neamhfhoilsithe san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Ní Chathasaigh, C., (2020) *Ról agus freagracht an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste maidir le cruinnúsáid na Gaeilge i measc scoláirí a chothú: Creidiúintí, dúshlán agus cleachtais*, Tráchtas Máistreachta neamhfhoilsithe san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Ní Thuairisg, L., (2014) *Léargas ar thaithe mhúinteoirí Iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. Tráchtas do chéim PhD san Oideachas; neamhfhoilsithe, Coláiste Phádraig, Droim Conrach.
- Ó Ceallaigh, T.J., (2013). *Teagasc foirm-dhírithé i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Imscrúdú criticiúil ar dhearcthaí agus ar chleachtais mhúinteoirí*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Corcaigh: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Ó Duibhir, P., (2009) *The spoken Irish of sixth class pupils in Irish immersion schools*. Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Ó Treasaigh, D., (2019) *Conas mar a théann an TFC i bhfeidhm ar inniúlacht an mhúinteora ag an dara leibhéal*. Tráchtas Máistreachta neamhfhoilsithe san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.



Báid Mhóna agus Báiníní: Píosa spéisiúil físe ó Chonamara ón mbliain 1932

Dónal Ó Droighneáin

<https://doi.org/10.13025/68wn-n255>

Gearrscannán deich nóiméad ar fhaid é *Ireland: The Melody Isle* a eisíodh sa mbliain 1934 agus atá le fáil ar an Idirlíon.¹ Tá sé mar chuid de shraith gearrscannán taistil a choimisiúnaigh an comhlacht léirithe cáiliúil Metro-Goldwyn-Mayer. Meiriceánach darbh ainm James A. FitzPatrick a stiúir – fear a bhain cáil amach as a chuid scannán taistil a rinneadh ar fud an domhain sna 1930dí, 1940dí agus 1950dí – agus ba mhinic le FitzPatrick feidhmiú mar scríbhneoir, léiritheoir agus reacaire ar na cláir seo chomh maith (IMBd). Léiriú sách maoithneach a thugtar ar Éirinn na linne sa scannán agus i gceanna eile mar é a rinne FitzPatrick; ceol meidhreach agus amhráin mhánla ghrámhara leithéidí *Mother Machree* agus *Where the Shannon River Flows* le cloisteáil sa gcúlra. Cé go dtugann an reacaire eolas faoi na radharcanna a thaispeántar, ní bhactar le cruacheisteanna a phlé; díritear ar an taobh dearfach i gcónaí (Meehan 1971). Is cosúil gur admhaigh FitzPatrick féin gur in aon turas a rinneadh sin mar go raibh imní air nach nglacfaí leis isteach i dtíortha áirithe dá ndéanfaí a mhalairt (IMBd). Dá bhrí sin ní scannán doimhin faisnéise é *Ireland: The Melody Isle*, ach scannán éadrom taistil, ach ina ainneoin sin tógadh radharcanna neamhghnácha ar údar mór spéise iad. Tugann siad léargas dúinn ar ghnéithe den saol mar a bhí i dtús na 1930dí nuair nach raibh mórán scannánaíochta dá leithéid ar siúl agus léiríonn siad coinníollacha agus bealaí maireachtála traidisiúnta a chuaigh i léig sna blianta a lean.

1 Féach ‘The Travel Film Archive’: <https://www.travelfilmarchive.com/home.php>. Tá leagan lánscaileáin curtha ar fáil acu ar *YouTube* chomh maith: https://www.youtube.com/watch?v=vbk6CgE_ZpY. Cé gur ‘1934’ atá luaite leis an scannán ansin tá 1932 luaite in áiteanna eile, mar shampla, i mbunachar scannán agus teilifíse Choláiste na Tríonóide: <https://www.tcd.ie/irishfilm/showfilm.php?fid=38843>.

San alt seo díreofar ar mhír ghearr de *Ireland: The Melody Isle*, a tógadh i nDoire an Fhéich, Casla, i gCo. na Gaillimhe agus a thaispeánann móin á tabhairt go céibh áitiúil agus á luchtú ar bháid seoil ar mhaithe len í a dhíol níos faide ó bhaile. De réir mar a thuigim is é seo an píosa físe is sine dá bhfuil ann a léiríonn an cheird seo a raibh an oiread tábhachta léi tráth, agus tógadh é nuair a bhí an obair fós lárnach i saol an phobail. Dá réir sin más gearr féin an píosa scannánaíochta seo, is luachmhar é dóibh siúd a chuireann spéis i stair mhuintir an cheantair agus i stair na ceirde. Fiosrófar san alt seo na radharcanna atá le feiceáil agus cuirfear leo le heolas ó fhoinsí an bhéaloidis agus na staire. Beidh sé mar aidhm aige seo léargas a thabhairt ar an gcaoi ar féidir eolas físiúil, eolas scríofa agus eolas ó bhéal a nascadh ar bhealach a chuireann lenár dtuiscint agus spéis agus muid ag fiosrú gnéithe den chultúr dúchais agus den stair áitiúil. Fiosróidh mé freisin an chaoi a dtugann an t-eolas seo deis dúinn machnamh a dhéanamh ar cheisteanna comhaimseartha, ceist na timpeallachta, mar shampla, agus teoiricí faoi ‘thábhacht áite’ atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas.

An Láthair

Céibh Aill na Graí a thugtar ar an gcéibh a léirítear sa scannán.² Ainmníodh í ó aill fhada íseal atá os comhair na céibhe ar an taobh eile den bhóthar – bóthar R336 an lae inniu. Tá an chéibh fós ann mar a léiríonn an pictiúr i ndeireadh an ailt seo. Tá sí suite i nDoire an Fhéich i gCasla, i gConamara³, gar go leor do cheanncheathrú Raidió na Gaeltachta agus tamall gearr roimh an gcasadh ó thuaidh i dtreo Leitir Mucú agus Camus. Ó tharla go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an tírdhreach – ar an mbóthar ach go háirithe – ón uair a rinneadh an scannán ba dheacair láthair na céibhe a aithint ar dtús, ach ba leid thábhachtach dom an charraig mhór shuntasach sa gcúlra atá le feiceáil fós sa lá atá inniu ann.⁴ Bhí an chéibh seo agus céibheanna beaga eile mar í an-tábhachtach do gheilleagar an limistéir mar gur thug siad deis do na báid móin agus feamainn agus earraí eile a luchtú sula ndíoltaí iad in áiteanna eile ar imeallbhord Chuan na Gaillimhe, agus thug siad deis freisin earraí a thabhairt i dtír.

Cé go mba mhór an chabhair céibh a bheith ar fáil, bhíodh slipeanna agus calaí nádúrtha á n-úsáid go forleathan freisin sna háiteanna nach raibh céibheanna tógtha. Bhí na céadta acu seo ar fud chósta Chonamara de réir cosúlachta (O’Sullivan & Downey, 2018: 46.) Dá bhrí sin ní eisceacht ar bith a bhí i gCéibh Aill na Graí agus go deimhin bhí, nó tá, céibheanna beaga eile i bhfoisceacht míle nó dhó di ar gach aon taobh.⁵ Sa gceann thuaidh de Chuan Chasla atá sí, ó thuaidh arís de Chalafort cáiliúil Ros an Mhíl, í ar bheagán uisce agus fada go leor ó

2 *Derrynea Quay* a thugtar de ghnáth uirthi i mBéarla.

3 Ag glacadh leis gur féidir ‘Conamara’ a thabhairt ar an gceantar sa lá atá inniu ann.

4 Tá sí seo le feiceáil ag 3 nóiméad 20 soicind sa leagan den scannán atá le fáil ar *YouTube*, sa gcúlra os cionn an fhíre atá ag iompar an chléibh: https://www.youtube.com/watch?v=vbk6CgE_ZpY.

5 Mar shampla, siar i dtreo na Ceathrún Rua tá Céibh an Chroisín i gCladhnach agus Céibh an tSrutháin sa Sruthán, agus i dtreo Ros an Mhíl céibheanna Chaladh na Muice agus seanchéibh Ros an Mhíl.

Chuan na Gaillimhe. Ach bhí sé de bhuntáiste aici go raibh sí gar do phortaigh an cheantair agus an-fheiliúnach dá réir sin do lucht bainte agus díolta na móna. Is cosúil go mbaintí leas as caladh nádúrtha ann sular tógadh an chéibh féin. Seo mar a dhéantar cur síos uirthi i gcomhthéacs Bhord na gCeantar Cúng (CDB), a thóg céibh nua ar an láthair sna 1890dí:

Derrynea Quay, for instance, situated at the very head of Cashla Bay, is a long distance from the open sea and the fishing grounds. There had been a landing place there from much earlier times and the small quay had been built in 1883. Because it was already a place well known for the export of turf, the new pier built by the CDB was most likely provided to facilitate that particular trade, rather than to assist the fisheries. (Wilkins, 2017: 261)

Is deacair dúinn a shamhlú inniu an scil agus an mioneolas ar nádúr áite a bhí ag bádóirí na seanaimsire, agus mar a léiríonn an sliocht seo b'áit dhúshlánach a bhí in Aill na Graí le bád a stiúradh, go háirithe sular tógadh aon chéibh san áit:

Interviewees told me of places where people today would be amazed that boatmen were able get any craft to such a position and to dock there, let alone a hooker or a leath-bháid. One such place is Inis Aillte, where turf was taken from by a leath-bháid 'The Swan', to be brought to Árainn. My interviewee expressed total amazement, saying that it was 'unbelievable, that they must have known every rock, every corner and every current in there'... Another such place is Aill na gCraí in Doire Né, where it must have proven extremely difficult to bring a boat into, because of the numerous rocks which are only exposed at low tides and the absence of any quayside infrastructure there at that time. (Ó Sabhain, 2019: 115)

An obair a fheictear sa scannán agus smaointe a spreagann sí

Sa scannán feictear carranna capaill agus asail ag iompar ualaí móna agus á bhfágáil ar bhruach na céibhe. Is léir go raibh an obair seo ar siúl ar feadh tamaill mhaith ar an lá, mar go bhfuil carnáin shuntasacha móna le feiceáil. De réir mar atá an mhóin á fágáil ann tá meitheal oibre á socrú, á líonadh i gcléibh agus á hiompar go dtí na báid. I radharc amháin feiceann muid cailín agus beirt bhuachaillí ag líonadh cléibh atá lena dtaobh, agus ag cabhrú le fear ceann a ardú ar a dhroim sula dtugann sé leis é go dtí an bád. Is léir mar sin go mbíodh óg agus fásta, fir agus mná páirteach san obair seo. Cé gur fir atá ag luchtú na mbád sa scannán – b'fhéidir go deimhin gurb iad na bádóirí féin iad – tá cuimhne sa mbéaloides ar mhná a bheith i mbun na hoibre:

Tá sé suimiúil sna blianta ina mbíodh an 'Lady' ag tarraingt mhóna sa gcéad seo caite gurbh iad na mná a dhéanadh an luchtadh. Bhídís ag faire na mbád ag teacht aníos an cuan agus

thosaídis ag iompar na móna i gcléibh go mbíodh na báid luchtaithe acu. Is minic go mbíodh orthu a dhul trasna ocht mbád in Aill na Graí. Thógadh na báid móin freisin as béal na habhann thuas ag Teach Mór Chasla. (Ó Héalaí & Ó Tuairisg, 2007: 39).

Cá bhfios nach bhfuil *An Lady*, an bád atá luaite sa mhír sin, le feiceáil sa scannán? De réir an tseanchais áitiúil ba i gCladhach a tógadh í, agus go leor bád nach í, níos lú ná míle bealaigh ó Aill na Graí. Tá céibh eile i gCladhach go deimhin, as ar tógadh go leor móna freisin.

Trí bhád seoil atá le feiceáil againn sa scannán. Is cosúil gur *báid mhóra* iad, cé go bhféadfadh sé go bhfuil *leathbhád* ina measc. Ba iad seo na báid ba mhó agus dá réir sin ab fheiliúnaí d'iompar na móna. Sa lá atá inniu ann rangáítear an bád mór mar bhád idir 35 agus 44 troigh ar fhaid agus an leathbhád idir 28 agus 35 troigh ar fhaid, tomhaiseanna a thagann leis an rangú traidisiúnta a dhéantaí orthu (Barry & Scott, 2008: 170). Cá raibh an mhóin atá sa scannán le cur? Go hÁrainn b'fhéidir, nó go hÓrán Mór nó Cinn Mhara nó Baile Uí Fhiacháin, nó go Cathair na Gaillimhe féin. Ní raibh móin le fáil in aice láimhe sna háiteanna sin, rud a d'fhág go raibh éileamh an-mhór uirthi ó tharla go raibh breoslaí eile gann. Thug sé seo deis do lucht díolta na móna, idir bhainteoirí agus bhádóirí, airgead a shaothrú. Is fada siar a théann trádáil na móna; tá tagairt ag Ruaidhrí Ó Flaithearta ón mbliain 1684 do mhóin a bheith á tabhairt go hÁrainn (1846: 67–8) agus luaitear i bhfoinsí éagsúla ón 19ú céad í chomh maith. I gcuntas ón mbliain 1837, mar shampla, déanann Samuel Lewis tagairt do na céadta bád a bheith páirteach san obair seo agus i ndíol na feamainne mar leasú:

The town of Galway and a large portion of the adjoining country are supplied with turf from the district that stretches along the headlands of Kilkerrin (Kilkeran) and Greatman's bays in this parish; and the inhabitants of the interior, through the medium of Lough Corrib, are hence supplied with sea-sand and sea-weed for manure. Several hundred boats are constantly employed in the conveyance of these articles, and during the intervals between the fishing seasons many of the fishing-boats are similarly occupied. (1837: 77)

Luaitear 'céad' nó 'céad go leith' bád a bheith le feiceáil i gcuntais bainteach le tús an 20ú haois chomh maith, cé gur dóigh go raibh cineálacha eile oibre ar nós trádáil earraí siopa ar siúl acu sin chomh maith (Ó Béarra & Wigger, 2012: 37; Feiritéar, 2014: 47). Is léir mar sin go mba obair ar scála mór a bhí ar siúl ag na báid mhóna, agus dá mba rud é go raibh sé d'am nó d'acmhainn ag lucht déanta *Ireland: The Melody Isle* bheadh ar a gcumas píosaí scannánaíochta a bheadh ar aon dul le míreanna Chéibh Aill na Graí a dhéanamh ar fud an chósta thiar. Cuireann an t-eolas seo agus radharcanna an scannáin i gcuimhne dúinn gur thug an mhóin, acmhainn nádúrtha de chuid a dtimpeallachta, deis do dhaoine iad féin a chothú agus go

raibh sí ina cuid lárnach de shaol an phobail. Bhaintí í go háitiúil, choinníodh na daoine a riar féin di mar bhreosla baile, agus dhíolaidís an chuid eile le lucht na mbád. Thugtaí ‘móin chalaídh’ ar mhóin a bhí le díol mar a léiríonn an giota seo as agallamh a rinneadh i 1964:

(Cainteoir A): Móin chalaídh, móin le cur go hÁrainn. Fear ar bith a mbeadh portaigh rathúil aige bhuel bheadh sé b’fhéidir a’ féachaint le haghaidh ceathair nó cúig nó sé de luchtá báid mhóra móna a bheith aige le cur go hÁrainn. Agus sin í is mó a bheadh i gceist aige i dtosach, caoi agus cuma a chuir uirthi, agus d’fhágadh sé an mhóin sin go deireadh aimsire.

(Cainteoir B): Agus a... an mhóin is fearr ag gabháil go hÁrainn?

(Cainteoir A): Bhuel an mhóin is fearr ag gabháil... chaitheadh sé an mhóin is fearr a chur go hÁrainn mar ní cheannódh an tÁrainneach aon drochmhóin uaidh; ní raibh aon mheas aige uirthi. Agus bhí an mhóin chomh fairsing an t-am sin agus nach dtógadh an tÁrainneach ach an mhóin ab fharr. (Caint Ros Muc; Caint 4, Roinn 4)

Tugtar tuairim faoin socrú airgid a dhéanadh na bádóirí le lucht bainte na móna sa mhír spéisiúil seo ó Raidió na Gaeltachta a tógadh ó Jimmy Cheoin as an gCeathrú Rua in 1973 agus é ag cuimhneamh siar ar a chuid bádóireachta. Léiríonn sé freisin an chaoi a raibh na bádóirí in ann a gcearta a éileamh ar na ceannaitheoirí:

Sibh féin a bhaineadh an mhóin?

Ó ní muid, ach daoine eile agus muid á tógáil uathu, an dtuigeann tú. An chéad uair ansin, dhá phunt an lucht a bhíodh muid a thabhairt dóibh. Luchtóidís isteach an bád dhúinn. Bhí go maith ansin; bhí muid píosá deas mar sin ar dhá phunt. Ach rinne muid *strike* ansin agus d’fhan na báid uilig anoir agus nuair a chuaigh muid soir arís – cuireadh fios orainn – fuair muid dhá phunt déag agus ba mhaith an t-airgead dhá phunt déag an uair sin. Bhuel, fuair lucht na móna cheithre phunt; agus bhíodar thar a bheith buíoch ach bhí muide ag déanamh go maith an uair sin. Ach bhí ‘chuile rud a bhaineann don bhád daor – láinnéir, seolta, blocanna agus gach rud. (Feiritéar, 2014: 47)

Beirt a bhíodh sa mbád go hiondúil, an t-úinéir agus a leathbhádóir, agus ó thaobh focaíochta de is cosúil gurb é an nós a bhí ann go bhfaigheadh úinéir an bháid luach trí lucht móna a dhíoltaí as a chéile agus a leathbhádóir an ceathrú lucht (Ó Tuairisg, 2001: 15). Luaitear, áfach, san alt sin gur tháinig athrú nóis le himeacht aimsire agus go bhfuair an leathbhádóir luach gach tríú lucht. Mar atá luaite san agallamh thuas bhí ábhar an bháid daor agus ba ar an úinéir a thitfeadh an costas. Cheannaítí rópaí, seolta, táclaí agus a leithéid

i gCathair na Gaillimhe, ach ba i gConamara féin a bhí na saortha cumasacha a chuireadh iad seo i bhfearas sna báid. Ó thaobh adhmaid de, cé gur ó cheantair eile ina raibh crainn flúirseach a d'fhaightí an t-adhmad leis na báid a dhéanamh go hiondúil (Mac Giollarnáth, 1941: 251), bhí na saortha oilte sciliúil ar ghearradh an adhmaid agus tógáil an bháid de réir múnlaí a bhí acu féin. Ach ba mhinic a bhaintí úsáid as adhmad raice a thagadh i dtír dá mbeadh sé feiliúnach (Mac Giollarnáth, 1941: 251; Ó Héalaí & Ó Tuairisg, 2007: 39–40), nó fiú amháin as adhmad portaigh:

Is minic a rinneadh bád de'n dair dhuibh as an talamh agus de'n ghiúsach a bhíodh sínte ins na portacha. Bhíodh an dair is an ghiúsach molta le haghaidh glúnadh an bháid. Ní raibh aon chaitheamh ina gcionn. Bhí an casadh ionntab agus bhíodar cruaidh. (Mac Giollarnáth, 1941: 266)

I gCathair na Gaillimhe freisin a cheannaítí an ceailleacó nó 'beaifítí' a d'úsáidítí le seolta a dhéanamh roimh theacht ábhar seoil an lae inniu. Ba chineál cadáis trom garbh a bhí anseo. Arís, áfach, feiceann muid idirghníomhú spéisíúil idir amhábh ar á cheannaítí ón taobh amuigh agus scileanna áitiúla leis an ábhar a chur in oiriúint don cheird; ghearradh lucht na mbád na seolta as an gcadás agus bhídís in ann iad a choinneáil deisithe agus bealaithe. D'úsáidítí im, déanta sa mbaile, measctha le tarra leis na seolta a bhealú agus a chaomhnú (Ó hIarnáin, 2008: 179). Dhéantaí seolta as líon roimh theacht an chadáis (ibid, 2008: 179). Mhair cuimhne ar an líon agus na táirgí a dhéantaí as i mbéaloideas na ndaoine. Bhíodh garraithe lín flúirseach tráth mar go mbíodh éadaí á ndéanamh as agus go leor ábhair eile bainteach le bádóireacht, na seolta san áireamh:

Bhíodh líon curtha ag 'chuile dhuine beagnach agus bhíodh na mná tóighthe bunáite na haimsire leis. Bhíodh na heangacha iasgaigh dhá ndéanamh as an líon agus na téadracha agus 'chuile shórt rópa dá raibh ag teastáil ó na hiasgairí, agus na seoltaí. Agus chómh maith le téadracha, rópaí agus seolta bhíodh éadach dóibh féin dá dhéanamh ag na daoine as an líon. Bhí figheadóirí an-fhairsing. Ní raibh mórán chor ar bith dá cheannacht ag na daoine ach 'chuile rud dhá dhéanamh acab. An chéad fhear a cheannuigh seol baffaity badh fear de mhuintir Ní é as Leitheadach.

Bhí seasamh na mbád agus na n-eangach ar an líon agus bhíodh na mná i gcómhnaidhe ag pléidhe leis. (Mac Giollarnáth, 1941: 268)

Tugann an tagairt sin 'd'éadach dóibh féin' muid go dtí gné shuntasach eile den scannán–na héadaí baile atá á gcaitheamh ag na fir, is é sin na treabhsair agus na 'báiníní' áitiúla ar chosúil le seaicéid iad, agus geansaithe cniotáilte olla fúthu sin is cosúil. Bhí an t-amhábh

– más olann nó líon – agus na scileanna déantúis éadaí ar fad le fáil sa gceantar, ó lomadh na gcaorach go sníomh agus deilbh, go fiodóireacht agus táilliúireacht. Seo mar a dhéantar cur síos ar chaighdeán na n-éadaí baile ó fhear a mhair i bhfoisceacht míle nó dhó d'Aill na Graí:

Níl túirne ná cárta le feiceál i dteach ar bith anois déarfainn ná aon chaint air. Tá siad caithte in áirde. Agus an flainín atá dhá díona anois 'sé an áit atá sé dhá dhíona sa muileann agus níl aon mhaith ánn. An flainín a chonnaic mise a bhíodh a'inn fhéin dhá mbeadh sé a' báisteach ón hocht ar maidin go dtí an sé tráthnóna ní ghabhfadh aon deóir thríd. Ach an flainín atá anois ánn aon mhúr amháin tá tú fliuch go craiceann. (CBÉ, Im 1683, 106. Bailithe 1963)

Mar a thugtar le fios ansin bhí sé de cháil ar an éadach traidisiúnta seo go raibh sé láidir agus go seasfadh sé tamall fada, rud a luaitear go minic i bhfoinsí an bhéaloidis (féach, mar shampla, Ó Buachalla, 1978.) Tá ceacht le foghlaim againn uaidh seo i saol an lae inniu, saol an mhearfhaisin, na dífheidhmeachta pleanáilte, agus na snáithíní saorga a thiteann as éadaí agus a dhéanann an oiread dochair don timpeallacht i gcomparáid le holann (IWTO). Ach más mian linn é seo a athrú ní mór a chur san áireamh ar dtús go bhfuil marthanacht / inbhuanaitheacht agus fórsaí an mhargaidh glan in aghaidh a chéile:

Environmentalists have focused attention on the ecosystem degradation associated with garment manufacturing and have attempted, with limited success, to sway the opinions of consumers to consume less and consume differently. Interventions have had only partial success, because fundamentally changing consumption patterns represents a threat to one of the logics that underpins capitalism: the need for the market to grow and economic activity to ever expand or face crisis. (Brooks et al., 2017: 491–2)

Tá an déantúsaíocht áitiúil le feiceáil chomh maith i ngné shuntasach eile den scannán; is é sin na carranna capaill atá le feiceáil. Ach oiread leis na saortha bád, bhí lucht ceirde sa gceantar a bhí in ann iad seo a thógáil, na rothaí cairr san áireamh (Chearra, J. & Ó Cearra P., 2010: 286). Go deimhin bhí uair ann gur go háitiúil a dhéantaí formhór na n-earraí agus uirlisí a d'úsáidte ó lá go lá ach anois dar ndóigh is ó thar lear a thagann siad, iad mar chuid de shlabhraí móra dáileacháin idirnáisiúnta agus go leor de na deacrachtaí céanna ag baint leo agus a bhaineann le héadaí. Paróiste atá i bhfoisceacht deich míle de Chasla atá i gceist sa gcuntas seo a leanas, ach d'fhéadfaí an méid céanna a rá faoi chuid mhór de Chonamara tráth:

Ba paráiste é a bhí in ann seasa go maith ar a chosa féin. Bhí chuile chineál ceardaí ann dár theastaigh ins an am agus níl sé mórán blianta ó caitheadh cuid acub i dtraipisí. Bhí gaibhne, fiodóirí, táilliúirí, siúinéaraí, cúipéaraí, caoladóirí, tuíodóirí, óstóirí, siopadóirí, stíláraí, sibíní agus gréasaí ann agus rinne siad sin ar fad freastal ar a bparáiste féin. (ibid. 2010: 286).

Ceist do lá níos faide anonn is ea an bhfuil ról ag an déantús áitiúil i saol an lae inniu nó an mbeidh muid i gcónaí i dtuilleamaí ábhair a impórtáiltear. Tá sé de chumhacht ag radharcanna ar nós na gceanna a fheictear in *Ireland: The Melody Isle* muid a chur ag smaoiniamh ar a leithéid de cheisteanna comhaimseartha.

Roinnt smaointe faoi thábhacht áite agus traidisiúin

Tá sé de chumhacht ag na radharcanna freisin dul i gcion ar ár gcuid mothúchán, go háirithe agus muid inár seasamh san áit ar tógadh iad. Cuireann siad muid ag machnamh ar nádúr agus dúchas áite agus an chaoi a bhfuil áiteanna in ann dul i gcionn orainn:

For decades, humanistic geographers and environmental psychologists have studied people's emotional relationships to places. Yi-Fu Tuan's (1974, 1977) now classic work is among the first to examine the ways in which people attach meaning to place. He argues that what begins as undifferentiated 'space' evolves into 'place' as we come to know places better and endow them with value. Thus places acquire deep meaning through the 'steady accretion of sentiment' and experience (Manzo & Perkins, 2006: 337).

De réir na tuairime seo déantar áit de spás nuair a chuireann muid 'aithne' air. Gaolmhar leis seo tá coincheap de chuid léann an chultúir ábharthaigh – gur féidir le 'rudai' scéal nó *beathaisnéis* dá gcuid féin a bheith acu, agus go bhfuil siad in ann dul i bhfeidhm ar dhaoine, rud a dtugtar *gníomhú*⁶ air (Gosden & Marshall, 1999). Ní mór, áfach, 'scéal' áite a bheith ar eolas ag duine i dtosach sula dtiocfaidh an aithne seo chun cinn, mar gurb é a scéal a thugann a pearsantacht féin don áit, an '*deep meaning*' atá luaite thuas ag Manzo agus Perkins. Bhraith mé féin an chumhacht seo nuair a chonaic mé an scannán atá faoi chaibidil anseo den chéad uair agus nuair a d'aithin mé an láthair. Ba mhínic roimhe sin a thiomáin mé thar Chéibh Aill na Graí gan mórán suntais a thabhairt di, ach anois tá mo mheon i leith na háite athraithe go mór. Nuair a chuaigh mé le pictiúr a thógáil den chéibh mar atá sí inniu d'fhéach mé le seasamh sa spota céanna inar tógadh ceann de radharcanna an scannáin agus chuaigh an láthair i gcion orm i bhfad Éireann ní ba mhó ná mar a rachadh mura mbeadh scéal na háite agam. Bhí saibhriú eispéiris i gceist; an méid a bhí os mo chomhair anois lán de bhri agus de bheocht, a bhuíochas sin don scannán agus don eolas gaolmhar a bhailigh mé. Tá tuairim ann nach ag leibhéal an duine aonair amháin atá a leithéid in ann tarlú ach ag leibhéal pobail freisin, agus go bhfuil sé in ann machnamh agus cumasú a spreagadh: '*The importance of knowledge of rural landscapes would help the community reconsider its territory, keep its local identity, analyse and reconsider the benefits of the space which it possesses*'. (Onica, 2019: 248)

6 'Beathaisnéis' agus 'Gníomhú' a thugaim anseo mar aistriúchán ar 'Biography' agus 'Agency'

Tá sé d'ádh orainn go bhfuil cuid lárnach de 'scéal' na gcéibheanna áitiúla i gConamara fós linn, is é sin na húicéirí féin atá fós le feiceáil i go leor díobh. Tá an athbheochan spéise agus bróid a tháinig chun cinn le breis is cúpla scór bliain anuas tar éis na báid shainiúla seo a thabhairt slán. Ní mór, áfach, ré fhada na mbád mar bháid oibre a thabhairt chun cuimhne chun an scéal iomlán a fháil – an chaoi a raibh slí bheatha á baint amach ag an bpobal áitiúil as saothrú agus trádáil na móna; na daoine a d'oibrigh sna réimsí éagsúla den cheird seo, na háiteanna ar sheol na báid, a stair agus a seanchas. Cuireann foinsí an bhéaloidis agus na staire cuid den scéal seo ar fáil dúinn, ach sílim go bhfuil cumhacht faoi leith ag baint le híomhánna agus míreanna fise, an píosa úd ó *Ireland: The Melody Isle* ina measc.

**Mar atá agus mar a bhí: Céibh Aill na Graí inniu
agus íomhá ón scannán ‘Ireland: The Melody Isle’:**



Grianghraf leis an údar, Dónal Ó Droighneáin



**Íomhá ón scannán ‘Ireland: The Melody Isle’ le caoinchead
The Travel Film Archive / Archive Farms**

Leabharliosta

- Barry, P. & Scott, D., (2008) 'The Galway Hooker,' i Mac Cárthaigh, C. (eag.) *Traditional Boats of Ireland*. Corcaigh: The Collins Press, 151–75.
- Brooks, A., Fletcher, K., Francis, R.A., Dulcie Rigby E., Roberts, T., (2017) 'Fashion, Sustainability, and the Anthropocene,' *Utopian Studies*, 28 (3), 482–504.
- Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. *Caint Ros Muc: Caint 4, Roinn 4*. Le fáil ag: <https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/caint-ros-muc/#caint4>
- Cnuasach Bhéaloideas Eireann (CBÉ): 1683: 106. Mícheál Breathnach (60), Gleann Mhic Muireann, Co. na Gaillimhe. Bailitheoir: Proinsias de Búrca, 1963.
- Cearra, J. & Ó Cearra, P., (eag.) (2010) *Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige*. Baile Átha Cliath: Coicéim.
- Feiritéar, B. (2014) 'Seacht nGuth ó na Seachtóidí,' *Cillín: Iris na Ceathrún Rua* 2, Earrach.
- Gosden, G. & Marshall, Y., (1999) 'The Cultural Biography of Objects,' *World Archaeology* 31 (2), 169–78.
- IMDb: Internet Movie Database. *James Fitzpatrick*. Le fáil ag: https://www.imdb.com/name/nm0280534/bio?ref_=nm_ov_bio_sm (Léite: 5 Lúnasa 2020).
- International Wool Textile Organisation, (2020) *Study Confirms Wool Fibres Readily Biodegrade in Marine Environments*. Le fáil ag: <https://iwto.org/study-confirms-wool-fibres-readily-biodegrade-in-marine-environments/> (Léite: 15 Eanáir 2021)
- Ireland: The Melody Isle*, (1932) Stiúrthóir: James A. FitzPatrick. Metro Goldwyn Meyer. Le fáil ag: https://www.youtube.com/watch?v=vbk6CgE_ZpY
- Lewis, S., (1837). *A Topographical Dictionary of Ireland*. Londain: S. Lewis. Le fáil ag: <https://archive.org/details/topographicaldico2inlewi>
- Mac Giollarnáth, S., (1941) *Annála Beaga ó Iorrus Aithneach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

- Manzo, L.C. & Perkins, D.D., (2006) 'Finding Common Ground: The Importance of Place Attachment to Community Participation and Planning,' *Journal of Planning Literature* 20(4), 335–50.
- Meehan, T., (1971) 'Those Old Movie Travelogues, Or, 'As the Sun Sinks Slowly In the West, We Bid Farewell,' *The New York Times*. 28 Samhain, Rannóg XX, 1.
- Onica, D., (2019) 'Ethnographic Landscapes as a Resource for Sustainable Development. Case study: Republic of Moldova,' *Revista: Journal of Archaeology, Anthropology and Interdisciplinary Studies* 1, 245–60.
- Ó Béarra, F. & Wigger, A., (2012) *Bádóireacht: Bootsbau und Seefahrt in der Westirischen Tradition*. Aachen: Shaker Verlag.
- Ó Buachalla, T. & Ó Muimhneacháin, A., (eag.) (1978) *Seanchas an Táilliúra*. Corcaigh: Cló Mercier.
- O'Flaherty, R., (1684). *A Chorographical Description of West Or H-Iar Connaught, Written A.D. 1684*. Athchló, Baile Átha Cliath: Irish Archaeological Society, 1846. Le fáil ag: <https://archive.org/details/achorographicaloooflgoog>
- Ó Héalaí, P. & Ó Tuairisg, L., (eag.) (2007) *Tobar an Dúchais: Béaloideas as Conamara agus Corca Dhuibhne*. An Daingean, Co. Chiarraí: An Sagart.
- Ó hIarnáin, C., (2008) 'Boat Building and Related Trades,' i Mac Cárthaigh, C. (eag.) *Traditional Boats of Ireland*. Corcaigh: The Collins Press, 151–75.
- Ó Sabhain, P.S., (2019) *The Centrality of the Galway Hooker to Dwelling in the Island and Coastal Communities of South West Conamara*. Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Le fáil ag: <https://www.galwayhookers.ie/>
- Ó Sabhain, P., (2019) 'Traditional sailing boats, embodied knowledge(s) and dwelling in coastal rural communities: The case of the 'Galway Hooker' in South West Conamara, Ireland,' *Journal of Rural Studies* 72 (Nollaig), 228–39.
- Ó Sabhain, P. & McGrath, B. (2020) 'That's the boat that reared us'. Maritime culture, place and the role of the 'Galway hooker' in southwest Conamara, *Folk Life*, 58:2, 77–96, DOI: 10.1080/04308778.2020.1804161

- O'Sullivan, M. & Downey, L., (2016) 'Turf Harvesting,' *Archaeology Ireland* 30(1) (Earrach), 30–3.
- O'Sullivan, M. & Downey, L., (2018) 'Coastal Boat-landing Features,' *Archaeology Ireland* 32(2) (Samhradh), 45–9.
- Ó Tuairisg, R., (2001) 'Saol an Bhádóra,' *Iris an Phléaráca*, 12–9. Le fáil ag: *Cartlann Ghaeltacht Chonamara*: <http://cartlann.ie/items/show/407>.
- Quinn, T., (2003) *TURFBOATS – The Story of Cruinniú na mBád*. Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe: Cruinniú na mBád Teo.
- Wilkins, N.P., (2017) *Humble Works for a Humble People: A History of the Fishery Piers of County Galway and North Clare, 1800–1922*. An Droichead Nua: Irish Academic Press.



In aice le marbh

Aistriúchán ón bhFraincis (*Auprès d'un mort* le Guy de Maupassant)

Keith Dowling

<https://doi.org/10.13025/r3eg-hm55>

IN AICE LE MARBH

Bhí sé ag fáil bháis, mar a bhásaíonn daoine a bhfuil eitinn orthu i gcónaí. D'fheicinn ag suí síos é chuile lá thart ar a dó a chlog, ar bhinse cois farraige faoi bhun fhuinneoga an óstáin. D'fhanadh sé cúpla nóiméad ina shuí gan chorraí agus é ag sú isteach theas na gréine, ag breathnú amach go gruama ar an Meánmhuir. Anois is arís, chaitheadh sé súil ar bharr na sléibhte agus iad ag gobadh amach os cionn na néalta, na sléibhte sin a ghabhann mórthimpeall ar Menton. Ina dhiaidh sin, chuireadh sé a dhá chois trasna ar a chéile go mall, cosa a bhí chomh tanaí le péire cnámh agus a threabhsair ar crochadh síos uathu, agus ansin d'osclaíodh sé leabhar, an ceann céanna i gcónaí.

Ansin, ní bhogadh sé, léadh sé lena shúil agus lena intinn; déarfá go raibh iomláine a choirp bhogmhairbh ag léamh, bhíodh a anam ar fad á shú isteach, á chailleadh sa

AUPRÈS D'UN MORT

Il s'en allait mourant, comme meurent les poitrinaires. Je le voyais chaque jour s'asseoir, vers deux heures, sous les fenêtres de l'hôtel, en face de la mer tranquille, sur un banc de la promenade. Il restait quelque temps immobile dans la chaleur du soleil, contemplant d'un œil morne la Méditerranée. Parfois il jetait un regard sur la haute montagne aux sommets vaporeux, qui enferme Menton ; puis il croisait, d'un mouvement très lent, ses longues jambes, si maigres qu'elles semblaient deux os, autour desquels flottait le drap du pantalon, et il ouvrait un livre, toujours le même.

Alors il ne remuait plus, il lisait, il lisait de l'œil et de la pensée ; tout son pauvre corps expirant semblait lire, toute son âme s'enfonçait, se perdait, disparaissait dans ce

leabhar sin go dtí go gcuireadh an t-aer fuar ag casacht é. D'éiríodh sé agus ghabhadh sé ar ais isteach ansin.

Ba Ghearmánach mór é a raibh féasóg fhionn air agus ba ghnách dó a lón agus a dhinnéar a ithe ina sheomra codlata gan focal a rá le duine ar bith.

Tharraing fiosracht de shaghas éigin chuige mé. Lá amháin, shuigh mé in aice leis agus imleabhar de dhánta Musset i mo lámh chun cúinse cainte de shaghas éigin a bheith agam.

Thosaigh mé ag léamh trí *Rolla* ansin.

Dúirt mo dhuine láithreach liom, i bhFraincis mhaith:

“An bhfuil Gearmáinis agat, Monsieur?”

“Níl, mhúise.”

“Is trua é sin. Ó tharla gur trí sheans atá muid anseo taobh lena chéile, taispeánfaidh mé iontas duit: an leabhar atá agam anseo.”

“Céard é féin?”

“Is cóip chrua de chuid m'oidé Schopenhauer é ar scríobh sé air lena lámh féin. Mar a fheiceann tú féin, tá na himill go léir clúdaithe lena chuid scríbhneoireachta.”

Thóg mé an leabhar go hómósach uaidh agus bhreathnaigh mé ar na línte a bhí dothuigthe domsa ach a nocht smaointe buanchlúiteacha an fhir iomráitigh seo.

Agus phléasc véarsaí Musset isteach i mo chuimhne:

An bhfuil tú sásta, a Voltaire, agus gáire ghránna ort

An bhfuil sé fós ar foluain os cionn do chnámh cnaíte?

livre jusqu'à l'heure où l'air rafraîchi le faisait un peu tousser. Alors il se levait et rentrait.

C'était un grand Allemand à barbe blonde, qui déjeunait et dînait dans sa chambre, et ne parlait à personne.

Une vague curiosité m'attira vers lui. Je m'assis un jour à son côté, ayant pris aussi, pour me donner une contenance, un volume des poésies de Musset.

Et je me mis à parcourir *Rolla*.

Mon voisin me dit tout à coup, en bon français :

— Savez-vous l'allemand, monsieur ?

— Nullement, monsieur.

— Je le regrette. Puisque le hasard nous met côte à côte, je vous aurais prêté, je vous aurais fait voir une chose inestimable : ce livre que je tiens là.

— Qu'est-ce donc ?

— C'est un exemplaire de mon maître Schopenhauer, annoté de sa main. Toutes les marges, comme vous le voyez, sont couvertes de son écriture.

Je pris le livre avec respect et je contemplai ces formes incompréhensibles pour moi, mais qui révélaient l'immortelle pensée du plus grand saccageur de rêves qui ait passé sur la terre.

Et les vers de Musset éclatèrent dans ma mémoire :

Dors-tu content, Voltaire, et ton hideux sourire

Voltige-t-il encor sur tes os décharnés ?

Agus rinne mé comparáid i ngan fhios dom féin idir searbhas páistiúil, nó b'fhéidir searbhas reiligiúnach Voltaire agus íoróin mhealltach an fhealsaimh Ghearmánaigh a bhfuil a thionchar buan anseo go deo.

Is cuma más ina éadan muid, nó más fearg, diomú nó lúcháir atá orainn ina leith, mar is léir gur mharcáil Schopenhauer an cine daonna lena tharcasne agus lena mhíshásamh.

Duine diomúch den lucht iarrtha pléisiúir ba ea é, thiontaigh sé tuairimí, dóchas, filíocht agus taibhrimh na ndaoine go huile is go hiomlán, mhill sé muinín na n-anamacha, mharaigh sé grá, d'athraigh sé an dearcadh a bhí ag fir i leith na mban, loit sé mianta na gcroithe agus chuir sé an tasc ba sceiptí a bhí ann riamh i gcrích. Rinne sé fonóid faoi gach a ndearna sé, agus chaith sé go hiomlán é. Agus fiú sa lá atá inniu ann, tá gnéithe dá phróiseas smaointeoireachta le brath ó na daoine, ina n-ainneoin féin, a déarfadh go bhfuil gráin acu air.

“Bhí aithne mhaith agat ar Schopenhauer mar sin?” a dúirt mé leis an nGearmánach.

Rinne sé miongháire dubhach.

“Bhí, Monsieur, go dtí lá a bháis”.

Agus labhair sé liom faoi, d'inis sé dom faoin gcuma osnádúrtha a thug sé uaidh roimh gach aon duine a tháinig chomh fada leis.

Labhair sé liom faoin agallamh a bhí aige le polaiteoir de chuid na Fraince, poblachtach diongbháilte a bhí ag iarraidh an fear seo a fheiceáil agus a tháinig air i dtábhairne beoga, suite i measc a leantóirí, é tirim, rocach, ag gáire de gháire nach ndéanfá dearmad riamh

Et je comparais involontairement le sarcasme enfantin, le sarcasme religieux de Voltaire à l'irrésistible ironie du philosophe allemand dont l'influence est désormais ineffaçable.

Qu'on proteste et qu'on se fâche, qu'on s'indigne ou qu'on s'exalte, Schopenhauer a marqué l'humanité du sceau de son dédain et de son désenchantement.

Jouisseur désabusé, il a renversé les croyances, les espoirs, les poésies, les chimères, détruit les aspirations, ravagé la confiance des âmes, tué l'amour, abattu le culte idéal de la femme, crevé les illusions des cœurs, accompli la plus gigantesque besogne de sceptique qui ait jamais été faite. Il a tout traversé de sa moquerie, et tout vidé. Et aujourd'hui même, ceux qui l'exècrent semblent porter, malgré eux, en leurs esprits, des parcelles de sa pensée.

— Vous avez donc connu particulièrement Schopenhauer ? dis-je à l'Allemand.

Il sourit tristement.

— Jusqu'à sa mort, monsieur.

Et il me parla de lui, il me raconta l'impression presque surnaturelle que faisait cet être étrange à tous ceux qui l'approchaient.

Il me dit l'entrevue du vieux démolisseur avec un politicien français, républicain doctrinaire, qui voulut voir cet homme et le trouva dans une brasserie tumultueuse, assis au milieu de disciples, sec, ridé, riant d'un inoubliable rire, mordant et déchirant

air, é ag stialladh smaointe agus tuairimí na ndaoine as a chéile d'aon fhocal amháin, mar a stróiceann gadhar píosa feola lena chuid fiacla.

Dúirt sé ráiteas an Fhrancaigh seo liom arís agus é ag imeacht leis, imníoch agus scanraithe:

“Ba chosúil gur chaith mé uair an chloig leis an diabhal”.

Ansín dúirt sé:

“Fiú agus é ar shlí na fírinne, bhí miongháire scanrúil air a chuir eagla orainn. Scéal nach bhfuil aithne ag éinne air a d'fhéadfainn a insint leat dá mba spéis leat é”.

Agus ansin thosaigh sé ag caint de ghuth tuirseach agus racht casachta ag cur isteach air anois is arís:

*

Bhí Schopenhauer díreach i ndiaidh bás a fháil agus cinneadh go mbeadh beirt dinn ar faire ar ár seal go dtí an mhaidin dár gcionn.

Bhí sé ina luí os cionn cláir i seomra mór a bhí an-simplí, leathan agus dorcha. Bhí péire coinnle ar lasadh ar an mbord cois leapa.

Ba ag an meán oíche a thosaigh mé mo sheal in éineacht le duine dár gcomrádaithe. Chuaigh an bheirt a raibh muidne ag teacht isteach ina n-ionad amach agus shuigh muid síos ag cos na leapa.

Ní raibh aon athrú ar a aghaidh. Bhí sé ag gáire. Bhí an filleadh craicinn a d'fheiceadh muid chomh minic sin le feiceáil go fóill ar a bheola agus déarfá go raibh sé ar tí a shúile a oscailt agus labhairt linn. Tháinig a smaoinreamh, nó a smaointe is dócha, timpeall orainn agus mhóthaigh muid níos láidre ná riamh go raibh muid in atmaisféar a shárbhua,

les idées et les croyances d'une seule parole, comme un chien d'un coup de dents déchire les tissus avec lesquels il joue.

Il me répéta le mot de ce Français, s'en allant effaré, épouvanté et s'écriant :

— J'ai cru passer une heure avec le diable.

Puis il ajouta :

— Il avait, en effet, monsieur, un effrayant sourire qui nous fit peur, même après sa mort. C'est une anecdote presque inconnue que je peux vous conter si elle vous intéresse.

Et il commença, d'une voix fatiguée, que des quintes de toux interrompaient par moments :

*

Schopenhauer venait de mourir, et il fut décidé que nous le veillerions tour à tour, deux par deux, jusqu'au matin.

Il était couché dans une grande chambre très simple, vaste et sombre. Deux bougies brûlaient sur la table de nuit.

C'est à minuit que je pris la garde, avec un de nos camarades. Les deux amis que nous remplacions sortirent, et nous vînmes nous asseoir au pied du lit.

La figure n'était point changée. Elle riait. Ce pli que nous connaissions si bien se creusait au coin des lèvres, et il nous semblait qu'il allait ouvrir les yeux, remuer, parler. Sa pensée ou plutôt ses pensées nous enveloppaient ; nous nous sentions plus que jamais dans l'atmosphère de son génie, envahis, possédés par lui. Sa domination nous

bhí muid nach mór brúite isteach, gafa aige. Ba chosúil go raibh a smacht níos iontaí anois agus é básaithe. D'airigh muid go raibh mistéir de shaghas éigin ag meascadh leis an gcumhacht a bhí leis an spiorad dosháraithe seo.

Bíonn corp na bhfear seo ag imeacht in éag, ach fanann a n-anam; agus an oíche i ndiaidh a gcaillte, táim ag rá leat, Monsieur, bíonn siad scáfar.

Agus bhí muid ag labhairt faoi de ghuth íseal, ag tabhairt a nathanna agus a óráidí chun cuimhne, na seanfhocail a deireadh sé a bhíodh mar lasracha ag teacht ón saol anaithnid.

“Cheapfá go bhfuil sé chun labhairt,” a dúirt mo chomrádaí liom. Agus bhreathnaigh muid le faitíos ar a aghaidh gan chorraí ach a bhí ag gáire ag an am céanna.

De réir a chéile, bhraith muid míshuaimhneach, go raibh muid faoi chois agus bhí muid ar tí titim i laige. Dúirt mé go stadach:

“Níl a fhios agam a bhfuil orm, ach táim ag rá leat nach bhfuil mé ceart”.

Agus ansin, thug muid faoi deara go raibh an corp ag tabhairt boladh uafásach uaidh.

Mhol mo chomrádaí ansin go dté muid isteach sa seomra béal dorais agus an doras a fhágáil ar oscailt. Ghlac mé leis.

Thóg mé ceann de na coinnle a bhí ar lasadh ar an mbord cois leapa agus d'fhág mé an dara ceann san áit a raibh sí. Chuaigh muid isteach ansin agus shuigh síos ag an taobh eile den seomra ionas go mbeadh muid in ann an leaba agus an marbh a fheiceáil faoin solas.

Bhí sé dár gciapadh i gcónaí, áfach; déarfá go raibh an duine neamhábhartha, lom, saor, uilechumhachtach, ceannasach seo ag smúrthacht timpeall orainn. Agus

semblait même plus souveraine maintenant qu'il était mort. Un mystère se mêlait à la puissance de cet incomparable esprit.

Le corps de ces hommes-là disparaît, mais ils restent, eux ; et, dans la nuit qui suit l'arrêt de leur cœur, je vous assure, monsieur, qu'ils sont effrayants.

Et, tout bas, nous parlions de lui, nous rappelant des paroles, des formules, ces surprenantes maximes qui semblent des lumières jetées, par quelques mots, dans les ténèbres de la Vie inconnue.

« Il me semble qu'il va parler », dit mon camarade. Et nous regardions, avec une inquiétude touchant à la peur, le visage immobile et riant toujours.

Peu à peu nous nous sentions mal à l'aise, oppressés, défaillants. Je balbutiai :

— Je ne sais pas ce que j'ai, mais je t'assure que je suis malade.

Et nous nous aperçûmes alors que le cadavre sentait mauvais.

Alors mon compagnon me proposa de passer dans la chambre voisine, en laissant la porte ouverte ; et j'acceptai.

Je pris une des bougies qui brûlaient sur la table de nuit et je laissai la seconde, et nous allâmes nous asseoir à l'autre bout de l'autre pièce, de façon à voir de notre place le lit et le mort, en pleine lumière.

Mais il nous obsédait toujours ; on eût dit que son être immatériel, dégagé, libre, tout-puissant et dominateur, rôdait autour de nous. Et parfois aussi l'odeur infâme du corps

chomh maith leis sin, anois is arís thagadh drochbholadh an choirp lofa chomh fada linn, thagadh sé isteach inár gcoirp féin, idir mhúisciúil agus smúitiúil.

Go tobann, bhuail drithlíne muid agus mhothaigh muid fuacht inár gcnámha: chuala muid torann ciúin ó sheomra an mhairbh agus thosaigh ag stánadh air ansin. Táim ag rá leat, Monsieur, chonaic muid chomh glan lena bhfaca tú riamh rud éigin ag bogadh ar an leaba, ag titim ar an talamh ina dhiaidh sin agus ag imeacht as radharc faoi chathaoir.

Sheas muid suas ar an toirt gan smaoineamh agus eagla an tsaol orainn, réidh le rith linn. Bhreathnaigh muid ar a chéile ansin. Bhí dath an bháis orainn. Bhí ár gcroí inár mbéal agus muid i ndiaidh a fheiceáil sin. Labhair mise i dtosach.

“An bhfaca tú é sin?”

“Chonaic, ambaiste”.

“An bhfuil sé marbh nó nach bhfuil?”

“Tá, is dócha, ós ag lobhadh atá sé”.

“Céard a dhéanfaidh muid?”

Bhí mo chomrádaí idir dhá chomhairle ach dúirt faoi dheireadh:

“Gabhadh muid sall go bhfeice muid”.

Thóg mé ár gcoinneal, agus ba mhise a chuaigh isteach ar dtúis, ag faire timpeall an tseomra go neirbhíseach. Bhí chuile rud socair agus mar ba cheart. Chuaigh mé chomh fada leis an leaba ach bhí mé chomh sceimhlithe sin nach raibh mé in ann corraí. Ní raibh Schopenhauer ag gáire níos mó! Bhí gotha gnúise uafásach air, bhí a bheola fáiscithe lena chéile agus poill mhóra ina dhá leiceann. Dúirt mé go stadach:

“Níl sé marbh!”

décomposé nous arrivait, nous pénétrait, écœurante et vague.

Tout à coup, un frisson nous passa dans les os : un bruit, un petit bruit était venu de la chambre du mort. Nos regards furent aussitôt sur lui, et nous vîmes, oui, monsieur, nous vîmes parfaitement, l’un et l’autre, quelque chose de blanc courir sur le lit, tomber à terre sur le tapis, et disparaître sous un fauteuil.

Nous fûmes debout avant d’avoir eu le temps de penser à rien, fous d’une terreur stupide, prêts à fuir. Puis nous nous sommes regardés. Nous étions horriblement pâles. Nos cœurs battaient à soulever le drap de nos habits. Je parlai le premier.

— Tu as vu ?...

— Oui, j’ai vu.

— Est-ce qu’il n’est pas mort ?

— Mais puisqu’il entre en putréfaction ?

— Qu’allons-nous faire ?

Mon compagnon prononça en hésitant :

— Il faut aller voir.

Je pris notre bougie, et j’entrai le premier, fouillant de l’œil toute la grande pièce aux coins noirs. Rien ne remuait plus ; et je m’approchai du lit. Mais je demeurai saisi de stupeur et d’épouvante : Schopenhauer ne riait plus ! Il grimaçait d’une horrible façon, la bouche serrée, les joues creusées profondément. Je balbutiai :

— Il n’est pas mort !

Ach tháinig an boladh déistineach sin isteach i mo pholláirí agus phlúch sé mé. Níor chorraigh mé níos mó agus mé ag stánadh air i mo staic le scaoll.

Phioc mo chompánach an choinneal eile suas ansin agus chlaon sé os cionn an mhairbh. Leag sé a lámh ar mo ghéag gan focal a rá. Lean mé a amharc agus chonaic mé go raibh cíor fiacla an duine leagtha síos ar an mbrat urláir faoin gcathaoir in aice na leapa, bán ar an gcúlra dorcha agus oscailte mar a bheadh sí réidh chun ithe.

Rinne an lobhadh a léim amach as a bhéal nuair a scaoileadh a ghiolla.

Bhí eagla mo chraicinn orm an lá úd, Monsieur.

*

Agus an ghrian ag druidim leis an bhfarraige shúilíneach, d'éirigh an Gearmánach eitinneach, d'fhág slán agam agus shiúil ar ais chun an óstáin.

30 Eanáir 1883

Mais l'odeur épouvantable me montait au nez, me suffoquait. Et je ne remuais plus, le regardant fixement, effaré comme devant une apparition.

Alors mon compagnon, ayant pris l'autre bougie, se pencha. Puis il me toucha le bras sans dire un mot. Je suivis son regard, et j'aperçus à terre, sous le fauteuil à côté du lit, tout blanc sur le sombre tapis, ouvert comme pour mordre, le râtelier de Schopenhauer.

Le travail de la décomposition, desserrant les mâchoires, l'avait fait jaillir de la bouche.

J'ai eu vraiment peur ce jour-là, monsieur.

*

Et, comme le soleil s'approchait de la mer étincelante, l'Allemand phtisique se leva, me salua, et regagna l'hôtel.

30 janvier 1883



Léirmheas ar *Concise English-Irish Dictionary*

Foras na Gaeilge, 2020. €30

Léirmheastóirí: *Darragh Mac Giolla Phádraig & Niall Ó Cléirigh*

<https://doi.org/10.13025/pfdq-zs93>

Táirge deiridh ar thogra uaimhianach atá sa leabhar *Concise English-Irish Dictionary* (NEID), an foclóir is údarásaí maidir le húsáid chomhaimseartha na Gaeilge. Pádraig Ó Mianáin a d'fheidhmigh mar phríomheagarthóir ar an bhfoclóir seo, fear atá ag obair i ngort na foclóireachta leis na blianta.

Maítear, i réamhrá an fhoclóra, go bhfuil foclóirí 'ag aistriú go tréan i dtreo na n-ardán digiteach ó thús na mílaoise' (ix). Aithníodh i gcás an fhoclóra seo, áfach, 'go mbeadh éileamh ann le haghaidh leagan clóite' (ix) agus is ar an mbonn sin a foilsíodh 9,000 cóip de (Ó Caollaí, 2020).

Dar leis an Mianánach go bhfreastalaíonn an foclóir digiteach ar a bhfuil an leagan clóite seo bunaithe ar 'a range of users from the native or highly proficient Irish-speaker to learners both within and without the education system' (2013: 112), agus caithfear breathnú ar an bhfoclóir sa chomhthéacs uileghabhálach seo.

Bhí dúshlán faoi leith i gceist, i gcás Fhoclóir Uí Mhianáin, toisc na n-athruithe ollmhóra atá tagtha ar úsáid an Bhéarla agus na Gaeilge le leathchéad bliain anuas. Sa chomhthéacs sin, maíonn Convery *et al.* (2010: 612) go bhfuil athrú tagtha ar an gcineál teanga a nglactar léi i bhfoclóirí comhaimseartha:

Both dictionaries (Foclóir Uí Dhónaill agus Foclóir de Bhaldráithe) would be generally seen to contain a high degree of formal language, compared to recent trends in dictionaries where a much more democratic view is taken of what level of any language merits inclusion in a dictionary.

Feictear neart samplaí den teanga neamhfhoirmiúil seo in NEID, agus d'fhéadfaí a rá go gcuireann samplaí den chineál teanga seo go mór le nua-aoiseacht an fhoclóra. Tugtar le fios san fhorlíonadh stíle go nglactar lena leithéid i bhfoclóirí comhaimseartha: '*NEID embraces informal language in both English and Irish where appropriate*' (1,700). Is é 'sluasaid a chur faoi chac gé' an t-aistriúchán a thugtar ar '*to turn a drama into a crisis*' (414). Níl anseo ach sampla den iliomad aistriúchán san fhoclóir seo a thugann léirmheas cruinn ar an tslí a labhraítear an Ghaeilge (agus an Béarla) in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Is díol spéise eile í tarraingteacht an leabhair. Leagtar na hiontrálacha amach ar bhealach atá soléite, simplí. Cuireadh dath gorm ar na ceannfhocail uilig, gné a dhéanann éascaíocht ar aimsiú na bhfocal. Ní hamháin go bhfuil aistriúchán ar na focail Bhéarla le fáil, ach cuirtear san áireamh samplaí de fhrásaí a bhaineann le roinnt mhaith de na hiontrálacha. Is sampla de seo an iontráil *baton* (105). Tugtar na focail 'bata', 'maide' agus 'baitín' mar aistriúcháin bheachta ar an bhfocal *baton*. Sa bhosca gorm a thagann faoin iontráil, áfach, is é 'an fhreagracht a thabhairt do dhuine' an t-aistriúchán a luaitear leis an gcomhlogaíocht '*to pass on the baton*'. Léirítear sna samplaí úsáide seo gur dul amú a bheadh ann aistriúchán díreach a dhéanamh ar chomhlogaíochtaí dá leithéid, agus is ábhar cabhrach iad na boscaí samplaí dóibh siúd ar mian leo lorg an bhéarlachais a sheachaint ina gcuid scríbhneoireachta.

Aithnítear an bhéim faoi leith a leagtar ar an gcomhaimsearthacht sa chur chuige a bhí ag an bhfoireann foclóireachta, go háirithe sa tslí a dtugtar rogha idir Gaeilge thraidisiúnta agus leaganacha atá níos nua-aimseartha. An sampla a thug Pádraig Ó Mianáin (Ó Caollaí, 2020) ná:

... the phrase 'to throw in the towel' has been translated as 'an tuáille a chaitheamh isteach' and 'éirí as/géilleadh' in the new dictionary. The first example here is a direct translation of the English phrase whereas the second example could be seen as more traditional Irish.

Tugtar aitheantas do na trí mhórchanúint Ghaeilge in iontrálacha malartacha an fhoclóra, gné a mheallfaidh cainteoirí Gaeilge ó gach cearn den tír chun glacadh leis an bhfoclóir seo. Luaitear na haidiachtaí 'oiriúnach', 'fóirsteanach' agus 'feiliúnach' mar aistriúcháin ar an bhfocal *suitable*, rud a chinntíonn nach bhféadfaí a bheith den tuairim gur '*yet another instance of dialectal bias*' (Convery *et al.*, 2010: 613) atá san fhoclóir seo. Bhí cinneadh le déanamh ag an bhfoireann maidir leis na focail a choimeádfaí sa leagan clóite den fhoclóir agus iad siúd nach mbeadh ar fáil ach sa leagan digiteach. Mhínigh Ó Mianáin gurb é an cur chuige a bhí acu (Ó Caollaí, 2020) ná gur tugadh tús áite d'fhocal bunaithe ar mhinicíocht an fhocail i gcorpas na teanga agus ina dhiaidh sin, cuireadh tacair focail áirithe san áireamh, beag beann ar mhinicíocht – tacair amhlaidh dathanna agus tíortha.

Is féidir glacadh leis mar sin gur ag díriú ar na focail is minice a úsáidtear sa Bhéarla a bhí an fhoireann, seachas ar aicmí áirithe léitheoirí. Ag an am céanna, léiríonn an plé a dhéantar agus an treoir a thugtar san fhorlíonadh teanga agus gramadaí gur theastaigh uathu, ní hamháin ceart na teanga a chaomhnú, ach díriú ar fhoghlaimeoirí agus ar lucht

úsáide na Gaeilge (múinteoirí, scoláirí, iriseoirí srl.) seachas ar shaineolaithe. Dearbhaíonn Ó Mianáin (*The Irish Times*, 2020) go bhfuil an foclóir ‘*particularly useful to those learning Irish in the education system*’. Mar a deir Hickey (2020) agus é ag déanamh athrá ar an méid a dúirt Dáithí Ó hUaithne san iris chéanna (*Comhar*) sa bhliain 1959, áfach, ‘níor saolaíodh fós an t-eagarthóir, ná an fhuireann, a d’fhéadfadh foclóir a shásódh gach éinne a thúirt dúinn’.

Is cinnte gurb é an forlíonadh mór stíle agus gramadaí (1,699–725) leis an Mianánach is mó a scarann an foclóir seo óna réamhtheachtaithe. Léirítear go sonrach san fhorlíonadh seo an aidhm a bhí ag foireann an fhoclóra an chéad lá riamh: ‘*NEID seeks to strike a balance between formal and informal registers and to reflect more accurately the varieties of English and Irish in use today*’ (1,699). Sa chaibidil dar teideal ‘Points of Grammar’ (1,707–14), déantar plé cuimsitheach ar na príomhphointí gramadaí a mbíonn deacrachtaí ag daoine leo; ina measc, foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh agus úsáid cheart na copaille.

Rud a chuirfeadh díomá, agus mearbhall b’fhéidir, ar lucht léite an fhoclóra ná an éagsúlacht idir an ghramadach atá in úsáid san fhoclóir seo agus gramadach *An Caighdeán Oifigiúil* (2017), áfach. D’aithin an Mianánach an éagsúlacht seo in alt a scríobh sé faoin bhfoclóir (2019: 13):

The Grammar and Language supplement to the printed NEID will therefore have to set out clearly the basis for the NEID style guide and give a clear presentation of the points of variance with the Official Standard.

Sampla amháin de na córais nach bhfuil an dá fhoilseachán ar aon fhocal fúthu is ea córas na n-uimhreacha. Luaitear san fhorlíonadh go bhfuil ‘trí bhosca mór’ agus ‘trí bhosca mhóra’ inghlactha mar aistriúcháin ar *three big boxes* (1,712). Tugtar leid san fhoclóir maidir leis an leagan is údarásaí sa Ghaeilge scríofa (trí bhosca mhóra). Mar sin féin, cruthaíonn an neamhréir seo castacht sa bhreis don té nach dtuigeann na miondifríochtaí seo.

Mar sin féin, glactar leis *An Caighdeán Oifigiúil* (2017) den chuid is mó, agus san áit a bhfuil neamhréir idir NEID agus *An Caighdeán Oifigiúil* ar phointe áirithe gramadaí, cuirtear na roghanna ar fáil i bhfoirm tábla agus sonraítear na cinn a mbaintear leas astu san fhoclóir.

Ar chúl an leabhair tá táblaí gramadaí (1,729–76), a bheidh ina gcabhair don té a bhíonn ag streachailt le cruinneas a c(h)uid scríbhneoireachta. Mínítear an áit a dtéann na hainmfhocail agus na haidiachtaí i gcóras na ndíochlaontaí (1,730–32), mar shampla, ionas go mbeidh an t-úsáideoir níos compordaí le cur i bhfeidhm an tuisil ghinidigh. Tugtar samplaí de réimniú roinnt briathra (1,741–67), briathra rialta agus neamhrialta ina measc.

Bheadh sé deacair beag a dhéanamh de thábhacht an leabhair seo. Líonann an foilseachán seo bearna foclóireachta sa Ghaeilge, bearna a bhí ann le breis is trí scór bliain. Gné an-tábhachtach den fhoclóir seo ná go dtugtar leid do dhaoine sna habairtí úsáide maidir leis an gcaoi a labhraítear an Ghaeilge in Éirinn sa lá atá inniu ann. Beifear ag súil chomh maith, áfach, go bhfoilseoidh Foras na Gaeilge foclóir Gaeilge-Gaeilge amach anseo, foclóir a chuirfidh béim ar shaibhreas na Gaeilge seachas í a lonnú i gcomhthéacs an Bhéarla.

Leabharliosta

Leabhar

Ó Mianáin, P., (2020) *Concise English-Irish Dictionary (Foclóir Béarla-Gaeilge)*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.

Ailt

Convery, C., Ó Mianáin, P. & Ó Raghallaigh, M., (2010) 'Covering all bases: Regional marking of material in the New English-Irish Dictionary.' *Proceedings of the Fourteenth EURALEX International Congress*. Leeuwarden, Fryske Akademy, 609–19.

Hickey, K., (2020), 'Is leor NEID don eolach.' *Comhar*. Meán Fómhair.

Mac Amhlaigh, L., (2013) 'An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge' *Comhar* 73 (2). 28–30.

Ó Mianáin, P., (2013) 'The New English-Irish Dictionary.' *Lexical Challenges in a Multilingual Europe: Contributions to the Annual Conference 2012 of EFNIL in Budapest*. Eag: G. Stickel & T. Varadi. Frankfurt: Peter Lang. 111–4.

Ó Caollaí, E., (2020), 'New dictionary not the last word on Irish lexicography', *Irish Times*, 1 Samhain.

Ó Mianáin, P., (2019) 'Irish: Whose Language Is It Anyway?' *Dictionaries: Journal of the Dictionary Society of North America*, 40 (2). 155–69.



Léirmheas ar *Óráidí a chuaigh i gcion*

Eagarthóir Aibhistín Ó Duibh

Leabhar Breac: Indreabhán, 2020. 200 lch, €15

Léirmheastóirí: Ciarán Mac Uidhir & Máire Uí Dhufaigh

<https://doi.org/10.13025/2d48-zr16>

Bailiúchán de bhreis agus caoga óráid ó aimsir Shócraitéas go dtí an lá atá inniu ann is ea *Óráidí a chuaigh i gcion*. Cló Lováin, inphrionta de chuid Leabhar Breac, teach foilsitheoireachta atá lonnaithe i nGaeltacht Chonamara, a d'fhoilsigh an leabhar. Leabhar snasta, soláimhsithe atá ann, é leagtha amach go soiléir agus páipéar deas brataithe ar an gclúdach. Ar lucht labhartha agus lucht léinn na Gaeilge atá *Óráidí a chuaigh i gcion* dírithe agus an t-eagarthóir ag súil nach é amháin go mbainfidh siad sásamh as an leabhar ach go mbeidh sé ina 'áis fhónta' (9) agus ráitis agus nathanna Gaeilge á dtóraíocht acu. Tugtar chun cuimhne 52 óráid a chlúdaíonn réimse leathan ábhar agus réimse leathan óráidithe sa leabhar, ag tosú le craobhscaoileadh na nDeich nAitheanta ó bhéal Mhaoise agus ag críochnú ar chéimeanna Ardán Uí Ógáin in 1980 le focail Joe Connolly nach ndéanfar dearmad orthu go ceann i bhfad '*People of Galway, we love you*' (200).

Aistritheoir leis an gCoimisiún Eorpach is ea an t-eagarthóir Aibhistín Ó Duibh agus d'aistrigh sé 15 de na hóráidí atá sa chnuasach. I réamhrá *Óráidí a chuaigh i gcion*, déanann Ó Duibh cur síos ar an gcaoi ar rith sé leis tabhairt faoin tionscnamh áirithe seo. Uair in aghaidh na bliana, bhíodh cuid d'óráidí pholaitiúil le haistriú aige go Gaeilge. Is nuair a bheartaigh sé roinnt aitheasc i nGaeilge a léamh, d'fhonn tuiscint ní b'fhearr a fháil ar cheird na hóráidíochta, a thuig sé nach raibh fáil orthu faoi aon chlúdach amháin. Agus é ag póirseáil trí fhoilseacháin éagsúla, thosaigh Ó Duibh, de réir mar a tháinig sé ar óráidí, á mbailiú ina chéile. Ar deireadh, agus bailiúchán réasúnta i dtoll a chéile aige, shocraigh sé go gcuirfeadh sé leis an ábhar agus go réiteodh sé leabhar le foilsíú.

Cuimsíonn an chéad chuid den leabhar cainteanna a tugadh i dtíortha taobh amuigh d'Éirinn agus an dara cuid óráidí a tugadh sa tír s'againn féin. I measc na n-óráidí dúchasacha sin, tá sleachta ó Aodh Rua Ó Dhónaill, Wolfe Tone, Roibeard Emmet, Pádraig Mac Piarais agus Éamon de Valera. Is é Iar-Uachtarán Mheiriceá, J.F. Kennedy, an t-aon duine amháin a bhfuil aithisc aige sa dá chuid den leabhar – an ceann clúiteach a thug sé i mBeirlín in 1963 a raibh na focail cháiliúla: ‘Rud doroinnte í an tsíocháin, agus nuair atá fear amháin i ndaoirse, níl gach duine saor’ (106) mar chuid de agus óráid a thug sé do Thithe an Oireachtais in Éirinn nuair a tháinig sé chun na tíre seo mar chuid den turas Eorpach céanna. Tá fiúntas ar leith ag baint leis na nótaí eolais ar chúlra stairiúil na n-óráidí a chuirtear ar fáil roimh gach sliocht. Cé gur nótaí gairide atá sna nótaí seo, tá siad fíorthábhachtach toisc go gcuireann siad go mór le tuiscint an léitheora ar chomhthéacsanna stairiúla na n-óráidí agus go dtugtar spléachadh fóinteach ar shaol an té a thug iad.

B'fhéidir gur léiriú é ar ról stairiúil na mban, ach níl ach ceathrar ban san áireamh sa chnuasach. Is iad na mná atá i gceist ná Eilís I, Banríon Shasana; Emmeline Pankhurst, laoch mór maidir le cearta vótála do mhná; Marie Sklodowska-Curie, eolaí a bhuaigh Duais Nobel faoi dhó agus Dolores Ibárruri, bolscaire de chuid an Pháirtí Phoblachtaigh sa Spáinn le linn Chogadh Cathartha na tíre sin agus an té a chum an mana ‘*No Pasarán*’ – ‘Ní ghabhaidh siad tharainn!’ Is dóigh go bhfuil sé seo ionadaíoch go leor ó tharla nárbh é glór na mban ba mhinice a chloistí i dtithe pairliminte ná ar pháirceanna an áir agus go raibh siad fágtha gan glór ar bith san Eaglais. Bíodh sin mar atá, cá bhfuil mná na hÉireann fearacht Mháire Geoghegan-Quinn, Constance Markievicz, Bernadette (Devlin) McAliskey, Mary Robinson, nó Mary McAleese? Ní féidir a shéanadh ach gur cainteoirí den scoth iad seo uile. Sa réamhrá deir an t-eagarthóir gur theastaigh uaidh ábhar a bhí ‘pas imeallach’ (10) a chur san áireamh. Mas ea, cén fáth an tsiléig ar mhná na hÉireann?

Is é Colmille Ó Monacháin, é féin i mbun aistriúcháin leis an gCoimisiún Eorpach, a chuir Gaeilge ar thrí cinn de na hórídí, ina measc: ‘*I have a Dream*’ / ‘Tá Aisling agam’, an óráid chluíteach a thug an gníomhaí cearta sibhialta, Martin Luther King uaidh in Washington in 1963 (107). Nach tráthúil leagan Gaeilge de seo a bheith againn den chéad uair i mbliana agus an ciníochas ina ábhar cainte agus ina ábhar conspóide. D'fhoilsigh Leabhar Breac ‘Tá Aisling agam’, ar an suíomh idirlín acu, i bpáirt le *Black Lives Matter*, sula raibh an leabhar féin curtha i gcló. Chiallaigh sé seo go raibh fáil air in am don agóidíocht in aghaidh an chiníochais a bhí ar bun i gcathracha na hÉireann i Meitheamh 2020.

Mar gheall ar an leabhar seo, coinnítear cuimhne ar óráidí a rinneadh ar leic an bháis, agus go háirithe óráidí a tugadh os comhair cúirte sular daoradh an cainteoir chun báis, agus tá aistriúcháin ar thrí cinn acu sa leabhar seo. Léirítear crógacht agus misneach i bhfocail Shócraitéas ón *Apologia*, agus cloistear a macalla i bhfocail Wolfe Tone agus Roibeard Emmet agus iad beirt réidh chun glacadh lena gcinniúint. ‘Is fearr liom bás mar seo ná beatha mar siúd’ (17), a dúirt Sócraitéas le fir na hAithne agus bhí macalla na cainte seo le

cloisteáil tuairim is 2,000 bliain ní ba dheireanaí i bhfocail Tone: ‘Pé breith a thabharfaidh an chúirt seo táim ullamh ina chomhair’ (137), agus Emmet: ‘Níl eagla orm gabháil chun an Bhreithimh Uilechumhachtaigh’ (139). Bhain an triúr seo an chumhacht dá gcúiseoirí, agus rinne siad talamh slán de gurbh iad féin a roghnaigh a gcinniúint agus nach raibh scáth ná faitíos orthu roimhe. Is as beathaisnéis a scríobh Pádraig Ó Siochfhradha agus a d’fhoilsigh Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais in 1937, a tháinig aitheasc Theobald Wolfe Tone a bhfuil fáil air sa chnuasach seo.

Ní cúis iontais é gur leis an náisiúnachas agus leis an gcruthú náisiún a bhaineann an-chuid de na haithisc a tháinig anuas chugainne ón ár seacht sinsear agus a aistríodh don chnuasach seo. Sa chuid idirnáisiúnta den leabhar, tá óráidí ó Chogadh Neamhspleáchais Mheiriceá, Cogadh Cathartha na Stát Aontaithe anuas ar aithisc de chuid Napoleon na Fraince agus Stalin na Rúise. Tugann na hóráidí spreagúla a rinne ceannairí na linne léargas ar mhórimeachtaí na hEorpa san 20ú haois; ina measc, teacht in inmhe an Chumannachais sa Rúis agus ar an lámh eile, an borradh faoin bhFaisisteachas san Iodáil agus sa Spáinn. Tugtar léargas freisin ar thuile agus trá chinniúint na rannpháirtithe sa Dara Cogadh Domhanda agus ina dhiaidh sin titim an Chuirín Iarainn trasna na hEorpa agus trasna na Gearmáine ach go háirithe trí aithisc a thug Churchill, de Gaulle agus Roosevelt. In óráid a thug Robert Schuman in 1950, tugtar spleachadh comhaimseartha ar bhreith an Aontais Eorpaigh, agus is ábhar iontais dúinn anois i ré seo an Bhreathimeachta an ráiteas a rinne ceannaire Pháirtí Caomhach na Breataine, Winston Churchill, in óráid a thug sé in Missouri in 1946: ‘Chun go mbeidh an domhan sábháilte, teastaíonn aontacht nua san Eoraip, aontacht nach mbeidh aon náisiún ar buandíbirt aisti.’ (87)

Tá aistriúcháin sa leabhar ó theangacha éagsúla anuas ar an mBéarla – an Fhraincis, an Spáinnis, an Iodáilis, an Ghearmáinis, an Phortaingéilis agus an Chatalóinis bhunaidh ina measc, agus tugtar léargas sainiúil dúinn ar mhórimeachtaí stairiúla na dtíortha sin dá bharr. Níor ghá aistriúchán a dhéanamh i gcás cuid de na hóráidí as an tír s’againn féin mar gur i nGaeilge a tugadh iad an chéad lá riamh. Go deimhin féin, tháinig cuid acu ó phinn scríbhneoirí aitheanta. Sa bhliain 1926 d’fhoilsigh Brún agus Ó Nualláin leaganacha an Athar Peadar Ua Laoghaire de dhá óráid a thug Aodh Rua Ó Domhnaill ag tús Chogadh na Naoi mBliana agus tá fáil orthu araon sa chnuasach: ‘Chuireamar an t-ál as a nead ... tiocfaidh siad arís má fhaigheann siad an chaoi...’ (122) agus: ‘Deirim, agus táim deimhneach de, nach bhfuil sa tsíocháin seo ach bréag’ (126). Tá an chaint a thug Máirtín Ó Cadhain, agus é ag labhairt óna chroí amach, ar shochraid Sheáin Sáirséal Uí Éigeartaigh, an té a bhunaigh Sáirséal agus Dill, agus a bhásaigh go tobann in aois a chaoga bliain le fáil anseo freisin:

Mairfidh an chraobh ar an bhfál: is dona linn gur ag déanamh créafóige – ag déanamh créafóige as ucht a ghean do Ghaeil agus as ucht iomad a dhúthrachta ar a son – atá an lámh a chur. (194)

Caith an 15 euro atá ar *Óráidí a chuaigh i gcion*, bíodh sé go feiceálach ar do sheilf agat agus tarraing amach é ó am go chéile mar go bhfuil gach uile sheans ann go bhfuil deireadh ré sroichte ag ceird na hóráidíochta. Nach mbeifeá go mór in amhras go gcloisfear arís, in aon teanga, óráid ar nós an chinn a thug John Fitzgerald Kennedy ag Geata Brandenburg i samhradh na bliana 1963 agus ina raibh na focail: *‘Ich bin ein Berliner’* (106), nó aitheasc Phádraig Mhic Phiarais ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa. Má bhíonn cnuasach dá mhacasamhail seo á chur i dtoll a chéile faoi cheann caoga bliain, cén cineál ábhair ón ré seo againne a bheas san áireamh? Tvuíteanna na nUachtarán agus leathanaigh facebook na dTaoiseach? Dia idir sinn agus an anachain!



Léirmheas ar *Ar Luch agus ar Dhuine*

Aistrithe ag Colmille Ó Monacháin
(Cló Iar-Chonnacht, 2020. €16 an leabhar)

Léirmheastóirí: Niamh Ní Chuinn & Tadhg Ó Duinnshléibhe

<https://doi.org/10.13025/z0ty-j532>

Aistriúchán stuama atá sa leabhar *Ar Luch agus Ar Dhuine* le Colmille Ó Monacháin. Is é seo an chéad eagrán Gaeilge den nóibhille cháiliúil *Of Mice and Men* a scríobh John Steinbeck sa bhliain 1937 é. Sa bhliain 1946, scríobh Aodh Mac Dhubháin dráma darb ainm *Cinniún* don Taibhdhearc, a bhí bunaithe ar an leabhar a scríobh John Steinbeck naoi mbliana roimhe sin. Faraor, bhí orainn fanacht beagnach 90 bliain le haghaidh an chéad fhoilseachán Gaeilge den leabhar clúiteach sin. Aistriúchán den chéad scoth atá i gceist leis an leagan Gaeilge seo den nóibhille a foilsíodh in 2019.

Le tamall fada bhí ganntanas leabhar ficsin aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge ann ach tá níos mó ar fáil le déanaí, ina measc tá: *An tAilceimiceoir* (*The Alchemist*) a d'aistrigh Séamus Ó Coileáin, *Cluiche na Corónach* (*Game of Thrones*) a d'aistrigh Oisín Ó Muirthile agus *Harry Potter agus an Órchloch* (*Harry Potter and the Philosopher's Stone*) a d'aistrigh Máire Nic Mhaoláin. Is léir go bhfuil soláthar maith leabhar do pháistí ann atá aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge sa lá atá inniu ann. Tá fós ganntanas ann do leabhair daoine fásta. Gan aon dabht, tá gaisce déanta ag Ó Monacháin leis an aistriúchán seo, áit a n-éiríonn leis stíl ghonta scríbhneoireachta Steinbeck a thabhairt leis go paiteanta.

Is é Leabhar Breac a d'fhoilsigh an leagan Gaeilge. Is scéal gairid é *Ar Luch agus Ar Dhuine* nach bhfuil ann ach 130 leathanach, ach fanfaidh an scéal i do chloigeann, mar gheall ar na hábhair atá á bplé sa leabhar. Is leabhar tábhachtach é de bharr an léargais a thugtar dúinn ar thréimhse achrannach i Meiriceá Thuaidh, le linn an Spealta Mhóir. Is léir an siombalachas atá i gceist sa teideal *Ar Luch agus ar Dhuine*: seasann 'ar dhuine' don ghnáthdhuine a oibríonn ar an rainse; déanann 'ar luch' tagairt don tslí ar mhaith le Lennie luchóga a shlíocadh. Bíonn

an cleachtas seo á dhéanamh go rógharbh aige agus faraor, faigheann na luchóga bás. Dar le Steinbeck gurbh ionann saol déaróil na ndaoine bochta i Meiriceá lena linn, agus saol déaróil na luch. Cloíonn Ó Monacháin leis an siombalachas seo go héifeachtach san aistriúchán.

Léiríonn an t-úrscéal *Ar Luch agus ar Dhuine* an cairdeas idir beirt fhear, George Milton agus Lennie Small. Beirt spailpíní iad George agus Lennie, a raibh cónaí orthu i gCalafóirne le linn an chéid seo caite. Béinneach d'fhear is ea Lennie atá 'ar chiall na bpáistí'. Is fear páistiúil ach dea-chroíoch é. Bíonn George ag tabhairt aire dó mar a dhéanfadh deartháir mór. Braitheann Lennie ar George chun taispeáint dó conas é féin a iompar sa tsochaí. Maidir le George, duine a bhfuil taithí aige ar chúrsaí an tsaoil, teastaíonn cairdeas uaidh. Is comhludair é Lennie do George ach mar sin féin, cuireann Lennie isteach go mór ar George, lena phearsantacht leanbaí. Cé go mbíonn George feargach leis, feictear an grá neamhchoinníollach atá eatarthu go han-soiléir ar fad. Dúirt Ó Monacháin féin faoin scéal:

Faigheann siad fostú ar rainse ar le comhlacht mór talún é agus atá faoi stiúir saoise [...] Fathach urrúnta de fhear, agus fear 'atá ar chiall na bpáistí', atá in Lennie, agus bíonn George ag tabhairt aire dó agus ag coinneáil súil air. (2019: 13)

B'éigean dóibh teitheadh óna seanphost toisc gur tharraing Lennie trioblóid air féin. Ina ainneoin sin, d'éirigh leo obair a fháil ar rainse i gCalafóirne. Tá an bheirt acu ar thóir na haislinge a bhfeirm féin, le coiníní, a bheith acu lá éigin ach ar an drochuair, deireadh de chineál eile a bhí i ndán dóibh. Sa rainse ina bhfaigheann siad post, tá bean óg dhathúil a bhfuil suim ar leith aici sna fir. Bean chéile Curley atá i gceist, áfach, agus mhol George do Lennie fanacht amach uaidh. Is ansin a bhuaileann an bheirt le grúpa carachtar atá ag obair ar an bhfeirm freisin. Cruthaítear fadhbanna do Lennie de bharr na codarsnachta idir a neart fisiciúil agus a mhíchumas meabhrach, agus faraor ní féidir le haon duine an fhadhb seo a réiteach dó, fiú George...

Dar le Ó Monacháin go bhfuil stíl shimplí ag na húdair Mheiriceánacha, 'rún stíle nach furasta a fhuascailt ag scríbhneoirí áirithe de chuid Mheiriceá Thuaidh. Ní dhéanann siad cur síos ar bith ar mheon ná ar intinn na gcarachtar ina gcuid scéalta.' (2019: 11) Anuas air sin, is léir go raibh spraoi ag Ó Monacháin ag aistriú na scríbhneoireachta tuairisciúla a d'úsáid Steinbeck. Thapaigh Ó Monacháin an deis chun nathanna tarraingteacha a chur chun cinn sa leagan Gaeilge. Úsáideann sé nathanna saibhre ar nós 'Thug Lennie do na boinn é amach as an bhotaf' (2019: 67) agus 'Lig sé rith is ráig leis an fhearg' (2019: 134).

Tá réimeanna éagsúla teanga in úsáid ag Steinbeck sa bhunsaothar, agus tá an difríocht soiléir idir an scríbhneoireacht tuairisciúil agus an cur síos ar an tslí a mbíonn na carachtair ag caint. Cloíonn an t-aistritheoir leis an gcur chuige seo sa Ghaeilge. Úsáideann Ó Monacháin a chanúint féin, canúint Uladh do chaint na gcarachtar. Tríd an leabhar, feictear focail ar nós,

‘cha’ (*ní*), ‘go dtearn’ (*go ndearna*), ‘rann’ (*roinn*) agus ‘inse’ (*insint*). Anuas air sin, úsáidtear focal nach mbeadh ‘feicthe ag léitheoirí roimhe seo, is é sin “noi”. “Tá tuairim agam gur as ar ndóigh a tháinig an focal.’ (2009: 157) Deir Ó Monacháin féin:

Tá gné Ultach measartha láidir ar chaint na gcarachtar; seift aistriúcháin é sin, seift faoi choinne bearna réime a chruthú sa téacs Gaeilge – mar atá sa téacs Béarla. Is cóir dom a rá nár fhéach mé le bheith dílis do chanúint ar bith atá á labhairt (ná a labhraí) i gceantair áirithe ar bith. (2019: 156)

De bharr go raibh Ó Monacháin chomh dílis sin dá chanúint féin i gcaint na gcarachtar, b’fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag daoine a bhfuil cur amach acu ar chanúintí eile, an leabhar a léamh gan stró. Dar le ClubLeabhar.com, ‘bheadh foclóir Gaeilge ag teastáil uaibh i gcomhair focail nó dhó san aistriúchán seo.’ (Ó Catháin, 2020) Is cosúil, áfach, go bhfuil Ó Monacháin ag iarraidh chultúr an bhunsaothair a choimeád beo sa leagan Ghaeilge. Baineann Steinbeck úsáid as teanga an phobail áitiúil in *Of Mice and Men*, chun cur síos a dhéanamh ar an tslí a mbíonn na carachtair ag caint. Ar an gcaoi seo, cruthaítear atmaisféar údarach agus dílis de chuid Mheiriceá Thuaidh in 1930. Is léir go bhfuil canúint Uladh mar ‘theanga an phobail’ san aistriúchán Gaeilge.

Ina theannta sin, baineann Ó Monacháin úsáid as an leagan Béarla de na logainmneacha ar nós *Salinas* agus *Soledad* ach gur aistrigh sé *California* go ‘Calafóirne.’ Is ciúta stíle thar a bheith spéisíúil é seo, ach go háirithe nuair nach bhfuil aon leagan údarásach Gaeilge den logainm *California* ar fáil. Is fearr nach n-aistríonn sé ainmneacha na gcarachtar ó Bhéarla go Gaeilge ach an oiread; bheadh cailteanas cultúrtha i gceist dá mba rud é go n-aistreadh sé na logainmneacha agus ainmneacha na gcarachtar, cé go ndéantar a leithéid in aistriúcháin liteartha eile, ar ndóigh.

Tugann an t-aistriúchán seo léargas cuimsitheach dúinn ar phríomhthéamaí an leabhair. I measc na dtéamaí difriúla a phléitear sa leabhar seo, cuirtear gnéasachas agus ciníochas os ár gcomhair. Ní thagann aon ‘chailteanas’ ar na téamaí seo mar gheall ar an aistriúchán cúramach atá déanta ag Ó Monacháin. Mar phríomhcharachtair an úrscéil is le George agus le Lennie atá na téamaí ar fad ceangailte. Baineann Steinbeck úsáid as an gcarachtar Crooks chun aird an léitheora a tharraingt ar an leithcheal ciníoch a bhí i Meiriceá sna tríochaidí. Cuirtear an fhírinne lom a bhaineann leis an tréimhse ama sin i láthair go héifeachtach. Mar léitheoir, is féidir an tionchar síceolaíochta atá ag an gciníochas ar Crooks a fheiceáil go soiléir.

Chomh maith leis an gciníochas, tá steiréitíopaí inscne mar théama sa leabhar *Ar Luch agus ar Dhuine*. Baintear a ndaonnacht de na mná tríd an gcarachtar ‘bean chéile Curley.’ Is í an t-aon charachtar baineann atá sa scéal go rialta. In ainneoin a róil thábhachtaigh, ní luaitear a hainm ar chor ar bith. Glaonn an t-údar ‘bean Curley’ uirthi an t-am ar fad. Léirítear anseo

go raibh mná ag brath ar fhir agus nach raibh neamhspleáchas ar bith acu féin. Ní hamháin go léirítear mná mar shealbha na bhfear in *Ar Luch agus ar Dhuine*, ach mar scabhaitéirí chomh maith.

Ar an mórgóir, is leabhar tragóideach é *Ar Luch agus ar Dhuine*. B'fhiú go mór don té atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi shocháí Mheiriceá le linn an Spealta Mhóir an leabhar seo a léamh. Tá meas ag Ó Monacháin ar an mbunsaothar agus coimeádann sé an spiorad atá sa leagan Béarla agus an leabhar á chur go Gaeilge aige.

Is féidir libh an leabhar seo a cheannach ar líne ar shuíomh ar nós; An Siopa Leabhar, Leabhar Breac, agus Charlie Byrne's. Mholfaimis daoibh cóip a ordú ó bhur siopa leabhar neamhspleách.

Leabharliosta

Ó Monacháin, C., (2016), *Tuairisc.ie*. Le fáil ag: <https://tuairisc.ie/scribhneoiri/colmcilleomonachain/> (Léite: 26 Samhain, 2020).

Ó Monacháin, C., (2019), *Ar Luch agus Ar Dhuine*. Gaillimh: Leabhar Breac.

Parks, T., (2018), *NYBooks.com*. Le fáil ag: https://www.nybooks.com/daily/2018/10/23/why-translation-deserves-scrutiny/?lp_txn_id=1030685 (Léite: 16 Feabhra, 2021)

Steinbeck, J., (1937), *Of Mice and Men*. London: Penguin Books.

Podchraoladh

Ó Catháin, S., Nic an Bhreithimh, L & Ó Coimín, M., (2020), *ClubLeabhar.com*: Podchraoladh. Le fáil ag: <https://soundcloud.com/clubleabhar/leabhar-mhi-dheireadh-fomhair-2020-book-of-the-month-october-2020> (Ceadaithe: 14 Feabhra, 2021).



Gorta, Grá agus Gaisce: Léirmheas ar *Fonn A Níos Fiach* le Pádraig Ua Maoileoin

Leabhar Breac, Indreabhán, 2018 (1978, 1990)

ISBN: 9781911363446

Léirmheas le Marie Whelton

<https://doi.org/10.13025/qfwb-ke07>

Is é seo an tríú heagrán d'úrscéal gearr le Pádraig Ua Maoileoin a d'fhoilsigh Carbad ar dtús sa bhliain 1978. Tá an scéal suite i mbaile beag na Scairte sna blianta díreach tar éis an Ghorta Mhóir. Baile 'gránna deas' (5) is ea é dar leis an scéalaí agus mar a thugann an paradacsa sin le tuiscint, is baile é ina bhfuil codarsnacht ollmhór le sonrú idir saol na ndaoine bochta agus saol na ndaoine saibhre. Ar thaobh amháin den bhaile, tá an príomhcharachtar, Seán Mhicil, a bhean chéile, Máire, agus a muirear. Is teaghlach simplí bocht iad a mhaireann ar ghabháltas beag cois cósta. Tá taithí acu ar an ocraíocht ach is léir ón scéal gur mór acu luachanna clainne – idir ghrá, mhisneach, dhílseacht agus chomhroinnt. Ar an taobh eile, tá Braoiní, feirmeoir saibhir a chónaíonn i dteach mór agus a bhfuil cuid mhaith de mhuintir an bhaile 'i bhformad' leis agus leis an saol atá aige (11). Tá searbhónta, Freáilí, aige a dhéanann freastal air. In ainneoin an ghanntanais bia sa dúiche, níl aon easpa bia ar Bhraoiní ach a mhalairt – i bhfocal an scéalaí is é 'teaspach na flúirse' (56) atá air. Is iad an drúis agus an leithleachas a stiúran a bheatha (6). Leanann an t-úrscéal Seán Mhicil trí bhliain amháin ina shaol, ach, trí scéal Bhraoiní a insint mar fho-phlota sa chúlra, cuireann an t-údar treise ar na difríochtaí atá ann idir na carachtair.

Mórbhua de chuid an úrscéil is ea go n-éiríonn leis an údar anró na ndaoine bochta a léiriú gan géilleadh don duairceas ná don mhaoithneachas. Déanann an t-údar é sin trí Sheán Mhicil agus a theaghlach a léiriú mar dhaoine a mhaireann idir dóchas agus éadóchas. Is iad an dóchas agus an athléimneacht a sháraíonn sa streachailt sin i gcónaí, ach is é léiriú cáiríseach na streachailte a nochtann ardchumas scríbhneoireachta an údair.

Feictear an streachailt sin sna tagairtí don áit dúchais agus don dúlra. Aithnítear, mar shampla, gurb é an baile beag ‘parthas’ agus ‘purgadóireacht’ Sheáin Mhicil é (12) agus in ainneoin nach bhfuil mórán le hithe aici, tá Máire in ann aoibhneas agus taitneamh a bhaint as áilleacht dhiamhair na luathmhaidine agus an tsneachta:

Solas an lae agus gile an tsneachta lasmuigh a dhúisigh Máire... Chuir sí a ceann don fhuinneog agus chonaic sí an brat gléigeal suas go barr fíoraí agus síos go himeall an uisce. Ní raibh glór éin le clos, fead ná glao ó dhuine ná ó ainmhí. Déarfá go raibh an saol ar an saol eile. (68)

Feictear an streachailt chéanna sna tagairtí don bhia tríd an úrscéal síos. Ag an tús, glacann Seán Mhicil agus a chlann le pé bia a bhíonn acu mar thabhartas ó Dhia cé go mbíonn ar Sheán Mhicil féin iarracht an-mhór a dhéanamh chun teacht ar an mbia sin. Is é seo cuid den chaint a dhéanann sé, mar shampla, tar éis dó ceann de chaoirigh Bhraoiní a fháil marbh ag bun na haille:

Ceann de chaoirigh Bhraoiní, a chailín. Cabhair Dé chugainn. Is olc an ghaoth ná fóireann ar dhuine bocht éigin...

Ó, tabharthas ó Dhia, a chailín. Tabharthas ó Dhia. (15–6)

Agus is í seo an chaint dhóchasach a thagann ó Mháire nuair a phiocann sí an chéad fhómhar de phrátaí na bliana:

‘Dhera, tá an saol lán de mhíorúiltí Dé, a chroí,’ arsa an mháthair. ‘Féach cad tá againn i gcomhair an lae amáirigh, a Thomáisín,’ agus thaispeáin sí na prátaí nua dó. (30)

Laistigh de choicís, áfach, tagann an spota dubh ar na prátaí go léir sa bhaile agus tuigeann Seán Mhicil go mbeidh ‘bliain ocrach anróch rompu amach’ (33). Is é sin a spreagann é chun a chreideamh a cheistiú ó bhonn:

‘Níl aon Dia ann,’ arsa Seán. Níor labhair sé riamh mar seo cheana. Níor theip a chreideamh riamh air, ba chuma cén cruatan a bhí ag breith air. ‘Dá mbeadh,’ a dúirt sé, ‘daoine bochta

nár dhein aon éagóir ar aoinne riamh, ab ea is dóigh leat, a bhean, go dtiocfadh sé anuas mar seo orthu?’ (33)

Mar chuid den streachailt spioradálta sin luann sé go bhféadfaidís glacadh leis an ‘súp’. Tá sé an-soiléir go bhfuil Seán Mhicil ag labhairt as an duibheagán agus é ag iarraidh ciall a bhaint as na fórsaí reiligiúnacha agus cinniúnacha atá á chrá:

‘Deirtear go bhfuil daoine éigin ag teacht chugainn le súp...’

‘Is fíor, is é. Agus ar mh’anam go ndéanfaidh siad fóirithint ar dhaoine bochta má thagann siad anseo; gur rompu a chuirfear na múrtha fáilte. Ach caithfimid ár gcreideamh a mhalartú, más fíor, chun an súp a fháil uathu...’

‘Go saora Dia sinn, a Sheáin Mhicil. Agus beir greim ar do chiall agus ar do réasún, nó caithfidh mé fios a chur ar an sagart chugat.’

‘Fág uaim é,’ arsa Seán, ‘lig dom féin leis. Nach é a bheannaigh na prátaí nuair a bhíomar á gcur i dtalamh...’(33–4)

Ní ghéilleann sé go hiomlán don éadóchas riamh, áfach, agus feictear an teacht aniar atá ann nuair a fhilltear sé ón trá maidin eile le rón óg ag rá go n-íosfadh daoine ‘i mbliana rudaí nár itheadar riamh...’ (36).

Feictear, freisin, an tslí a bhfanann Seán Mhicil agus a bhean chéile dílis dá n-idéil in am an chruacháis agus an ocrais nuair a dhiúltaíonn siad an patachán (giorria óg atá ag a mac) a mharú le hithe (50–1). Is éifeachtach an tslí a n-éiríonn leis an údar an streachailt mhorálta trína dtéann na carachtair a léiriú agus is inniúil an tslí a dtaispeánann sé gur tábhachtaí don chlann seo an grá agus an cineáltas ná an béile éasca.

Is fearr le Seán Mhicil an tréanarracht a dhéanamh chun teacht ar bhéile agus dul sa tóir ar mháthair an phatacháin, is é sin an Cailín Rua, giorria fiáin tapa a bhí tugtha faoi deara ag Seán Mhicil roimhe sin. Cé go raibh ‘snaidhmeanna an ocrais’ (56) á spreagadh chun seilge, is léir ón sliocht seo thíos go n-aithníonn Seán Mhicil nach é an gá amháin ach an gaisce agus mian chianaosta fhearúil atá á ghríosadh:

Bhí an dá rud ag iomrascáil le chéile istigh ina aigne – seilg ar bhonn an gháthair agus an fiach ar a shon féin, ar shon an laochais agus an ghaisce, rud a bhí bunúsach go maith ina nádúir [*sic*]. (50)

Tá an cur síos ar an tóir féin lán le teannas agus le fuinneamh arís agus cuireann na meafair, na tagairtí don laochas agus na tagairtí ón mbéaloideas go mór leis an atmaisféar critheaglach draíochta. Comhrac aonair idir Seán Mhicil agus a mhacasamhail i gcath is ea an tóir – ar thaobh amháin cuirtear Seán Mhicil i gcomparáid le seabhac agus le héin chreiche fhíochmhara eile ag tús na tóra (62). Ar an taobh eile, tá an Cailín Rua. Cruthaítear íomhá chumhachtach ríoga di: tá sí éirimiúil, éalaitheach, cliste agus aclaí agus tagann sí leis an íomhá den ghiorria atá ar eolas ag Seán Mhicil ón mbéaloideas – gabhann draíocht agus asarlaíocht léi ina shamhlaíocht (66). Méadaíonn an meas atá ag Seán Mhicil ar an ngiorria de réir mar a théann an tóir ar aghaidh. Tugann sí dúshlán dó mar a bheadh bean inti agus mothaíonn sé gur leis í agus go gcaithfidh sé seilbh a ghabháil uirthi:

Bhraith sé ar chuma dhiamhair éigin gur leis féin feasta í, gur cuid de féin í, gurbh í a pheata leithleach féin í, ná féadfadh aoinne eile barr méire a leagan uirthi ach é féin... (110)

Cuirtear le teannas na tóra nuair a fhaigheann madra Sheáin Mhicil bás leis an ocras agus le teann na hiarrachta (95). Tuigtear uaidh sin go bhfuil Seán Mhicil féin i bprícal a anama – éilíonn an Cailín Rua an-iarracht go deo uaidh agus bíonn air a rian a leanúint i bhfad ó bhaile. In ainneoin a laige, áfach, leanann sé ar aghaidh tríd an tuirse agus an mbaol go bhfaigheann sé neart bréagach ó thaom laochais agus go n-éiríonn leis an Cailín Rua a chloí (116).

Ag an deireadh, tuigean Seán Mhicil go bhfuil éacht déanta aige agus tá sé bródúil as a ghaisce – samhlaíonn sé go mbeidh ‘a ainm i mbéal daoine feasta i gcéin is i gcóngar’ (117). Tuigean sé go gcuireann a éacht i measc na ríthe é seachas i measc na mbuachaillí (117) agus is léir go bhféachann sé ar chloí an ghiorria mar ghníomh a dheimhníonn a chuid fearúlachta. Filleann sé go caithréimeach ar an mbaile lena chreach (120–1), cuireann Máire fáilte bhródúil roimhe agus ligeann sí dó sásamh a bhaint as an nóiméad.

Is díol spéise é, nach gcloiseann Seán Mhicil faoi dhúnmharú Bhraoiní, go dtí an lá dár gcionn agus ag an bpointe sin, trí ‘scéal mór eile an lae inné’ (121) a thabhairt ar scéal an dúnmharaithe, cuireann Máire éacht a fir chéile ar comhchéim leis an dúnmharú agus bíonn ar an léitheoir an dá scéal a chur i gcomórtas lena chéile arís. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go bhfeictear Seán Mhicil mar laoch agus go bhfeictear Braoiní mar fhrithlaoch – slánaitheoir a chlainne is ea Seán Mhicil; cladhaire a mharaítear de bharr na drochshlí inar mhair sé is ea Braoiní. Ní hamháin sin, ach tugann bás Bhraoiní solás do Sheán Mhicil – is léir go n-athneartaítear a chreideamh i nDia toisc go bhfuair Braoiní an ní a bhí tuillte aige agus go bhfuil cothrom na Féinne i réim (122).

Más í tábhacht an ghrá agus an ghaisce in am an ghátair príomhthéama an úrscéil, ní hé sin le rá nach dtéann an t-údar i ngleic le go leor téamaí eile, freisin – pléitear téama na himirce, (17) mar shampla; tugtar léargas saintréitheach ar nósanna agus ar thraidisiúin an lucht siúil sna tagairtí do Mhaidhcí, Mhiní agus Neilín (72) agus tugtar léargas scanrúil ar shaol na mban sa chóras patrarcach a bhí i réim ag am an drochshaoil (11, 57).

Is léir faoi seo ón bhforbairt a dhéantar ar na carachtair agus ar na téamaí, ón teannas a chruthaítear sa phlota agus ón úsáid a bhaintear as codarsnacht agus íomhánna gléineacha go gcleachtann Pádraig Ua Maoileoin stíl fhíneálta shaibhir scéalaíochta. Tá go leor frásaí dúchasacha in úsáid aige tríd an úrscéal síos – luann sé an ‘liútar éatar’ (33) a bhí ar an mbaile, mar shampla, nuair a tháinig an aicíd dhubh ar na prátaí agus tá an cur síos ar an aicíd chéanna cumhachtach agus scéiniúil óir cuireann sé an aicíd i láthair mar chailín dochrach mailíseach a easanálaíonn ‘a hanáil dhiamhair dhubh’ (32) ar fud an cheantair. Sa tslí chéanna, ardaíonn an pearsantú a dhéanann an t-údar ar an nGiorria í go leibhéal banríona. Má tá aon locht le fáil ar an stíl, is féidir go dtéann an cur síos ar an tóir chun fadálachta ag pointí áirithe (110–1, go háirithe).

Ar an iomlán, áfach, is seodnóibhille é seo idir ábhar agus stíl. Pléitear an fhlúirse agus an gorta, an drúis agus an grá, an chlaidhreach agus an gaisce le líofacht agus le gléine neamhghnáthach stíle. Tríd an dara leathcheann sna codarsnachtaí sin (gorta, grá agus gaisce) a aibhsiú tríd an úrscéal síos, éiríonn leis an údar ceiliúradh tuisceanach fileata a dhéanamh ar shlí mhaireachtála agus ar sheasmhacht na ndaoine bochta aimsir an drochshaoil agus in am an chruatain (121). Tá moladh mór tuillte ag na foilsitheoirí, Leabhar Breac, as an eagrán nua seo a chur ar fáil do ghlúin úr léitheoirí.

Leabharliosta

Ó Saothraí, S., (1979) ‘Thiar i nDúiche Sheoigheach,’ *Books Ireland*, No. 36, September.

140–1.

Titley, A., (2020) ‘Is annamh a chuirtear athchló ar chlasaicí na Gaeilge ach seo chugainn ceann acu,’ www.tuairisc.ie, 13 Iúil. (Léite: 20 Samhain 2020).



Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

Darragh Mac Giolla Phádraig

Is as Co. Cheatharlach ó dhúchas do Dharragh agus tá sé ag cur faoi i nGaillimh. Bhain sé céim chéadonóracha amach i nGaeilge agus i Léann an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2020. Tá spéis ar leith ag Darragh i gcúrsaí aistriúcháin agus i nithe a bhaineann le cur chun cinn na teanga. Tá sé ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.

Ciarán Mac Uidhir

Is as Cnoc Liamhna i mBaile Átha Cliath do Chiarán. Bhain sé céim sa Ghaeilge Fheidhmeach amach ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh in 2017. Tá sé ag déanamh staidéir ar an MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair agus suim ar leith aige sa teangeolaíocht, sochtheangeolaíocht agus pleanáil teanga.

Niamh Ní Chuinn

Is as Port Laoise, Co. Laoise ó dhúchas do Niamh. Chaith sí cúig shamhradh ag foghlaim agus ag múineadh na Gaeilge i gColáistí Chorca Dhuibhne, i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí. Bronnadh céim onóracha uirthi ó Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2019. Rinne sí an tionscadal taighde i mbliain na céime ar stráitéisí léamhthuisceana a fhorbairt sa seomra ranga.

Niall Ó Cléirigh

Is as Baile Átha Cliath do Niall. Bhain sé amach céim sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus MA sa nua-Ghaeilge ó Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Tá spéis ag Niall sa nasc idir cúrsaí teanga agus ceisteanna socheacnamaíochta chomh maith le stair na Gaeilge.

Tadhg Ó Duinnshléibhe

Is as Nás na Ríogh, Co. Chill Dara ó dhúchas do Thadhg. Bhain sé céim amach sna Teangacha Feidhmeacha ó Ollscoil Luimnigh in 2016. Chaith sé tréimhse i ndiaidh na céime ag taisteal ar fud an domhain agus ag maireachtaint san Eoraip. Anois, tá Gaeilge á múineadh aige i meánscoil i gContae Átha Cliath. Ina theannta sin, tá sé ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.

Máire Uí Dhufaigh

Is as Inis Oírr in Oileáin Árann í Máire. Oileadh ina múinteoir bunscoile í i gColáiste Oiliúna Bhantiarna na Trócaire i mBaile Átha Cliath agus chaith sí formhór a saoil ag múineadh bunscoile i mBaile Átha Cliath. Chaith sí trí bliana ag obair mar Oifigeach Oideachais in Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus bhí sí ina Comhordaitheoir Náisiúnta ar scéim de chuid na Roinne Oideachais a chuir an pacáiste teagaisc *Séideán Sí* ar fáil do na scoileanna Gaeltachta agus na Gaelscoileanna. Tá dhá dhuais buaite aici i gComórtas Líteartha an Oireachtais agus trí leabhar do dhaoine óga foilsithe aici. Tá Dioplóma aici sa bPleanáil Teanga agus í gníomhach go deonach sa réimse seo le fada. Faoi láthair tá sí i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga le hOllscoil na hÉireann Gaillimh.



Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

Padaí de Bléine

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamus, agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscealta do pháiste aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá: *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra* agus *Cúláilte* le Michael Morpuogo. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseámaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le Anne Holm aistrithe go Gaeilge aige.

Keith Dowling

Is as Lios Dúin Bhearna i gContae an Chláir ó dhúchas do Keith Dowling. Tá sé i mbliain na céime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair agus tá Léann an Aistriúcháin agus Fraincis idir lámha aige. Tá suim dhomhain ag Keith sna teangacha agus i gcúrsaí aistriúcháin ó bhí sé sa mheánscoil. Tá eagarthóireacht déanta aige ar *An Finn-Dia (The Fair God)* a d'aistrigh an Cláiríneach mór le rá Micheál Ó Gríobhtha in 1935. Chaith Keith bliain ag múineadh an Bhéarla i meánscoil in Lille i dtuaisceart na Fraince in 2019–2020 agus beidh sé ag dul ar ais i Meán Fómhair chun post nua a thosú mar theagascóir Béarla in Ollscoil Lille. Ba mhaith le Keith coinneáil ag obair leis na teangacha amach anseo.

Seán Mac Corraidh

Is léachtóir sinsearach é an Dr Seán Mac Corraidh a bhíonn ag teagasc theanga agus litríocht na Gaeilge i Roinn na Gaeilge ar chúrsaí BEd agus BA i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus i Roinn na Gaelscolaíochta ag comheagrú Cúrsa Feabhsaithe Gaeilge do

mhic léinn PGCE iar-bhunscolaíochta de chuid Ollscoil na Ríona agus Ollscoil Uladh. Tá saothar leis foilsithe sna réimsí seo léinn: aistriúchán litríochta, béaloideas, teagasc litríocht na Gaeilge, scéalaíocht agus amhránaíocht na Gaeilge, fóineolaíocht agus gramadach na Gaeilge, teangeolaíocht fheidhmeach agus oideolaíocht don teagasc sa tumoideachas Gaeilge ón bhonnleibhéal go dtí an tríú leibhéal. Gan mhoill i mbliana fosta, foilseofar saothar eile leis ar an fhéineitneagrafaíocht agus ar úsáid scríofa na Gaeilge i measc dhaltaí bhliain a dó dhéag san iar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge ó thuaidh.

Belinda McHale

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Belinda. Tá céim BA aici sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith leis an Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, MA sa Nua-Ghaeilge, Diplóma sa Fhraincis, agus Teastas Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim ón Ollscoil chéanna. Tá spéis faoi leith aici i dteagasc na Gaeilge, san fhoghlaim fhéinriartha agus san fhoghlaim mhachnamhach, mar aon le modhanna measúnaithe agus aiseolais.

Raymona Ní Chonail

In 2020, bronnadh céim chéadonóracha ar Raymona sna Teangacha Feidhmeacha in Ollscoil Luimnigh. I mbliain na céime, bhí deis aici tráchtas a scríobh faoi ábhar ar bith agus thug sí faoi thaighde ar an gcaoi a bhfuil an deighilt idir an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht ag cúngú a bhúil leis na meáin shóisialta. I mbliana, thug sí faoi thogra nua: suíomh foghlama Gaeilge darb ainm *Gaeilge Nua*, suíomh atá le seoladh an samhradh seo.

Christine Ní Chathasaigh

Tógadh Christine i ndeisceart Chiarraí, ceantar darbh ainm An Neidín. Is ansin a bhfuair sí a cuid oideachais bunscoile agus meánscoile. Tar éis na hArdteiste in 2009, chuaigh sí i mbun staidéir i gColáiste San Aingeal i Sligeach. Bhain sí BOid san Eacnamaíocht Bhaile agus Gaeilge amach. Ghlac sí post in iar-bhunscoil Lán-Ghaeilge in 2013 agus is ansin atá sí ó shin. Bhain sí MOid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta amach in 2020.

Neasa Ní Chiaráin

Tá an Dr Neasa Ní Chiaráin ina hOllamh Cúnta Ussher le Teicneolaíocht Urlabhra agus Teanga don Ghaeilge, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sí ag obair sa tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra, áit a bhfuil abair.ie mar phríomhthogra acu. Chomh maith le bheith ag obair ar na bunteicneolaíochtaí urlabhra – guthanna sintéiseacha agus aithint cainte – tá spéis aici sa nasc idir an teicneolaíocht, an teangeolaíocht agus oideolaíocht. Tá togra reatha aici dírithe ar fhoghlaimoirí Gaeilge ar a dtugtar *An Scéalaí*. Tá sé mar aidhm ag an togra ‘Foghlaim Ríomhchuidithe Teangacha’ seo uirlisí éagsúla teicneolaíochta teanga don Ghaeilge a chur ar aon ardán amháin agus iad a chur in oiriúint d’fhoghlaimoirí atá ag leibhéal éagsúla cumais.

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

T.J. Ó Ceallaigh

Tá T.J. Ó Ceallaigh mar stiúrthóir ar an MOid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Mar iar-phríomhoide tumoideachais, tá spéis faoi leith aige i ról an cheannaire theagasc, in oideolaíocht a bhaineann le teagasc comhtháite ábhar agus teangacha agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i gcomhthéacs an tumoideachais, ach go háirithe. Rinne an Dr Ó Ceallaigh comheagarthóireacht le déanaí ar leabhar ar an ábhar, *Teacher Development for Immersion and Content-based Instruction* (Benjamins, 2020) i dteannta le Laurent Cammarata, PhD, Ollscoil Alberta, Ceanada.

Dónal Ó Droighneáin

Is as Cois Fharraige i gCo. na Gaillimhe do Dhónal agus oibríonn sé mar Fheidhmeannach Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Ionad Charna). Tá speisialtóireacht aige sa bhéaloideas agus sa chultúr traidisiúnta. Is é Dónal stiúrthóir an Diploma sa Chultúr Dúchais agus bíonn sé ag teagasc ar an gcúrsa sin agus ar chúrsaí eile de chuid an Acadaimh, ó ghearrchúrsaí go leibhéal céime agus Ard-Diplóma. Le blianta beaga anuas tá spéis faoi leith curtha aige i gceirdeanna agus bealaí maireachtála traidisiúnta, mar atá le feiceáil san alt seo uaidh.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino agus is údar í ar: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008); *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR 2013, 2015); *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR 2017) agus *Giolcaireacht sa Ghairdín: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR 2018). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne, scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM 2009). Ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Baitsiléireacht san Oideachas trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino.

Nótaí

Nótaí

